

# Longford County Council Annual Report 2006



Tuarascáil Bhliantúil 2006  
Comhairle Chontae Longfoirt

BROLLACH	1
RÉAMHRÁ	2
COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE LONGFOIRT	3
BALLRAÍOCHT NA gCOISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH	4
TUARASCÁIL AR OBAIR NA gCOISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH LE LINN 2006	6
NA PRÍOMHFHEIDHMEANNA	10
BEARTAIS UM IOMPAR, UM FHORBAIRT & SHÁBHÁILTEACHT BÓITHRE	11
SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS BEARTAIS CHOMHSHAOIL	15
BEARTAS TITHÍOCHTA & SÓISIALTA, BEARTAS PLEANÁLA & RIALAITHE THÓGÁLA	29
AIRGEADAS	37
BEARTAIS UM FHORBAIRT GHEILLEAGRACH, UM ATHNUACHAN UIRBEACH & TUAITHE AGUS BEARTAIS CHULTÚIR AGUS ÁINEASA	46
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFHEIDHMITHE AN PHLEAN CHORPARÁIDIGH	69
TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE	75



## Brollach

An Comhairleoir Paddy Belton • MÉARA



### Is cúis áthais dom mar Mhéara Chomhairle Contae Longfoirt an Tuarascáil Bhliantúil a chur faoi do bhráid ina bhfuil sonraí ghníomhaíochta na Comhairle le linn 2006

**L**éiríonn na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil seo cé chomh leathan agus éagsúil is a bhí an clár oibre a raibh baint ag an gComhairle leis le linn 2006. Léirítear dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le gnéithe uile na Comhairle.

Tá an Plean Corparáideach a bhaineann leis an tréimhse do dtí 2009 lenar ghlac Comhairle Contae Longfoirt i bhfeidhm agus mar an chreatlach lena bhfuil an Chomhairle ag tabhairt faoina cuid gníomhaíochtaí. Is teimpléad é Plean Forbartha an Chontae d'fhorbairt leanúnach ár gContae sa tréimhse seo agus an fás agus athrú is mó ar siúl ná mar a bhí riamh.

Tá an Chomhairle ag déanamh iarrachta cur chuige ilchineálach a chur i bhfeidhm maidir le forbairt bonneagair agus seirbhísí ar fud an chontae. An chúis leis seo ná go bhfuil sé riachtanach forbairt a dhéanamh i ndiaidh a chéile i mbonneagar geilleagrach agus i mbonneagar sóisialta an chontae d'fhonn go mbainfidh muintir an chontae ar fad tairbhe as an infheistíocht atá á déanamh ag an gComhairle. Is údar sásaimh é d'Ionadaithe Tofa agus d'oifigigh an Chontae na céimeanna móra atá á nglacadh maidir leis seo a fheiceáil.

Leanann an Chomhairle ag soláthar tithíochta dóibh siúd ar gá leo a leithéid agus glactar le gach deis lena chinntiú go bhfuil rochtain ag iarratasóirí cáilithe ar na roghanna éagsúla tithíochta atá ar fáil dóibh agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na bearta atá i bPlean Cóiríochta an Lucht Siúil 2005-2008 a chur i bhfeidhm.

Tá an Chomhairle chun cinn i dtaca lena tacaíocht do na hEalaíona, do na Spóirt agus don Fhóillíocht sa Chontae. Táthar gafa le réimse leathan gníomhaíochtaí i dtaca leis na healaíona a chur chun cinn, agus le soláthar a dhéanamh d'áiseanna spóirt agus imeartha. Tá iarrachtaí ar siúl go leanúnach i ndáil le daoine óga inár gcontae a mhealladh le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí na Comhairle. Táthar ag súil go gcuirfidh an obair luachmhar seo ar fad le cur chun cinn an idéil ar Shaoránacht Ghníomhach a chinnteoidh go mbeidh na glúine sa todhchaí in ann tairbhe a bhaint as sochaí ilghnéitheach agus uilechuimsitheach. Bhí ról lárnach ag gach rannóg sa Chomhairle i soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí ardchaighdeán go leanúnach dár gcustaiméirí, mar atá le feiceáil sa tuarascáil.

Táim an-bhuíoch de Chomhaltaí na Comhairle as a gcomhoibriú agus a gcuid tacaíochta a rinne mo chuid oibre níos éasca dá bharr. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le Bainistíocht agus le fostaithe na Comhairle as a ndílseacht agus a dtiomantas domsa agus do mhuintir Longfoirt, a ndéanaimid uile freastal uirthi, trí sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar. Mar chríoch molaim an tuarascáil seo do mhuintir Longfoirt mar léargas ginearálta den scoth ar an obair luachmhar a rinne an Chomhairle sa bhliain 2006.

*Paddy Belton*



## Réamhrá

### An tUasal Tim Caf frey BAINISTEOR AN CHONTAE



Is cúis áthais dom é mar Bhainisteoir an Chontae fáilte a chur roimh fhoilsiú Tuarascála Bliantúla Chomhairle Contae Longfoirt don bhliain 2006

**A**gus an Tuarascáil Bhliantúil foilsithe tá deis ann athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Comhairle agus ar chaighdeán na seirbhísí a chuir sí ar fáil i 2006. Chomh maith leis sin déanann an tuarascáil taifead ar mhórgnóimhaíochtaí na Comhairle i dtaca le soláthar bonneagair. Leis seo tugtar deis chomh maith don Chomhairle poiblíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí ina raibh páirt aici iontu, sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil.

Ó ceapadh mé mar Bhainisteoir an Chontae i mí an Mhárta 2006, bhí an deis agam obair go dlúth leis na hIonadaithe Tofa agus le fostaithe na Comhairle. Táim sásta go bhfuil na páirtithe go léir lena mbaineann go hiomlán tiomanta agus dírithe chun a chinntiú go bhfuil feabhsúcháin leanúnacha ar siúl i soláthar seirbhísí na Comhairle agus i bhforbairt an chontae go dtí uasmhéid a hacmhainne.

Tá éileamh ann atá ag méadú do leathnú amach na líonraí uisce agus séarachais agus do thógáil na mbóithre a chuirfidh le forbairt gheilleagrach an chontae. Tá an Chomhairle tosaithe ar an obair le líon tionscadal bhonneagair shóisialta a sholáthar lena n-áirítear áiseanna feabhsaithe leabharlainne Bhaile Uí Mhatháin, linn snámha nua i Longfoirt agus áiteanna súgartha i líon bailte agus sráidbhailte. Trí rochtain a fháil ar mhaoiniú atá ar fáil di chuir an Chomhairle le feabhsúchán mealltacha amhairc de líon mór bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae.

Tá na Comhaltaí Tofa ag cur le dul chun cinn aidhmeanna corparáideacha na Comhairle.

Tugtar tuairisc chun dáta do mhuintir Longfoirt go rialta i dtaca leis an dul chun cinn atá á dhéanamh. Go ginearálta táthar ag cur in iúl a sásamh dom i ndáil leis an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le forbairt gheilleagrach agus shóisialta an chontae. Mar thoradh ar dhílárú Sheirbhís Príosún na hÉireann a cheaptar a bheith ann sna míonna amach romhainn cuirfear go mór leis an gceantar, go heacnamaíoch agus go sóisialta.

Sa bhliain 2006 thug an Chomhairle an-chuid ama agus acmhainní chun atheagrú a dhéanamh ar a cuid struchtúr d'fhonn go mbeidís in ann freastal níos fearr a dhéanamh ar mhuintir an chontae. Tá an t-atheagrúchán seo beagnach curtha i gcrích. Chomh maith leis sin cuireadh tús le Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Ag eascairt as seo ba chóir go mbeadh feabhsúcháin i soláthar seirbhísí na Comhairle, úsáid níos fearr d'acmhainní na Comhairle agus dóthain oiliúna oiriúnaí curtha ar fáil d'fhostaithe na Comhairle.

Táim ag súil le leanúint agus le bheith ag obair le foireann na Comhairle, leis na Comhaltaí Tofa, le gníomhaireachtaí eile agus leis an earnáil phobail d'fhonn éascú a dhéanamh ar feabhsú leanúnach timpeallachta maireachtála Chontae Longfoirt.



# Comhaltaí Chomhairle Contae Longfoirt

## Toghlímistéar Bhaile Uí Mhatháin



Larry Bannon

Paddy Belton

Mick Cahill

Sean Farrell

Adrian Farrell

Barney Steele

## Toghlímistéar Dhroim Lis




Gerry Brady

Luie McEntire

Martin Mulleady

## Toghlímistéar Ghránaid



James Coyle

Martin Farrell

Frank Kilbride

Maura Kilbride-Harkin

P.J. Reilly

## Toghlímistéar Longfoirt



Denis Glennon

Victor Kienan

Alan Mitchell

Peter Murphy



Michael Nevin

Peggy Nolan

Seamus Butler



# Ballraíocht na gCoistí um Beartas Straitéiseach

Comhairle Chontae Longfoirt

## Tithíocht, Foirgníocht, Beartas Sóisialta, Beartas Smachta Phleanála agus Fhoirgníochta.

Cathaoirleach:	An Comhairleoir Alan Mitchell
Ionadaithe Chomhairle Contae Longfoirt:	An Comhairleoir Maura Kilbride-Harkin An Comhairleoir Victor Kiernan An Comhairleoir Martin Mulleady An Comhairleoir Peter Murphy An Comhairleoir P.J. Reilly
Ionadaí Chomhairle Baile Longfoirt	An Comhairleoir James Keogh
Ionadaithe Earnálacha: 1 Forbairt/Tógáil: 3 Pobal & Deonach:	Mr. Kevin Hughes, Cónaidhm an Tionscail Thógála Ms. Helena Doyle, Líonra Chontae Longfoirt do Dhaoine le Míchumas Ms. Mary Kennedy, Schizophrenia Ireland (Craobh Longfoirt) Ms. Julia Mongan, Gluaiseacht Lucht Siúil Longfoirt

## Beartais um Iompar, um Fhorbairt & Shábháilteacht Bóithre:

Cathaoirleach	An Comhairleoir Adrian Farrell
Ionadaithe Chomhairle Contae Longfoirt:	An Comhairleoir Larry Bannon An Comhairleoir Paddy Belton An Comhairleoir James Coyle An Comhairleoir Luie McEntire
Ionadaí Chomhairle Baile Ghránaird	An Comhairleoir Edward Kelly
Ionadaithe Earnálacha: 1 Talmhaíocht/Feirmeoireacht: 1 Ceardchumann: 1 Pobal & Deonach:	Mr. Seamus Treacy, Irish Co-Operate Organisation Society Mr. Bernard Nolan, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) Mr. Oliver Cassidy, Granard Area Action Group



# Ballraíocht na gCoistí um Beartas Straitéiseach

## Comhairle Chontae Longfoirt

### Beartas um Sheirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Cathaoirleach	An Comhairleoir Martin Farrell
Ionadaithe Chomhairle Contae Longfoirt:	An Comhairleoir Gerry Brady An Comhairleoir Seamus Butler An Comhairleoir Mick Cahill An Comhairleoir Peggy Nolan
Ionadaí Chomhairle Baile Ghránaird	An Comhairleoir Carmel Fay
Ionadaithe Earnálacha: 1 Talmhaíocht/Feirmeoireacht: 2 Pobal & Deonach:	Mr. Albert Cooney, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) Mr. Parvez Butt, Newtownforbes Development Ms. Gen Doherty, Bantracht na Tuaithe

### Beartais um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe agus Beartais Chultúir agus Áineasa

Cathaoirleach	An Comhairleoir Barney Steele
<b>Longford County Council Representatives</b>	An Comhairleoir Sean Farrell An Comhairleoir Denis Glennon An Comhairleoir Frank Kilbride An Comhairleoir Michael Nevin
Ionadaí Chomhairle Baile Longfoirt	An Comhairleoir Paul Connell
Ionadaithe Earnálacha: 1 Gnó/Tráchtáil: 2 Pobal & Deonach:	Mr. Brian Dillon, Cumann Tráchtála Longfoirt* Mr. Philip Dawson, LD Dance Trust Ltd. Mr. Terry McKenna, Ballinamuck Community Enterprise Ltd.

\* Tháinig Mr Brian Dillon in áit Mr Noel McKiernan mar ionadaí Chumann Tráchtála Longfoirt sa bhliain 2006.



# Tuarascáil ar Obair na gCoistí um Beartas Straitéiseach le linn 2006

Comhairle Chontae Longfoirt

## Tithíocht, Foirgníocht, Sóisialta; Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála:

Tháinig an Coiste um Beartas Straitéiseach le chéile deich n-uaire le linn 2006. Is iad seo a leanas dátaí na gcuinnithe:-

- 23 Eanáir, 2006
- 27 Feabhra, 2006
- 27 Márta, 2006
- 24 Aibreán, 2006
- 29 Bealtaine, 2006
- 26 Meitheamh 2006
- 24 Iúil 2006
- 25 Meán Fómhair 2006
- 16 Deireadh Fómhair 2006
- 27 Samhain 2006

Is iad seo a leanas liosta saincheisteanna éagsúla a ndearna an Coiste breithniú orthu sa bhliain 2006:-

- Comhaontú Tionóntachta
- Scéim Cíosanna Dífreálacha
- Suirbhé Bainistíochta Dramhaíola
- Dréacht-Tuarascáil Tithíochta
- Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Rialacháin um Chaighdeán Tithíochta.
- Scéimeanna do Dhaoine faoi Mhíchumas & Deisiúchán Riachtanach – foráil Aisghlámtha.
- Scéim Tosaíochtaí Ligin – Cuid V Tithíocht Inacmhainne
- Treoirlínte Fuinnimh Ghaoithe do na hÚdaráis Phleanála
- Beartas um Thógáil i gCúram d'Fhorbairtí Tithíochta Priobháideacha
- Doiciméad um Iompraíocht Fhrithshóisialta
- Tithe níos Glaise – Deontais ar Fáil





# Tuarascáil ar Obair na gCoistí um Beartas Straitéiseach le linn 2006

Comhairle Chontae Longfoirt

## Beartas um Iompar, um Fhorbairt & Shábháilteacht Bóithre

Tháinig an Coiste um Beartas Straitéiseach le chéile trí huairé le linn 2006 agus an phríomhaidhm a bhí ann ná a chinntiú go gcuiríonn beartais iompair bhonneagair agus infheistíocht le forbairt gheilleagrach agus shóisialta Chontae Longfoirt, agus áilleacht ar leith chomh maith le timpeallacht an chontae a chaomhnú agus a fheabhsú.

Is iad seo a leanas laethanta agus dátaí na gcruinnithe:-

- Dé Céadaoin 1 Márta, 2006
- Dé Máirt 30 Bealtaine, 2006
- Dé Máirt 24 Deireadh Fómhair, 2006

Is iad seo a leanas na príomhnithe a bhí le plé agus le meas:-

1. Saincheisteanna a aithint le meas ag cruinnithe SPC amach anseo.
2. Tosaíocht a thabhairt do bhóithre Náisiúnta agus do bhóithre nach bóithre Náisiúnta iad de réir na dTreoirínte do Phleanáil Réigiúnach agus na Straitéise Spásúla Náisiúnta.
3. Na Treoirínte um Iarratas ar Luasteorainneacha Speisialta a mheas.
4. Beartas maidir leis na critéir incháilitheachta do Dheontais Feabhsúcháin Áitiúla.
5. Forbairt ar bheartas athbheithnithe maidir le Ceadúnais Oscailte Bóithre



# Tuarascáil ar Obair na gCoistí um Beartas Straitéiseach le linn 2006

Comhairle Chontae Longfoirt

## Beartas um Sheirbhísí Uisce agus Comhshaoil

Tháinig an Coiste um Beartas Straitéiseach le chéile ceithre huairé le linn 2006. Is iad seo a leanas na gnéithe agus na moltaí a tógadh san áireamh

### 21 Márta 2006

- Clár Feasachta Comhshaoil 2006 & Bailiúchán Earraí Móra 2006.
- Cur i láthair ar Fheidhmiú an Achta um Thruaillíú ó Bhruscar 1997 – 2003.
- Tuairisc na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta ar 'Implementing a Waiver System' a mheas.
- Cairt Chustaiméirí ar Sheirbhísí leasaithe – Soláthar Uisce agus Cóireáil Fuíolluisce (custaiméirí tráchtála)

### 26 Meitheamh 2006

- Comhchruinniú leis na Seirbhísí Uisce agus na Seirbhísí Comhshaoil den S.P.C, leis an S.P.C Tithíochta agus Sóisialta, agus leis an S.P.C Pleanála agus Rialaithe Thógála.
- Staidpháipéar ar Shocruithe Bailithe Bhruscair maidir le Tionóntaí Tithíochta Comhairle Áitiúla

### 2 Deireadh Fómhair 2006

- Measúnú ar Riachtanais – Clár Seirbhísí um Infheistíocht Uisce.
- Dréacht-Fhodhlíthe ar Reiligí.
- Tuairisc chun dáta maidir le Tionscnamh Phoist Longfoirt.
- Tuairisc chun dáta i dtaca leis an Tionscadal Méadraithe a chur i bhfeidhm.
- Áiseanna Beir Chuige agus Láithreacha Conláiste Cathartha

### 13 Samhain 2006

- Breithniú a dhéanamh maidir le forbairt beartais i dtaca le tuilte
- Clár Infheistíochta Caipitil um Sheirbhísí Uisce
- Tuairisc chun dáta ar ullmhú na nDréacht-Fhodhlíthe ar Reiligí.
- Tuairisc chun dáta ag léiriú an dul chun cinn atá déanta maidir leis an Tionscadal Méadraithe.
- Leathnú amach na nÁiseanna Beir Chuige.



# Tuarascáil ar Obair na gCoistí um Beartas Straitéiseach le linn 2006

Comhairle Chontae Longfoirt

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, Uirbeach agus Tuaithe, Chultúir agus Áineasa

Tháinig an Coiste um Beartas Straitéiseach le chéile 5 huaire sa bhliain 2006. Phléigh an coiste na saincheisteanna seo a leanas:-

- Tionscadal Leathanbhanda Longfoirt
- Scéimeanna Grúpaí Leathanbhanda
- Scéimeanna Clár agus RAPID
- Beartas Imeartha
- Linn Snámha Longfoirt
- Seirbhísí Cultúrtha
- Beartas um Ghearradh Féir
- Beartas um Fhorbairt Turasóireachta
- Comórtas do Mhórtas Longfoirt
- Scéim Caipitil d'Áiseanna Sóisialta & Pobail
- Clár Fónais Trí bliana – Scéim do Ranníocaíocht Forbartha
- Pleananna Ceantair Áitiúil
- Laghorthaigh faoi Úinéireacht Stáit
- Ionad Oidhreacht Ardach
- Straitéis Náisiúnta um Míchumas
- Tionscadal Mhúsaem Longfoirt



# Príomhfheidhmeanna

## Comhairle Chontae Longfoirt

Tá foráil déanta anois do príomhsheirbhísí Chomhairle Contae Longfoirt laistigh den struchtúr Stiúrthóireachta seo a leanas. Baineann na cúig Stiúrthóireacht leis na réimsí seo a leanas:-

- Beartais um Iompar, um Fhorbairt Bóithre, um Chothabháil & Shábháilteacht Bóithre
- Beartais um Sheirbhísí Uisce & Comhshaoil
- Beartais Tithíochta, Shóisialta, Phleanála & Rialaithe Thógála
- Airgeadas
- Beartais um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, Chultúr & Áineasa



# Beartas um Iompar, um Fhorbairt Bóithre, um Chothabháil & Shábháilteacht Bóithre



An Comhairleoir  
Adrian Farrell



Mr Jack Kilgallen  
Stiúrthóir Seirbhísí

# Beartas um Iompar, um Fhorbairt Bóithre, um Chothabháil & Shábháilteacht Bóithre

## Comhairle Chontae Longfoirt

**T**á sé mar príomhaidhm ag Comhairle Contae Longfoirt go gcuidíonn na beartais iompair bhonneagair agus na hinfheistíochtaí le forbairt gheilleagrach agus shóisialta an chontae. Príomhaidhm eile is ea go gcaomhnaítear áilleacht fhisiciúil an chontae chomh maith le timpeallacht an chontae.

Tá Longfort lonnaithe go straitéiseach gar do lár na hÉireann agus trasnaítear é trí na Príomhbhealaí Náisiúnta N4 agus N5 agus trí na Bealaí Náisiúnta Tánaisteacha N55 agus N63. Cothaíonn na bealaí seo sreabha tráchta shuntasacha ar fud an chontae.

Bunriachtanas d'fhorbairt Chontae Longfoirt is ea go bhfuil an líonra bóithre in ann do mhéid an tráchta atá ann faoi láthair agus a mheastar bheith ann amach anseo agus do na riachtanais sábháilteachta. Chun gníomhaíocht gheilleagrach a neartú tá gá le tacaíocht líonra bóithre dea-cháilíochta. Aithnítear, má tá Longfort le tairbhe éifeachtach a bhaint as an bhfás reatha sa tionscal, talmhaíocht agus turasóireacht agus as na taitneamhachtaí lochanna, aibhneacha agus áilleachta radhairc, ní mór don líonra bóithre, go háirithe na bóithre réigiúnacha agus tuaithe, bheith de chaighdeán cuí, fáilteach agus sábháilte do chuariteoirí agus do dhaoine áitiúla chomh maith.

Ach amháin do líon teoranta bóithre atá faoi údarás Chomhairle Baile Longfoirt, tá Comhairle Chontae Longfoirt freagrach as an líonra bóithre poiblí a sholáthar, a fheabhsú agus a chothabháil laistigh den Chontae. Faoi láthair is iad seo a leanas briseadh síos na mbóithre faoi údarás na Comhairle Contae:

Aicmiú	Náisiúnta Príomhúil	Náisiúnta Tánaisteach	Réigiúnach	Áitiúil	Iomlán
Limistéar Thuaidh (km)	-	13	53	654	<b>720</b>
Limistéar Láir (km)	33	18	20	224	<b>295</b>
Limistéar Theas (km)	15	25	78	452	<b>570</b>
Ciliméadair san Iomlán	<b>48</b>	<b>56</b>	<b>151</b>	<b>1331</b>	<b>1585</b>

# Beartas um Iompar, um Fhorbairt Bóithre, um Chothabháil & Shábháilteacht Bóithre

## Comhairle Chontae Longfoirt

Is é seo a leanas an tAirgeadas a bhí ar fáil don Chomhairle sa bhliain 2006:

### 1. Bóithre Náisiúnta (Deontais ón Údarás Náisiúnta Bóithre):

Mórphleanáil & Dearadh:	€550,000
Mór-oibreacha:	€5,500,000
Obair Feabhsúcháin Eile:	€3,300,000
Clár Bacainne Sábháilteachta:	€50,000
Oibreacha Cothabhála:	€814,003
Moilliú Tráichta:	€460,000
Oibreacha Feabhsúcháin Shábháilteachta:	€565,000

**Iomlán: €11,239,003**

### 2. Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad (Deontais na Roinne Comhshaoil & an Rialtais Áitiúil):

Oibreacha Feabhsúcháin ar Leith:	€1,750,000
Oibreacha Feabhsúcháin Athshlánaithe:	€3,715,000
Oibreacha Cothabhála Athshlánaithe:	€1,235,000
Oibreacha Feabhsúcháin Roghnach	€400,000
Oibreacha Cothabhála Roghnach:	€473,000
Soilse/Droichid LS, LT & NS (Clár):	€224,284
Oibreacha Feabhsúcháin Shábháilteachta ar Chostas Íseal:	€103,600
Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil:	€792,432
Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil (Clár):	€253,771
Comharthaíocht Bóithre Réigiúnach:	€50,000
Clár Oiliúna:	€22,000

**Iomlán: €9,019,087**

### Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

**(Ranníocaíocht na Comhairle): €950,000**

**BUISEAD IOMLÁN: €21,208,090**

# Beartas um Iompar, um Fhorbairt Bóithre, um Chothabháil & Shábháilteacht Bóithre

## Comhairle Chontae Longfoirt

Tá dul chun cinn déanta ar Dhearadh na dTionscadal Bhonneagair i gcomhar le hOifig Dearaidh an Údaráis Bóithre Náisiúnta mar seo a leanas:

- Ghlac an Chomhairle le tograí de Chuid 8 (Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001) i dtaca le Seachbhóthar Longfoirt N5 i mí Dheireadh Fómhair 2006. Táthar ag feitheamh ar fhoilsiú chead an Ordaithe Cheannaigh Éigeantaigh (CPO).
- Tá Bóthar Faoisimh Inmheánaigh Mheathas Troim beagnach críochnaithe;
- Tá Feabhsúchán ar an N4 ó Longfort go Meathas Troim ag an Réamhchéim Dearaidh. Tá Staidéar Féidearthachta do Dhébhealach ar siúl faoi láthair.
- Tá Céim 1 de Fheabhsúchán an bhóthair N4 ó Longfort go Rúscaigh ag dul ar aghaidh. Tá Réamhchéim Dearaidh de Chéim 2 agus de Sheachród an Leasa Bhric ar siúl faoi láthair;
- Táthar ag leanúint le céim fhorfheidhmithe an Phlean Atkins/McCarthy ar na Bóithre Náisiúnta den Dara Grád.

Éascaíodh agus cuireadh i bhfeidhm na hOibreacha Feabhsúcháin agus Cothabhála eile ar fad trí dhá Oifig Innealtóireachta an Cheantair agus trí Oifig Dearaidh na Comhairle.



# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)



An Comhairleoir  
Martin Farrell



Mr Roger Timlin  
Stiúrthóir Seirbhísí

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

Seirbhísí Uisce

Comhairle Chontae Longfoirt

Is é an aidhm atá ag Comhairle Chontae Longfoirt ná uisce inólta oiriúnach agus sábháilte a chur ar fáil chun úsáide tís, talmhaíochta agus chun úsáide eile. Chomh maith leis sin déanann an Chomhairle dianiarracht córas sábháilte agus oiriúnach a chur ar fáil le haghaidh bailiúcháin, cóireála agus diúscartha eisiltigh séarachta. Baintear é seo amach trí fheidhmiú na scéimeanna reatha agus trí phleanáil agus trí sholáthar na scéimeanna nua leis na seirbhísí a leathnú amach i gceantair nach bhfuil ceangailte go fóill le líonraí na Comhairle.

## BONNEAGAR DO SHEIRBHÍSÍ UISCE


Tá cúig scéim uisce réigiúnaigh ag freastal ar Chontae Longfoirt. Meastar go bhfaigheann 85% den daonra ag fáil soláthair uisce phiopaí atá cóireáilte de réir caighdeán an AE.

Is iad na Scéimeanna ná: Baile Uí Mhatháin, Béal Átha Liag/Baile Nua an Chaisil, Longfort Láir, Loch Gamhna agus Gránard.

Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar Lár Tíre, monatóireacht ar Cháilíocht an Uisce Óil, de réir Rialacháin an C.E. (Cáilíocht an Uisce a Bheartaítear lena Óil ag an Duine), 2000. Cuirtear tuairisc leis na torthaí ar fáil don Chomhairle Contae go ráithiúil. Cuirtear tuairisc díobh ar fáil freisin go bliantúil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus foilsítear an tuairisc seo.

Tá Plean Straitéiseach Uisce Tuaithe, Meastóireacht Líonra agus Plean Athnuachana ullmhaithe ag an gComhairle. Réitíodh Bunachar Sonraí Spásúil GIS/ Córas Faisnéise Iomláin de na líonraí uisce agus séarachais sa chontae.

Tá naoi scéim séarachais phoiblí sa Chontae: Baile Uí Mhatháin, Caonach, Béal Átha Liag, Longfort, An Lios Breac, Droim Lis, Gránard, Meathas Troim agus Lagach.



Fíor 1 Léarscáil Líonra Réigiúnaigh Chontae Longfoirt

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

Seirbhísí Uisce

Comhairle Chontae Longfoirt

## CLÁR INFHEISTÍOCHTA DO SHEIRBHÍSÍ UISCE 2005 – 2007

Scéimeanna	Stádas	Costas Measta €
<b>Scéimeanna a críochnaíodh i 2006</b>		
Scéim Séarachais Chluais Dá Ráth	Le críochnú i Meitheamh 2006	1,400,000
<b>Scéimeanna atá le tosú i 2007</b>		
Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh do Longfort Láir	Tús le cur leis i mí Iúil 2007	7,205,265
<b>Céim 6 – Taiscumar &amp; Píobáin</b>		
Céim 2 de Chaomhnú Uisce agus Céim 3 d'athchur Líonra Uisce	Tionscadal Caomhnaithe Uisce críochnaithe , Tús le cur leis na hoibreacha Athchurtha Líonra sa bhliain 2007	1,672,362 5,505,896
Séarachas Mheathas Troim (Laghdú Cothaitheach & Athchóiriú WWTP)	Tús le cur leis i mí an Mheithimh 2007	411,309
<b>5 Scéim Séarachais Sráidbhaile Stádas na Scéime Cuachta DBO</b>		
Ardach, Béal Átha na Lao & Ard-Achaidh	Tús le cur leis i mí na Nollag 2007 Ionaid Chóireála DBO le bheith ann i mí Aibreáin 2008	3,905,937
Droim Lis & Lios Breac	Tús le cur leis i mí Aibreáin 2008 Ionaid Chóireála DBO le bheith ann i mí Aibreáin 2008	4,406,941
Scéim Séarachais Bhaile Longfoirt – Athbhreithniú ar an Líonra & ar an gCóireáil Fuíolluisce	Cead faighte le dul ar aghaidh chuig Céim an Doiciméid Chonartha le haghaidh leathnaithe ar oibreacha agus le haghaidh Ionaid Mhoil Dríodair amháin. Tá Réamhthuarascáil le hullmhú don Chóras Líonra	9,010,000
Bainistíocht Dríodair Longfoirt.	Cead faighte le dul ar aghaidh chuig Céim an Doiciméid Chonartha-Nasctha leis an Tionscadal Caipitil	1,530,000
Céim 1 de Soláthair Uisce Réigiúnaigh Bhéal Átha Liag	Ag Céim an Doiciméid Chonartha	6,000,000

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

Seirbhísí Uisce

Comhairle Chontae Longfoirt

## CLÁR INFHEISTÍOCHTA DO SHEIRBHÍSÍ UISCE 2005 – 2007

Scéimeanna	Stádas	Costas Measta €
<b>Scéimeanna atá le tosú i 2007 - Dul Chun Cinn tríd an gCéim Pleanála</b>		
Athbhreithniú Straitéiseach ar Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Bhaile Uí Mhatháin	Réamhthuarascáil curtha chuig an RCO&RÁ	4,217,819
Athbhreithniú Straitéiseach ar Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Ghránaird	Réamhthuarascáil curtha chuig an RCO&RÁ	6,259,042
Athbhreithniú Straitéiseach ar Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Longfoirt Láir	Réamhthuarascáil curtha chuig an RCO&RÁ	17,996,964 Más gá le cóireáil iomlán screamhuisce
Céim 2 de Scéim Séarachais Longfoirt	Réamhthuarascáil curtha chuig an RCO&RÁ Comhairle Chontae Longfoirt le Plean Ceantair Áitiúil a chur le chéile	4,600,000
Staidéar Féidearthachta Scéim Séarachais do Bhaile agus Shráidbhaile Grúpáilte Longfoirt Mainistir Leathrátha, Mainistir Shruithla, Béal Átha na Muc, Barraigh, Cill na Sí, Eanaigh Bheaga, Lagach, Maigh Dumha, An Mhaighean, Baile Nua an Chaisil, Stonepark agus Teach Sínigh	Tuarascáil Féidearthachta curtha chuig an RCO&RÁ	9,600,000

### CAOMHNÚ UISCE

Sa bhliain 2006 cuireadh tús le Céim 2 den Chlár Caomhnaithe Uisce. Is éard a bhí i gceist leis seo ná bunú na gciosanna méadráite ceantair, suiteáil teiliméadrachta chun críocha sreabhmonatóireachta, agus bunú braite ligin agus foirne deisiúcháin. Caitheadh €700,000 sa bhliain 2006 agus déanfar tuilleadh chun cinn ar na tionscadail sa bhliain 2007.

Fuarthas an ceadú deiridh do Chéim 3 ón RCO&RÁ i mí na Nollag agus tá tús curtha le dearadh an chórais athshlánaithe líonra. Beidh luach an chonartha ar ordú €4.2 milliún.

Rinneadh obair athchurtha ar an bpríomhphíobán uisce ar Shráid Bhaile Átha Cliath, Longfort sa bhliain 2006 mar chuid den Tionscadal Athnuachana Sráideanna.

Cuireadh an chuid is mó den Tionscadal Méadráite Uisce Tráchtála i gcrích i mí na Samhna 2006. Go dtí seo tá 4,500 méadar tar éis a bheith curtha isteach. Cuirfear bille chuig gach custaiméir tráchtála i ndáil le húsáid uisce sa bhliain 2007.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

Seirbhísí Uisce

Comhairle Chontae Longfoirt

## CLÁR UISCE TUAITHE

### COISTE MONATÓIREACHTA UISCE TUAITHE CHONTAE LONGFOIRT

Tháinig an Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe le chéile i mí an Mheithimh 2006 le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Chláir.

### CLÁR OIBRE 2006

- Is iad na Grúpscéimeanna Uisce nua a bhí ann i 2006 ná Gowlan, Baile Bháltair, Freeham, Carrickduff, Camagh, Carrickmoyragh and An Eiscir Cloncowley.
- Cuireadh iarratais isteach le haghaidh maoinithe Clár i dtaca leis na scéimeanna seo a leanas: Carrickduff, Camagh, Derrynabuntle agus An Eiscir Cloncowley.
- Leanadh leis na hoibreacha uasghrádaithe sna grúpscéimeanna uisce seo a leanas – Ardach agus Maigh Dumha.
- Bhí tábhacht ar leith le Scéim Gowlan toisc go rabhthas in ann nasc a dhéanamh leis na Scéimeanna Soláthair Uisce Réigiúnaigh Longfoirt agus Bhéal Átha Liag. Tá an nasc seo riachtanach d'fhonn bheith in ann don éileamh atá ag méadú ón bhforbairt nua i limistéar Bhaile Longfoirt.
- Ar an gcuma chéanna leis scéim na hEisceach Cloncowley bhíothas in ann Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh a nascadh le RWSS Longfoirt agus soláthraíonn Gowna baile Dhroim Lis le huisce anois.
- D'éiligh naoi Grúpscéim Uisce fóirdheontais i leith cosatas reatha sa bhliain 2006. Is é an tsuim iomlán a íocadh amach ná €23,649.77
- Leithdháileadh Blocdheontais Longfoirt sa bhliain 2006 do na bearta éagsúla a rinneadh mar chuid den Chlár Uisce Tuaithe ab ea €2,570,000.

### SCÉIMEANNA BEAGA UISCE AGUS SÉARACHAIS

Leanadh le leathnú amach na scéimeanna ag Cillghránard agus ag Ceárach i nGránard le linn na bliana. Ceaptar go mbeidh na scéimeanna seo críochnaithe faoin samhradh 2007.

I mí na Samhna 2006 chuir an Chomhairle tograí isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le haghaidh tuilleadh maoinithe bhlocdheontais i leith na n-oibreacha nua agus na n-oibreacha atá ar siúl go leanúnach maidir le 20 Grúpscéim Uisce. Cuireadh iarratais maoinithe isteach chomh maith le hullmhúchán a dhéanamh chun 10 scéim eile a Thógáil i gCúram.

Lorgaíodh maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun na hoibreacha leathnaithe a chur i gcrích i Scéimeanna Séarachais Cheárach agus Chillghránard, athchur an phríomhphíobáin uisce i Sráid Bhaile Átha Cliath, Longfort, feabhsúcháin ionaid ag Ionad Cóireála Uisce Lough Forbes agus méadú soláthair do Longfort Láir.

### CEADÚNAIS CHÓNAISC UISCE/ SÉARACHAIS

Le linn 2006, rinneadh próiseáil ar 195 iarratas do cheadúnais do scéimeanna séarachais agus uisce phoiblí agus do grúpscéimeanna uisce. An tloncam iomlán a fuarthas ná €602,000.

### DRAENÁIL TALÚN

Lean an obair ar aghaidh le linn 2006 ar chothabháil Abhainn na Camlinne.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaoil

Comhairle Chontae Longfoirt

**S**a Rannóg Comhshaoil cuirtear réimse éagsúla feidhmeanna agus seirbhísí ar fáil thar ceann na Comhairle. Is iad na príomhréimsí gníomhaíochta:

- Rialú Truailithe agus Bainistíocht ar Cháilíocht Uisce
- Bainistíocht Bruscair
- Bainistíocht Dramháola
- Scuabadh Sráide
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
- Seirbhísí Tréidliachta
- Rialú Madraí
- Cosaint Shíbhialta
- Láithreacha Adhlachta

## **RIALÚ TRUAILLITHE AGUS BAINISTÍOCHT AR CHÁILÍOCHT UISCE**

Baineann Rialú Truailithe le réimsí ar nós truailithe uisce, truailithe aeir agus núise de dheasca torainn. San áireamh sna gníomhaíochtaí ar leith a thugtar faoi i dtaca le rialú truailithe tá iniúchadh ar chásanna truailithe uisce, ceadúnú scaradh amach in uiscí, agus monatóireacht ar cháilíocht an uisce in aibhneacha agus i lochanna.

## **TRUAILLIÚ UISCE AGUS RIALACHÁIN FOSFAIR 1998**

De réir na faisnéise is déanaí ón E.P.A. tá 40% de na haibhneacha uile i Longfoirt sa rangú 'saor ó thruailliú'. Tá 28% de na haibhneacha sa rangú 'beagán truailithe'. Tá 30% sa rangú 'measartha truailithe' agus tá 2% díobh sa rangú 'truailithe go dona.'

Faoi Rialacháin Fosfair 1998 tá dualgas ar an gComhairle feabhsú suntasach a bhaint amach i gcáilíocht uisce na n-aibhneacha faoi 2007. Bainfead é seo amach trí chlár iniúchtaí ar fheirmeacha, ceadúnú tionscail agus uasghrádú leanúnach ar Ionaid Chóireála Séarachais, obair a dhéantar sa Rannóg Seirbhísí Uisce. Leanadh ar aghaidh le clár chun siltí eisiltigh tionscail agus tráchtála gan cheadúnas a aithint le linn 2006

## **CÓRAIS BAINISTÍOCHTA ABHANTRACHA**

Chomh maith leis an méid thuas tá na contaetha ar fad le hais na Sionainne agus na hÉirne rannpháirteach sna Córais Bainistíochta Abhantracha Dúiche. De réir na Gréas-Treorach Uisce, is é aidhm an tionscadail ná líonra monatóireachta a bhunú chun na pointí brú agus cáilíocht uisce sa réigiún a aithint agus chun clár bearta a chur le chéile chun dul i ngleic leis na foinsí éagsúla truailithe. Sa tionscadal seo rinneadh measúnú ar Abhantracha na Sionainne agus na hÉirne ina n-iomláine ó fhoinsí go hinbhir na n-abhann.

Faoi láthair tá measúnú ar siúl ar na huiscí ar fad, uiscí dromchla, screamhuiscí, uiscí inbhir agus gnáthóga bogaigh san áireamh. Foilsíodh Tuarascáil um Chomhdhéanamh Uisce ag deireadh 2004.

Glacfaidh sé thart ar cheithre bliana leis an gcóras bainistíochta a bhunú ar chostas measta ocht milliún euro. Tá sé rithabhachtach do mbeadh na hearnálacha ar fad rannpháirteach sa tionscadal, chun go n-éireoidh leis, lena n-áirítear iascaireacht, foraoiseacht, tionsclaíocht, talmhaíocht, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaoil

Comhairle Chontae Longfoirt

## TIONSCADAL ATHCHÓIRITHE IASCAIREACHTA ABHAINN NA CAMLINNE

Tá Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne, i gcomhar le Comhairle Chontae Longfoirt agus le Club Slatiascaireachta na Camlinne tar éis tabhairt faoi chomhchlár oibre ar Abhainn na Camlinne agus ar a craobh-aibhneacha de réir a chéile. Is éard a bhí i gceist leis seo ná go ndearna Comhairle Chontae Longfoirt am meaisín a shannadh do chlár athchóirithe iascaireachta, in ionad tabhairt faoi cothabháil draenála artairí. Thóg an SRFB coraí cuilithe, sraonairí agus leapacha gairbhéil san abhainn. Chomh maith leis sin chuir an Bord crainn agus rinne siad fáladóireacht de réir mar ba chúil. Chuidigh Slatiascairí na Camlinne leis an abhainn a stócaíl de réir mar ba chúil. Mar thoradh ar na hoibreacha a rinneadh le trí bliana anuas tá méadú suntasach i stoic breac.



## SAOTHARLANN COMHSHAOIL

Tá Saotharlann Chomhshaoil na Comhairle Contae lonnaithe ar Bhothar na Páirce, Longfoirt. Tugann an tSaotharlann tacaíocht do na Rannóga Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil. Is iad príomhfheidhmeanna na saotharlainne ná:

- Monatóireacht agus Rialú ar Thruailliú Uisce.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ionaid Chóireála Fuíolluisce Uirbeacha na Comhairle Contae.
- Monatóireacht ar líonadh talún.
- Monatóireacht ar shiltí eisiltigh tionscail
- Monatóireacht ar na haibhneacha agus na lochanna

## BAINISTIÚ BRUSCAIR

Tá cur i bhfeidhm na nAchtanna Bruscair 1997 – 2003 ar cheann de na príomhbhealaí chun dul i ngleic le fadhb an truaillithe bhruscair i gContae Longfoirt. Is iad tríúr Maor Bruscair na Comhairle a dhéanann Rialú Bruscair go príomha le cúnadh ó Mhaor Madraí na Comhairle agus an Maor Bruscair agus Maor Trácha Comhairle Baile Longfoirt.

Sa bhliain 2006, d'eisigh Comhairle Chontae Longfoirt 411 fíneáil bruscair “ar an láthair”. Ba mhéadú 49% a bhí ann i gcomparáid le 2005. Is léiriú é seo ar an bhfadhb atá ag méadú maidir le dumpáil agus diúscairt mhídhleathach atá ag tarlú faoi láthair sa tsochaí nua-aimseartha.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaoil

Comhairle Chontae Longfoirt

## DEONTAIS FEASACHTA IN AGHAIDH AN BHRUSCAIR

Achtaíodh tionscnaimh in Aghaidh an Bhruscair, a bhí maoinithe ag an RCO&RÁ le deontas de €15,330 le linn 2006 i gComhairle Baile Longfoirt agus sa Chomhairle Contae.

## TUGADH CÚNAMH I MBEALÁÍ ÉAGSÚLA DO NA SAINLEASANNA SEO A LEANAS

Coiste Bailte Slachtmhara Longfoirt, Scéim Urraíochta Bosca Bruscair; Comórtas Athchúrsála Dramhaíola na Scoileanna; teanchairí bruscair, málaí, lámhainní agus ábhair eile a cheannach le cuidiú leis na glantacháin a bhíonn ar siúl sa chontae.

## CISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA COMHSHAOIL LOCAL AGENDA 21

Is scéim dheontaschúnta atá sa chiste seo a mhaoiníonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Chontae Longfoirt le tacaíocht a thabhairt to thionscadail comhshaoil phobalbhunaithe agus nuálacha. Dáileadh €9,070 san iomlán ar na heagraíochtaí seo a leanas le linn 2006.

Coiste Bailte Slachtmhara Longfoirt, Irish Peat Land Conservation Council, Comhar Comhshaoil Longfoirt, Kelvin Moore, Coiste Bailte Slachtmhara Mheathas Troim, The Envirobus Mobile Aquarium, Malartú Leabhar Scoile, Jumbletown.ie, Scoil Samhraidh Loch Rí, Meánscoil Cnoc Mhuire i nGránard.

## SCUABADH SRÁIDEANNA

Thug an Chomhairle faoi chlár rialta Scuabtha Sráideanna i 2006 i mbailte agus i sráidbhailte Chontae Longfoirt. Is éard a bhí i gceist ná bruscar a scuabadh de láimh agus boscaí bruscair a sheirbhísiú de réir Phlean Chontae Longfoirt um Bainistiú Bruscair. Is é €303,363.56 a caitheadh ar scuabadh sráideanna le linn 2006.

## BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

### AN PLEAN UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA 2005–2010

Le linn 2006, rinne Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Comhairle Contae Laoise, Comhairle Contae Longfoirt, Comhairle Contae na hIarmhí agus Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh daingniú ar an bPlean Athchóirithe um Bainistiú Dramhaíola don Limistéar Lár Tíre de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996-2005 agus de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Pleanáil), 1997.

Sa Phlean um Bainistiú Dramhaíola leagtar amach creatlach le haghaidh bainistíochta dramhaíola inbhuanaithe laistigh de chúig limistéar údaráis áitiúil a bhaineann le bainistiú dramhaíola neamh-ghuaisí atá sa réigiún. Sa phlean freisin tugtar aird do bhainistiú dramhaíola guaisí de réir an Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí, a d'ullmhaigh an EPA.

### SOLÁTHAR SAORÁIDÍ

Tá 26 Ionad Beir Chuige i gContae Longfoirt. Tháinig an tIonad Beir Chuige is úrnua i bhfeidhm i mí Lúnasa 2006. Glactar le gloine uaine, dhonn agus thrédhearcach agus le cannaí alúmanaim sa 26 ionad ar fad.

Bailíodh os cionn 440 tonna gloine i 2006 sna hIonaid Beir Chuige. Is méadú 50 tonna a bhí anseo i gcomparáid leis an méid a bailíodh i 2005. Bailíodh thart ar 27 tonna de channaí alúmanaim i 2006, méadú de 2 tonna i gcomparáid leis an méid a bailíodh i 2005.

Tháinig méadú tríd is tríd ar úsáid na saoráidí beir chuige i 2006 le méadú 13% i dtonnáiste na gloine a bailíodh agus méadú 8% i dtonnáiste na gcannaí alúmanaim a bailíodh i gcomparáid leis an tonnáiste a bailíodh i 2005.



# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaoil

Comhairle Chontae Longfoirt

## FORFHEIDHMIÚ

Tá Foireann Forfheidhmithe Dramhaíola ghníomhach ag Comhairle Contae Longfoirt a thógann disciplíní teicniúla agus riaracháin san áireamh. Déileálann an Fhoireann Forfheidhmithe le réimsí ar nós Ceadúnas do Shaoráidí Dramhaíola, Ceadúnas do Bhailiú Bruscair, Rialachán Phacáistíochta, Plaisteach Feirme agus na nGníomhaíochtaí Neamhúdaraíthe Dramhaíola uile. Le linn 2006 fuair an Fhoireann um Fhorfheidhmiú 514 gearán agus rinneadh imscrúdú ar gach ceann díobh agus glacadh le gníomhartha cuí forfheidhmithe i gcás inar féidir é.

Is é Beartas Chomhairle Contae Longfoirt i réimse an Bhainistithe Dramhaíola ná feachtas a mhéadú agus feabhas a chur ar chomhlíonadh na Reachtaíochta Comhshaoil.

## FEASACHT COMHSHAOL

Le linn na bliana leanadh ar aghaidh leis an dea-obair a baineadh amach sna réimsí seo a leanas:

- Glantachán Náisiúnta an Earraigh
- Scoileanna Glasa
- Múiríníú
- Bailiúcháin Earraí Móra
- Bailiúcháin Farm Film Plastics



Bailiúchán Farm Film Plastics an Droma Aird, Co Longfoirt 14 Nollaig 2006

## GLANTACHÁN NÁISIÚNTA AN EARRAIGH

Ghlac an Chomhairle páirt i bhFeachtas Náisiúnta Glantachán an Earraigh le linn 2006. Thug Comhairle Contae Longfoirt cúnaimh le glantacháin phobail i 55 ceantar. Bailíodh thart ar 1.8 tonna bruscair. Cuireadh teanchairí bruscair, lámhainní, naprúin agus málaí dathchódaithe ar fáil do na glantacháin phobail.

Eagraíodh cúig Bhailiúchán Chonláiste Baile shealadacha le linn mhíonna an Earraigh agus an Fhómhair agus bailíodh 54.21 tonna dramhaíola. Tharla na bailiúcháin seo i nGránard, Longfort, Béal Átha na Lao, Baile Uí Mhatháin agus i mBaile Nua an Chaisil.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaol

Comhairle Chontae Longfoirt

## SCOILEANNA GLASA

D'éirigh le Longfort arís na gníomhaíochtaí a mhéadú sna Scoileanna Glasa i 2006. Bronnadh an Brat Glas ar aon scoil déag san iomlán. Le linn 2006 bronnadh Brait Ghlasa ar cheithre scoil don chéad uair agus rinneadh athnuachan ar Bhrait Ghlasa in dhá scoil eile. Is ias seo a leanas na scoileanna a fuair Brait Ghlasa le linn 2006:-

Ainm: Meánscoile Cnoc Mhuire, Gránard, Márta 2006.

Ainm: Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin, Márta 2006.

Ainm: Scoil Bhríd, An Gleann, Bealtaine 2006.

Ainm: Ardscoil Phádraig, Gránard, Bealtaine 2006.

Ainm: Scoil Náisiúnta Mhuire, Droim Lis, Bealtaine 2006.

Ainm: Scoil Mhuire, An Lios Breac, Bealtaine 2006.

## MÚIRÍNÍÚ

Bliain an-mhaith ab ea 2006 maidir le múiríneoirí a dhíol. Mar chuid de thiomantas Chomhairle Contae Longfoirt don athchúrsáil tugadh deis don phobal aonaid múirínithe tís a cheannach ar chostas fóirdheontais de €25. Chomh maith leis sin thairg an Chomhairle Boscaí Múirín do dhaoine le leabhair pinsean ag an ráta lascainithe de €15. D'fhonn díol agus úsáid na n-aonad múirín a chothú fuair gach scoil aonad múirín saor in aisce.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaoil

Comhairle Chontae Longfoirt

## LÁITHREACHA ADHLACTHA

Tá 74 reilig san iomlán i Longfoirt. Tá 10 gcinn díobh seo dúnta. Fuair Comhairle Contae Longfoirt cead chun leathnú a dhéanamh ar an Scéim Fostaíochta Phobail trína fochuideachta, Longfort Jobs Initiative Ltd., atá faoi úinéireacht iomlán na Comhairle le linn 2006. Tá 10 rannpháirtí fostaithe ag an Scéim anois. An aidhm atá ag an Scéim Fostaíochta Phobail ná tabhairt faoi scéimeanna feabhsúcháin shimplí i reiligí agus iad a chothabháil.

Le linn 2006 lean Comhairle Contae Longfoirt leis an scéim chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do reiligí sa chontae. Fuair 19 gcoiste paróistí/reilige cúnamh deontais i dtreo cothabhála reilige le linn 2006.

Cuireadh Dréacht-Fhodhlíthe do Reiligí le chéile agus cuirfeadh faoi bhráid an phobail iad le haghaidh comhchomhairliúcháin i 2007.

D'aimsigh Comhairle Contae Longfoirt maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil mar chuid den Scéim Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas chun áiseanna oiriúnacha do chathaoir rothaí ag láithreacha ainmnithe. Mar chuid den chlár oibre, tógadh cosáin i Reiligí Rathcline, Barraghmore, Kiltycreevagh, Legga, Aughaboy, Cill na Sí, Caiseal agus Foxhall. Tá an clár oibre seo le leathnú amach i 2007, má cheadaítear an maoiniú do láithreacha eile adhlactha faoi rialú Chomhairle Contae Longfoirt.



Cosáin nua oiriúnacha do Chathaoir Rothaí i Reilig Barraghmore

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaol

Comhairle Chontae Longfoirt

## SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA AGUS SÁBHÁILTEACHT BIA

Baineann príomhfhreagracht na Rannóige Tréidliachta le seirbhísí atá curtha ar fáil ag Comhairle Contae Longfoirt, a sholáthar, mar “Gníomhaireacht Oifigiúil” atá ar conradh leis an Údarás um Shábháilteacht Bia. Ina leith sin, rinneadh maoirseacht ar áitribh bia agus ar na gníomhaíochtaí gnó sna catagóirí seo a leanas d’fhonn a chinntiú go rabhthas ag cloí leis an reachtaíocht um shábháilteacht bia: -

- Seamlais Bheaga.
- Áitribh áitiúla ina bhfuil tréchur íseal le haghaidh próiseáil feola.

Sa bhliain 2006, rinneadh próiseáil ar 1,344 eallach agus 5,471 caoire mar bhia don duine i gceithre sheamlas baile i Longfoirt. Is méadú glan ar an tréchur a bhí anseo i gcomparáid le figiúirí 2005. Déantar imscrúdú ar gach ainmhí roimh mharú an ainmhí agus ina dhiaidh freisim. Tá clár samplála agus anailíse i bhfeidhm chun substaintí dochracha nó bacitéir sa fheoil a aithint.

D’éirigh le dhá ionad próiseála feola atá neamhspleách i mBaile Longfoirt, a ndéanann an Chomhairle monatóireacht orthu, an caighdeán nua lena fhortheas a bhaint amach i 2006.

Coinníonn an Chomhairle clár d’ionaid bainne leachtaigh atá ag feidhmiú laistigh dá limistéar feidhme. Rinneadh imscrúdú ar gach tréad agus comhlíonadh na rialacháin dá réir.

Glacann Rannóg Seirbhísí Tréidliachta na Comhairle páirt freisin in imscrúduithe agus i bhfaireachas taighde ar phaitiginí atá suntasach do shláinte poiblí agus déanann sí teagmháil le gníomhaireachtaí eile sláinte poiblí tríd an gCoiste Zónóisí.

### RIALÚ MADRAÍ

Cuireann Comhairle Contae Longfoirt seirbhís lánaimseartha Maoir Mhadraí ar fáil sa chontae. Tá Póna Madraí i bhfeidhm aici ar Shráid Little Water, Longfoirt. Eisíodh 1,621 ceadúnas do mhadraí i 2006. Gearradh 29 fineáil faoin Reachtaíocht um Rialú Madraí le linn 2006. Déileáladh le 172 madra fáin/ gan iarraidh i bPóna Madraí na Comhairle i 2006. Tháinig an Maor Madraí ar 211 madra a ardaíonn líon na madraí ar déileáladh leo go 383.

Tugadh baile nua do 71 díobh seo agus tháinig na húinéirí ar 25 díobh. Faraor, fuair Tréidlia na Comhairle réidh le 287 díobh. Rinneadh athchóiriú ar an bPóna Madraí le linn 2006 ar chostas €100,000 agus athosclaíodh é go hoifigiúil ar 2 Deireadh Fómhair 2006. Tugadh isteach táillí póna i 2006 mar fhritháireamh in aghaidh na gcostas chun seirbhísí Maoir Mhadraí a sholáthar. Bailíodh €1,258 go deireadh na bliana 2006.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

An Comhshaoil

Comhairle Chontae Longfoirt

## COSAINT SHIBHIALTA

Is cuid d'eagraíocht dhomhanda í an Chosaint Shibhialta a bhfuil mar phríomhaidhm aici beatha a shábháil agus an fhulaingt a mhaolú in amanna cogaidh. In amanna síochána an aidhm atá aici ná cuidiú le hanachainí nádúrtha agus le timpistí de thoradh an duine. Ag an leibhéal áitiúil tá an Chosaint Shibhialta freagrach as earcú agus oiliúint saorálaithe agus as ionaid traenála a chur ar fáil sa phobal.

Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí, na príomhchláir, na príomhimeachtaí agus na príomhfhorbairtí le linn 2006:

- Tinreamh ar an Ardchúrsa agus ar an Meánchúrsa athnuachana a bhí á reáchtáil ag Teagascóirí Chosaint Shibhialta Chontae na hIarmhí
- D'éirigh le beirt bhall pas a fháil ar an gcúrsa um Bainistiú Cuardaigh a d'eagraigh an scoil Cosanta Sibhialta
- Reáchtáladh cúrsa Monatóireachta, Tuairiscithe agus Cumarsáide Radaíochta go háitiúil.
- Ag an gCampa traenála Bliantúil sa Mhuileann gCearr bhí traenáil sa GPS, Léamh Léarscáileanna, Gníomhaíochtaí Cuardaigh agus Tarrthála, Cumarsáid, Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte agus Scileanna Tiomána.
- D'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird Chosanta Sibhialta, An tUasal Joe Meagher, ar an gcampa traenála.
- Chuidigh an Chosaint Shibhialta ag 53 imeacht pobail áitiúil le linn 2006.
- D'aistrigh an Scoil Cosanta Sibhialta ó Theach Ratra i bPáirc an Fhionnuisce go Benamore, Ros Cré. Sa bhliain 2006 osclaíodh go hoifigiúil an Scoil Cosanta Sibhialta Nua agus reáchtáladh Paráid 'seasamh síos' sa sean Scoil Cosanta Sibhialta i mí na Bealtaine agus bhí Oscailt Oifigiúil na Scoile Nua ar siúl i mí an Mheán Fómhair.
- Reáchtáladh Cúrsaí um Bainistiú Tuilte sa Scoil Cosanta Sibhialta nua i mí na Samhna.
- Seoladh tionscnamh nua in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain le linn 2006. Is éard a bhí i gceist ná Cúrsa Cosanta Sibhialta a chur ar fáil ina mbeadh baint ag Oifigigh na Cosanta Sibhialta le soláthar a dhéanamh don chúrsa seo.

# Seirbhísí Uisce & Beartas Comhshaoil (Seirbhísí Éigeandála san áireamh)

## Seirbhísí Dóiteáin & Éigeandála

## Comhairle Chontae Longfoirt

Tá Stáisiún ag an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála sna láithreacha seo a leanas:-  
Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Béal Átha Liag agus Longfoirt.

Tá 48 Fear Dóiteáin ag obair sna stáisiúin seo agus freagraíonn siad do theagmhais dóiteáin agus tarrthála. Bhí an Rannóg Dóiteáin gníomhach agus iad ag cur Sábháilteachta Dóiteán chun cinn le linn na Seachtaine Sábháilteachta Dóiteán. Gníomhaíocht amháin a bhí ar siúl ab ea Comórtas Sábháilteachta Dóiteán a bhí ar siúl ar Shannonside Northern Sound Radio thar tréimhse trí lá agus bhí airgead agus brathadóirí deataigh ann mar dhuaiseanna.

Rinne an Rannóg Dóiteáin próiseáil ar 135 Teastas Sábháilteachta Dóiteán san iomlán, 23 Tarchur Pleanála agus 40 Tarchur Cúirte i dtaca le hlarratas ar Cheadúnas le linn 2006. Rinneadh suas le 50 imscrúdú ar Áiteanna Siamsaíochta agus ar áitribh Chónaithe le linn 2006.

Tá Stáisiún Dóiteáin nua beagnach curtha i gcrích i nGránard agus osclóidh sé go luath i 2007.

Cuireadh aighneachtaí isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le linn 2006 le haghaidh stáisiúin dóiteáin nua i Meathas Troim agus le leathnú a dhéanamh ar Stáisiún Dóiteáin Longfoirt.

Ceannaíodh trealamh um thimpiste tráchta ar bhóithre arbh fhiú €112,000.00 le linn 2006. Ceannaíodh tarracóir altach amháin agus dhá leantóir le tancaeir uisce i rith na bliana. Le linn 2006 d'éirigh le Briogáid Dóiteáin Bhéal Átha Liag a céad Fhearas Dóiteáin Aicme B a fháil. Chuir an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil cistiú caipitil ar fáil don trealamh ar fad thuasluaite.

D'imigh an tUasal Vincent Mulhern a bhí mar Phríomhoifigeach Dóiteáin, ar scor, ar 1 Eanáir 2007 tar éis 22 bliain a thabhairt de sheirbhís dhílis. Ó shin ceapadh an tUasal Declan Kilcline mar Phríomhoifigeach Dóiteáin.

## Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála



An Comhairleoir  
Alan Mitchell



Mr. James Clarke  
Stiúrthóir Seirbhísí

# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

Tithíocht

Comhairle Chontae Longfoirt

I mí na Bealtaine 2006 tharla an t-athbheithniú meántréimhseach ar an bPlean Gnímh i dTaca le Tithíocht Shóisialta & Inacmhainne 2004-2008 a leagann amach riachtanais Chomhairle Contae Longfoirt do Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne. Cé gur léiríodh sa Mheasúnú um Riachtanais Tithíochta 2005 go raibh líon na n-iarratasóirí íslithe go 247 teaghlach ar na liostaí tithíochta, mhéadaigh an figiúr seo de réir a chéile go dtí os cionn 400 i 2006.

## TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Deimhníodh leis an athbheithniú gur éirigh go han-mhaith le Comhairle Contae Longfoirt le riachtanais Tithíochta Sóisialta an Chontae a bhaint amach. Caitheadh tuairim is €19m ar an gClár Tógála Tithíochta sa bhliain 2006. San áireamh anseo bhí líon forbairtí eochróra, tithe aonair a cheannach, teachíní tuaithe aonair a thógáil agus oibreacha éagsúla faoin Scéim um Fheabhsúcháin in ionad Tithíochta an Údaráis Áitiúil.



Tithe Sóisialta ag Corrán na hAbhann,  
Béal Átha na Lao, Co. Longfoirt.

Bhí na scéimeanna seo a leanas ag dul ar aghaidh ag deireadh 2006 – Béal Átha na Muc (16), Baile an tSrutháin, Cnoc na Góla (20), Cill na Sí (23), St. Johnstown, Béal Átha na Lao (20), Corrán na hAbhann, Béal Átha na Lao (5), Mosstown, Caonach (12), Caonach (41), Lisbrack, Longfoirt (3), Bóthar Mheathas Troim, Baile Uí Mhatháin (6), Ceantar na hEaglaise (Church Quarter), Gránard (21).

Cuireadh na scéimeanna seo a leanas i gcrích i 2006 – Radharc na hEaglaise (Church View), Droim Lis (8), Achadh na Cloiche (14), Farnagh, Longfoirt (38), Foxhall, Lagach (7), Kelleher Court, Droim Lis (5), Mart Road, Baile Uí Mhatháin (20), Church St., Meathas Troim (6), Currabawn, Droim Lis (12)

Ceannaíodh 31 teach aonair agus cuireadh 8 teach tuaithe i gcrích. Fuarthas ceithre teach sóisialta i nDroim Lis chomh maith faoin bhforáil de Chuid V den Acht Pleanála. I 2006 rinne an Chomhairle leithroinnt ar 129 tionóntachta.

## IARRATAIS AR IASACHT

Leanadh le tairiscintí na roghanna éagsúla ar iasachtaí le linn na bliana chun é a dhéanamh níos éasca do cheannaitheoirí tí. San áireamh sna cineálacha iasachtaí a bhí ar fáil bhí Blianacht, Inacmhainne, Carbhán, Atógáil, Úinéireacht Chomhroinnte agus Ceannachán Tionónta. Fuarthas 76 iarratas ar iasacht san iomlán i 2006 agus ceadaíodh 36 iasacht agus tugadh réamhíocaíocht do 40 iasacht.

Tá na rátaí méadaithe úis a tharla le déanaí ag cur isteach ar chumas acmhainne an iasachtaí le hiasacht a fháil agus na híocaíochtaí míosúla ag ardú i gcónaí.



# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

Tithíocht

Comhairle Chontae Longfoirt

## TITHÍOCHT INACMHAINNE

Ag deireadh 2006, soláthraíodh 10 dTeach Inacmhainne in Stonepark. Fuarthas na tithe seo faoi Chuid V den Acht Pleanála. Lean an Chomhairle ag meas an éilimh a bhí ann do Thithíocht Inacmhainne go dtí seo agus sonraítear go bhfuil an príomhriachtanas i limistéar Bhaile Longfoirt. Ceaptar go gcomhlíonfar an riachtanas seo trí Thithíocht Inacmhainne a sholáthar faoi na forálacha de Chuid V den Acht Pleanála. Mar thoradh ar chomhchaibidlí leanúnacha i 2006, tá roinnt aonad le bheith curtha i gcrích i 2007. Bainfear úsáid as forálacha de Chuid V chomh maith mar fhorlíonadh don Chlár Tithíochta Sóisialta de réir mar is cúí.

## TITHÍOCHT DHEONACH

Chun an rogha cíosanna a fhorlíonadh, lean an Chomhairle ag spreagadh na hEarnála Tithíochta Deonaí chun go mbeadh tuilleadh rannpháirtíochta i gceist, go háirithe sa réimse Riachtanas Speisialta. Tá comhchaibidlí ag leanúint ar aghaidh le líon Comhlachtaí Formheasta maidir le sciath-thithíocht a chur ar fáil in áiteanna éagsúla.



Áiteanna cónaithe do dhaoine scothaosta i Woodview, Leas Bhreac

## FÓRAM DO DHAOINE GAN DÍDEAN

I gcomhar le Comhairle Baile Longfoirt, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Cumann Naomh Uinseann de Pól, leanadh le cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine gan dídean le linn 2006. Foilsíodh athbhreithniú Náisiúnta ar fhorfheidhmiú na Straitéise do Dhaoine gan Dídean i 2006. Cuireadh tuarascáil a raibh coimisiúnaithe ag Comhairle Baile Longfoirt, ar na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i Longfort, ar fáil don Fhóram do Dhaoine gan Dídean sa samhradh i 2006.

## COTHABHÁIL/ ATHCHÓIRIÚ

Sa bhliain 2006, cuireadh suim €630,000 ar fáil do chothabháil agus do dheisiúchán le haghaidh Tithíochta Údaráis Áitiúil. Déanfar gach iarracht chun a chinntiú go mbeidh an Cleachtas is Fearr agus an Luach ar Airgead bainte amach gach uair.

I 2006, cuireadh deireadh leis an Scéim Athchóirithe chun athsholáthar a dhéanamh ar dhoirse agus fuinneoga. Lean Comhairle Contae Longfoirt leis an gClár Suiteála Téimh Lárnaigh. Ach, mar gheall ar an gconraitheoir gan bheith ar fáil agus praghsanna arda tairisceana, bhí sé deacair an clár seo a chur i bhfeidhm le linn 2006. Chun iarracht a dhéanamh bheith nuálaíoch agus chun an clár a bhogadh ar aghaidh, chuir Comhairle Contae Longfoirt tús le scéim phiolótach agus úsáid a bhaint as na dóirí do mhillíní adhmaid in St. Matthew's Park, Baile Uí Mhatháin. Mar thoradh air seo bhí an Chomhairle in ann úsáid a bhaint as maoiniú sa bhreis a bhí ar fáil ó Fhuinneamh Inbhuanaithe Éireann. D'éirigh go han-mhaith leis an tionscadal seo agus tabharfar faoi staidéar iomlán féidearthachta chun féachaint an féidir a mhacasamhlú a dhéanamh in eastáit eile i 2007. Chomh maith leis sin tá athfhógairt déanta ag Comhairle Contae Longfoirt, chun féachaint an bhfuil conraitheoirí eile sásta tairiscint a dhéanamh le tabhairt faoi na hoibreacha téimh lárnaigh.



Curraghrua, Béal Átha Liag– Buaiteoir the "Best Kept Estate" 2006

# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

Tithíocht

Comhairle Chontae Longfoirt

## BAINISTIÚ EASTÁT

Lean an tOifigeach Teagmhála Tithíochta agus an tOibrí Sóisialta ag obair le Tionóntaí agus le Cumainn Áitritheoirí le linn 2006. Tá cúrsaí réamhthionóntachta ar siúl do gach tionónta nua. Bhí an comórtas 'An tEastát is Feistiúla', a bhí mar chomórtas píolótach i Longfort sa bhliain 2005, ar siúl arís i 2006. D'éirigh thar barr leis an gcomórtas. Bronnadh na gradaim i mí an Mheán Fómhair 2006 chuig na Cumainn Áitritheoirí ar éirigh leo sa chomórtas.

Le linn 2006, chuir Comhairle Contae Longfoirt le forfheidhmiú an Bheartais um lompar Frithshóisialta. Ag deireadh na bliana bhí ceithre chúis ar feitheamh le haghaidh éisteachta sna cúirteanna.

Bhí an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil ag breathnú ar Plean Athnuachana do Pháirc Mac Eoin/Farnagh i 2006. Táthar ag ceapadh go ndéanfar cinneadh lena aghaidh i 2007. Ullmhaíodh plean sonraithe le haghaidh athnuachana Bhóthar Tromra, Gránard tar éis comhairliúcháin chuimsitheacha a dhéanamh leis an lucht cónaithe. Cheadaigh an Chomhairle an plean agus cuireadh isteach chuig an Roinn é i 2006. Chomh maith leis sin, trí mhaoiniú a fuarthas faoi Thionscnamh na Roinne um Bainistiú Eastát, fostaíodh Bainisteoir Eastáit do Bhóthar Tromra. Rinneadh athchóiriú ar theach ar Bhóthar Tromra chun áit oifige a chur ar fáil don Bhainisteoir Eastáit.

## DEONTAIS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS (DPGS) AND DEONTAIS DEISIÚCHÁN RIACHTANACH (ERGS)

An tUasmhéid den Deontas do Dhaoiné faoi Mhíchumas atá ar fáil ná €20,315. An t-uasmhéid den Deontas Deisiúchán Riachtanach atá ar fáil ná €9,530. Mar gheall ar an méadú i gcostais tógála, méadaíodh méid an deontais ina bhfuil an fhoráil aisghlámtha infheidhmithe ó €5,000 go €10,000. Fuarthas 256 iarratas san iomlán le linn 2006. Bronnadh deontais i leith 191 de na hiarratais seo. Iomlán an deontais a bronnadh i 2006 ab ea €755,331.



Teachín Tuaithe atá Oiriúnach do Dhaoiné faoi Mhíchumas i gCnoc na Góla, Co. Longfoirt

## CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Sa bhliain 2006, tháinig Coiste Comhairliúcháin Chóiríochta an Lucht Siúil le chéile ar bhonn ráithiúil. Lean an coiste ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh trí na spriocanna a bhí leagtha amach i bPlean Cóiríochta an Lucht Siúil 2005-2008 a bhaint amach. Chomhaontaigh Coiste Comhairliúcháin Chóiríochta an Lucht Siúil pleananna le haghaidh athchóirithe Láithreán Stad Willow Park, ina bhfuil tógáil 4 bhá neamhbhuana san áireamh. Ag deireadh 2006, bhí dul chun cinn déanta ar na pleananna seo trí Chuid VIII den Phróiseas Pleanála le Comhairle Baile Longfoirt. Táthar ag súil go lorgófar tairiscintí do na hoibreacha go luath i 2007.

## SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (RAS)

Sa bhliain 2006, chuir Comhairle Contae Longfoirt struchtúr foirne i bhfeidhm leis an Scéim um Chóiríocht ar Cíos a chur i bhfeidhm. Tá i gceist go mbeidh an scéim seo féinmhaoinitheach agus tá sé seo léirithe sna meastacháin a d'ullmhaigh an Chomhairle i leith feidhmithe na scéime.

## HOME

Sa bhliain 2006 rinne Comhairle Contae Longfoirt coimisiúnú ar HOME, córas ríomhaireachta comhtháite intí. Tá an córas seo deartha chun réiteach nua-aimseartha agus chomhtháite a chur ar fáil do Rannóga Tithíochta na nÚdarás Áitiúil ar fad. Cé gur chuir forfheidhmiú an phacáiste leis an ualach oibre sa Rannóg Tithíochta, idir an meántearma agus an fadtéarma ba chóir go mbeifí in ann teacht ar shonraí cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán i leith gach iarratasóir tithíochta.

# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

## PLEANÁIL

## Comhairle Chontae Longfoirt

**S**a bhliain 2006 chonacthas don Rannóg Pleanála gur leanadh leis na treochoí gnóthacha cosúil leis na cinn a tharla le blianta beaga anuas. Lean freagracht, clár oibre agus leibhéal gníomhaíochta na rannóige ag leathnú amach. Tá na gníomhaíochtaí suntasacha a bhí ann le linn 2006 sonraithe thíos chomh maith leis an gClár Pleanála do 2007.

Cé gur ceapadh go mbeadh laghdú ar leibhéal na nIarratas Phleanála ar an iomlán i 2006 tharla sé go raibh méadú substaintiúil sna hiarratais a tháinig isteach. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios nach leanfaidh an ráta a bhí ann i 2006 le linn na tréimhse 2007.

### BAINISTIÚ PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

Tá an Rannóg um Fhorbairt Bainistíochta freagrach as próiseáil a dhéanamh ar na hIarratais Phleanála ar fad de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú.

Ceapadh go mbeadh laghdú i líon na nIarratas Phleanála chuig an Rannóg um Fhorbairt Bainistíochta le linn 2006 mar gheall ar an deireadh ar Scéim Dreasachta Cánach um Athnuachan Tuaithe. Ach, coinníodh leis an líon ard iarratas a ndearnadh próiseáil orthu i 2006. Ag eascairt as an scéim deontais a thug an Roinn Talmhaíochta isteach i 2006 mar thogra chun cuidiú le feirmeoirí na héilimh do stóras nua faoin dTreoir um Níotráití a chomhlíonadh rinneadh próiseáil ar leibhéal gan sárú de na hiarratais foirgníochta feirme le linn na bliana.

Ba é líon iomlán na nIarratas a fuarthas i 2006 ná 1,144. Bhí sé seo níos airde ná líon na nIarratas a fuarthas i 2003 agus 2005 nuair a fuarthas 727 agus 744 iarratas faoi seach. Bhí eisceacht leis an treochoí seo i 2004, nuair a tháinig 1,401 iarratas isteach. Bhí baint dhíreach ag a lán díobh seo leis an Scéim Dreasachta Cánach um Athnuachan Tuaithe a tháinig chun críche an bhliain sin.

Na réimsí tábhachtacha i leith reachtaíochta a tugadh isteach i 2006 ab ea an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 agus I.R. Uimh. 685 de 2006, a thagann i bhfeidhm i mí Eanáir agus mí an Mhárta 2007. Cuirfidh na hathruithe reachtaíochta seo le hualach oibre na Rannóige um Fhorbairt Bainistíochta i 2007 agus sna blianta amach romhainn.

Tá an t-ualach oibre i bhforbairt Bainistíochta fós ar leibhéal ard, ag eascairt as an leibhéal leanúnach d'Iarratais Phleanála atá ag teacht isteach. Tá líon ard seasta d'aighneachtaí comhlíonta ag teacht isteach. Tá siad seo ann mar gheall ar fhorbairtí inar ceadaíodh ceadanna pleanála le roinnt blianta anuas ach atá ag tosú díreach anois. Cuirfidh measúnú agus comhaontú na n-aighneachtaí comhlíonta leis an ualach oibre atá ag méadú i 2007. Leis seo beidh gá le díriú ar acmhainní substaintiúla chun riachtanais na bhforbróirí a chomhlíonadh.

Tá cruinnithe réamhphleanála mar chuid lárnach den phróiseas Forbartha Bainistíochta agus bíonn siad ar siúl ar bhonn leanúnach agus méadaitheach. Reáchtáiltear na cruinnithe seo chun seirbhís pleanála atá níos airde ó thaobh caighdeáin agus níos trédhearcaí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. Sa bhliain 2006 bhí níos mó ná 300 cruinniú réamhphleanála ann chun éascú a dhéanamh ar an bplé leis na hiarratasóirí dóchúlú maidir leis na rioscaí a bhaineann lena gcuid tograí. Cuireadh córas nua i bhfeidhm i 2006 ina bhfuiltear in ann taifeadadh ar líne a dhéanamh agus plé réamhphleanála a stóráil.

Is gné rialta den obair atá déanta sa rannóg í clárú leanúnach na gcairéal faoi Alt 261 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus próiseáil agus eisiúint na nIarratas ceadúnais faoi Alt 254 den Acht, go príomha i leith comharthaíochta bóithre.

# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

## PLEANÁIL

## Comhairle Chontae Longfoirt

### RANNÍOCAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Gearrtar ranníocaíochtaí forbartha de réir na scéime a ghlac an Chomhairle faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Mar chuid de gach Cead Pleanála a cheadaítear bíonn ceanglas a éilíonn Ranníocaíocht Forbartha chuí a íoc má agus nuair a chuirtear tús leis an bhforbairt. Tá a lán cásanna ina dtagann cead eile in áit an cead atá faighte ar an láthair chéanna agus in áit nach bhfuil na ceadanna atá faighte curtha i ngníomh. Uaireanta, dá bharr, tugtar barúil mhíchruinn den tsuim atá dlíthe iarbhair agus atá le híoc chuig an údarás áitiúil.

Líon iomlán na bhfógraí um thosach feidhme a fuarthas i 2006 ab ea 335. Líon na ranníocaíochtaí a bailíodh ab ea €5,822,171. Tá áiseanna ar fáil d'íocaíocht chéimnithe le haghaidh forbairtí níos mó nuair is cuí.

### PLEANÁIL CHUN CINN

Tá an Rannóg Pleanála Chun Cinn freagrach as taighde a dhéanamh ar gach Plean Forbartha agus Tionscnamh, agus as iad a ullmhú agus a léiriú. Ba chéim an-tionsclaíoch a bhí i dtréimhse 2006 sa réimse Pleanála Chun Cinn agus leis an réimse leathan tionscadal a tosaíodh i 2005 a chur i gcrích. Cuirtear tús le rogha eile pleananna arís i rith 2007. Sna gníomhaíochtaí seo a leanas léirítear na príomhthionscadail a cuireadh i gcrích i 2006 agus iad siúd a bhfuil an dúshraith leagtha síos.

### PLEAN FORBARTHA CHONTAE LONGFOIRT 2003-2009

Cuirtear tús le hathbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Longfoirt 2003 – 2009 i mí Aibreáin 2007. Rinneadh an chuid oibre ullmhúcháin i 2006 le héascú a dhéanamh ar an bpróiseas seo. Go bunúsach tá an t-athbhreithniú seo d'fhonn bainistiú a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiciúil atá ag athrú agus a tháinig chun cinn mar gheall ar an bhfás 10% den daonra a tharla i Longfort thar tréimhse an phlean reatha agus mar gheall ar na himpleachtaí fisiciúla d'fhorbairt an chontae sa todhchaí.

San athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae tá réimse leathan d'athbhreithnithe tionscadail atá nasctha lena chéile. Bainfidh an chéad Phlean Forbartha Contae eile leis an tréimhse 2009 – 2015. San áireamh san obair beidh na gnéithe seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta reatha do Longfort.
- Liosta a chur le chéile atá cothrom le dáta de na struchtúir ar fiú a chosaint sa chontae.
- Athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Mhatháin.
- Measúnú tírdhreacha a sholáthar do Chontae Longfoirt d'fhonn treoir ar dhearadh forbartha, saincheisteanna láithreánaithe agus suímh.
- Sraith iomlán Treoirínthe Dearaidh a chur le chéile do na ceantair tuaithe, uirbeacha agus sráidbhaile.

Ullmhaíodh Measúnuithe Straitéiseacha Comhshaoil i leith pleananna agus clár áirithe in Éirinn i mí Iúil 2004. Baineann sé seo le pleananna agus clár a sháraíonn tairseacha sonraithe nó gur dócha go mbeidh tionchair comhshaoil shuntasacha dá bharr. Tá sé éigeantach Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a ullmhú agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae.

# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

## PLEANÁIL

## Comhairle Chontae Longfoirt

Tabharfar faoin Measúnú Straitéiseach Comhshaoil in éineacht le hathbheithniú ar an bPlean Forbartha Contae. Tá an-dul chun cinn déanta anois ar obair an Mheasúnaithe Straitéisigh Chomhshaoil, a rinneadh i gcomhairle leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus ceaptar go mbeidh sí curtha i gcrích i 2007.

Agus na Treoirínte Rialtais a tháinig isteach le déanaí tá foráil déanta do phróiseas atá i bhfad níos forleithne agus athbheithniú á dhéanamh ar an bPlean Forbartha ná mar a bhí ann cheana. Is iad seo a leanas roinnt treoirínte atá tógtha san áireamh anois mar chuid den phróiseas athbheithnithe:

- Treoirínte um Chosaint na hOidhreacht Ailtireachta
- Pleananna Forbartha – Dréacht-Treoirínte Comhairliúcháin do na hÚdaráis Áitiúla
- Ag forfheidhmiú na dTreoirínte Pleanála Réigiúnaí – Treoir don Chleachtas is Fearr
- Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha - DRAFT
- Cairéil agus Gníomhaíochtaí Coimhdeacha
- Treoirínte Pleanála Miondíola
- Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA)
- Treoirínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe
- Treoirínte um Fhorbairt Fuinnimh Ghaoithe

Faoin Acht 2000, ní mór aird a thabhairt do na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí chúí. Glacadh leis na Treoirínte Pleanála Réigiúnaí don Limistéar Lár i mí na Bealtaine 2004. Leis na treoirínte seo tugtar faoi na saincheistanna ar nós fáis daonra, bonneagair straitéisigh agus féiniúlachta réigiúnaí.

### ATHRUITHE ÁBHAR

I mí an Mhárta 2006 rinneadh ceithre athrú ábhar i bPlean Forbartha Chontae Longfoirt i leith:

1. Talamhúsáidí coimhdeacha a sholáthar do thalamh neamhchriosaithe.
2. Fuinneamh inathnuaite agus tithe ísealfhuinnimh/ éighníomhacha a chur chun cinn chomh maith le tacú le tionscnaimh a spreagann caomhnú fuinnimh.
3. Tithe nua a sholáthar de réir na dTreoirínte Tithíochta Tuaithe Inbhuanaithe do na hÚdaráis Áitiúla, Aibreán 2005.
4. Breathnú go fabhrach ar mhicreathuibíní gaoithe a tháirgíonn níos lú ná 20 cileavata chun críocha teaghlaigh.

Tá athbheithniú ar Straitéis Miondíola Chontae Longfoirt ar siúl faoi láthair. Má tharlaíonn aon treoir de bharr thorthaí na Straitéise Miondíola beidh gá le hathrú i bPlean reatha Forbartha Chontae Longfoirt 2003 – 2009 leis na hathruithe a áireamh atá ag tarlú sa bheartas.

# Beartas Tithíochta & Sóisialta, Beartas Pleanála & Rialaithe Thógála

## PLEANÁIL

## Comhairle Chontae Longfoirt

### PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL AGUS RÁITIS BEARTAIS SHRÁIDBHAILE

Éascaítear trí na Pleananna Ceantair Áitiúil fás pleanáilte bailte agus sráidbhailte ainmnithe, inar féidir forbairt a chur chun cinn chun tacú le pobail reatha go háirithe sna ceantair tuaithe.

Sa bhliain 2006, glacadh le líon Pleananna Ceantair Áitiúil do lonnaitheachtá éagsúla ainmnithe i Longfoirt. Glacadh leis na pleananna seo a leanas.

- Plean Ceantair Áitiúil an Leasa Bhric (Bealtaine 2006).
- Plean Ceantair Áitiúil Dhroim Lis (Meitheamh 2006).
- Plean Ceantair Áitiúil Chaonach (Meán Fómhair 2006).
- Plean Ceantair Áitiúil Ardach (Meán Fómhair 2006).
- Plean Ceantair Áitiúil Ghránard (Deireadh Fómhair 2006).
- Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Lao (Deireadh Fómhair 2006).

Tá na Pleananna Ceantair Áitiúil do bhaile Mheathas Troim agus do bhaile Chluais dá Rath ag na céimeanna deiridh faoi láthair. Ceaptar go gcuirfear i gcrích le linn 2007 plean a leagann amach creatlach d'fhorbairt inbhuanaithe agus ordúil Phurláin an Oirdheiscirt i mBaile Longfoirt.

### ATHNUACHAN UIRBEACH AGUS SRÁIDBHAILE

D'éirigh go maith le Comhairle Contae Longfoirt agus an Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile á cur i bhfeidhm. Is í 2007 an bhliain deiridh den scéim agus cuireadh críoch iomlán ar líon tionscadal le linn 2006, lena n-áirítear oibreacha feabhsúcháin chomhshaoil i nGránard, i Mainistir Shruithla, i mBaile Uí Mhatháin agus i mBaile Longfoirt. Tá obair ar siúl go leanúnach i mBéal Átha na Lao agus i nDroim Lis. Tá clár nua soilsithe mhaisiúil phoiblí á chur i bhfeidhm faoi láthair i mBéal Átha Liag. Tá cuma tharraingteach agus fháilteach curtha ar a lán bailte agus sráidbhailte sa chontae mar gheall ar na scéimeanna seo. Beidh an fhéidearthacht ann dá bharr tairbhí geilleagracha a chur ar fáil agus cur le beogacht na mbailte agus na sráidbhailte.



Oibreacha Feabhsúcháin Chomhshaoil i Mainistir Shruithla agus i nGránard.

### FORFHEIDHMÍ AGUS RIALÚ TÓGÁLA

Le linn 2006, lean an Chomhairle ag glacadh ról réamhghníomhaigh sa réimse forfheidhmithe phleanála. Tháinig 147 cás san iomlán faoi bhráid na Comhairle le linn 2006. I rith na bliana d'eisigh an Chomhairle 72 Litir Rabhaidh agus 75 Fógra Forfheidhmiúcháin. Cuireadh tús le himeachtaí dlí i gcás 4 cinn díobh. Rinneadh an chuid is mó de na cásanna eile a réiteach chun sástachta na Comhairle nó tá siad mar chuid de chaibidlí leanúnacha.

Sa bhliain 2006, rinneadh 255 Imscrúdú Rialaithe Thógála a léiríonn méadú mór sa leibhéal gníomhaíochta thar an mbliain roimhe. Lean an tOifigeach um Rialú Tógála, a chuireann comhairle ar fáil agus a fhreagraíonn fiosrúcháin ón bpobal i gcoitinne go laethúil chomh maith, ag déanamh monatóireachta ar Chomhlíonadh na Rialachán Tógála i bhforbairtí nua.

# Airgeadas



Tommy McDonald  
Ceannaire Airgeadais

### FEIDHMEANNA

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Longfoirt:

- Spriocanna airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach.
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú.
- A chinntiú go bhfuil rialuithe leordhóthanacha inmheánacha i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus chun cruinneas agus iontaofacht na dtaifead a chinntiú chomh maith.
- A chinntiú, a mhéid ab fhéidir é, go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach ar fud na heagraíochta.

### SEIRBHÍSÍ

- Mótarcháin
- Rátaí
- Deontais Ardoideachais
- Oifig Ghinearálta – próiseáil a dhéanamh ar íocaíochtaí chuig soláthraithe agus don phárolla agus chun tacú leis an gCóras Bainistíochta Airgeadais.

### CLEACHTAIS ÍOCAÍOCHTA

Le linn 2006 chuir an Chomhairle Córas Ríomhaistrithe Airgid i bhfeidhm do sholáthraithe. Leis seo éascaítear na híocaíochtaí a dhéanamh chuig íocaíochtaí creidiúnaí trí na híocaíochtaí a dhéanamh díreach chuig cuntas bainc ainmnithe

Baineanna forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach ar Idirbhearta Trádála), 2002 le Comhairle Contae Longfoirt agus le Comhairle Baile Longfoirt. Tá córais i bhfeidhm ag an dá Údarás Áitiúil chun a chinntiú nach dtabhófar pionóis úis. Mar sin féin, tharla íocaíochtaí déanacha i líon beag cásanna sa bhliain 2006, mar seo a leanas:

### COMHAIRLE CONTAE LONGFOIRT

Líon iomlán na n-íocaíochtaí déanacha atá níos airde ná €317 an ceann	218
Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha atá níos airde ná €317 an ceann	€617,121
Luach na n-íocaíochtaí déanacha uile mar chéatadán de na híocaíochtaí le soláthraithe	0.8%
Luach iomlán na bpionós úis	€6,839
Meánmhoill a bhí ar íocaíochtaí déanacha	70 lá

### COMHAIRLE BAILE LONGFOIRT

Níor íocadh pionós úis ar bith i 2006.

Déantar gach iarracht chun an tAcht agus na Rialacháin a chomhlíonadh chomh maith le pionóis úis a sheachaint. Tá nósanna imeachta ann a chinntíonn go ndéantar de réir na reachtaíochta agus deimhníonn siad go reasúnta, ach ní go dearfach, nach mbíonn neamhchomhlíonadh ábharthach i gceist.

### INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is feidhm neamhspleách meastóireachta é an tIniúchadh Inmheánach a dhéanann athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí ar fud na réimsí ar fad laistigh de Chomhairle Contae Longfoirt. Déanann sé imscrúdú agus tuairiscíú go hoibiachtúil ar bhainistiú riosca, ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha, agus ar úsáid éifeachtach agus eacnamaíoch na n-acmhainní. Sa Chairt Iniúchta Inmheánaigh sonraítear ról agus freagrachtaí an Iniúchóra Inmheánaigh.



## DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

**R**oimh 1968 ba iad na Comhairlí Contae agus na Bardais Chontae Bhuirge a thugadh deontais do mhic léinn a bhí ag tabhairt faoi chúrsaí dara agus tríú leibhéal. Chuir an tAcht um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais), 1968 deireadh le deontais a chur ar fáil i dtaca le hoideachas dara leibhéal agus rinneadh athbheithniú ar chóras deontas d'oidreachas tríú leibhéal. Cuirtear deontais ar fáil ar bhonn céimnithe agus féadfaidh airgead cothabhála a bheith i gceist mar aon le táillí sa chás nach mbíonn díolúine ar tháillí ann. Faightear an chuid is mó den chostas ar ais ón Roinn Oideachais agus tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as suim cothrom le luach na ndeontas a bhronn an Chomhairle sa bhliain airgeadais 1967.

## AN BHLIAIN ACADÚIL 2006/2007

Líon na ndeontas nua bronnta	75
Líon na n-athnuachan bronnta	204
Líon iomlán na mac léinn a fhaigheann Deontais Ardoideachais	279
Líon na mac léinn atá ag freastal ar choláistí Éireannacha	270
Líon na mac léinn atá ag freastal ar choláistí sa Ríocht Aontaithe (Tuisceart Éireann san áireamh)	9

## MÓTARCHÁIN

Eisíonn an Oifig Mótarchánach ceadúnais (dioscaí cánach) feithicle, ceadúnais tiomána agus cáipéisí gaolmhara ar nós Teastas ar Ródacmhainneacht, teastas cheadúnaithe feithicle, Cártaí Ceadúnais Leantóra, Admhálacha, etc. Aistrítear an t-ioncam a bhaineann leis seo chuig an gCiste Rialtais Áitiúil, atá faoi rialú na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Sa bhliain 2006 is é an t-ioncam iomlán a bhí ann ná €6,309,321.

Miondealú ar Ioncam Mótarchánach - 2006	Líon na nIdirbhearta	Suim €
Ceadúnais Feithicle	29,957	6,030,759
Ceadúnais Tiomána	4,668	70,340
Teastais Ródacmhainneachta	2,879	21,354
Ceadúnais Trádála	86	22,642
Fáltais Ilghnéitheacha	3,158	164,226
<b>IOMLÁN</b>	<b>40,748</b>	<b>6,309,321</b>

## Ceadúnais Feithicle Eisithe - 2006

Príobháideach	23,353
Earraí	4,704
Rothair	119
Tarracóirí	1,050
Feithiclí Seirbhíse Poiblí	202
Eile (atheisiúintí san áireamh)	529

# Airgeadas


## Comhairle Chontae Longfoirt

### Ceadúnais Tiomána Eisithe - 2006


Ceadúnas Tiomána Bliana	43
Ceadúnas Tiomána 3 Bliana	605
Ceadúnas Tiomána 10 mBliana	1,328
Ceadúnas Sealadach Tiomána Bliana	548
Ceadúnas Sealadach Tiomána 2 Bhlian	1,679

Chomh maith leis sin d'eisigh an tSeirbhís Mótarchánach Ar Líne 4,236 Ceadúnas Tiomána le linn 2006. Eisíodh iad seo díreach ón Aonad Clárúcháin Feithiclí sa tSionainn, Co. an Chláir


### CAITEACHAS IONCAIM




### FOINSÍ IONCAIM



### CAITEACHAS CAIPITIL



### IONCAM CAIPITIL



# Airgeadas

## Comhairle Chontae Longfoirt

### TITHE CRÍOCHNAITHE AGUS CEANNAITHE AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL 2001 - 2005

	CRÍOCHNAITHE					CEANNAITHE					Total
	2001	2002	2003	2004	2005	2001	2002	2003	2004	2005	
<b>COMHAIRLÍ CONTAE</b>											
Corcaigh	303	209	270	168	167	111	87	60	113	114	1602
Dún na nGall	181	549	181	164	306	28	11	5	13	29	1,467
Ciarraí	169	160	253	106	215	4	6	1	55	58	1,027
Loch Garman	144	278	151	185	128	26	21	9	21	19	982
Baile Átha Cliath Theas	140	93	61	244	261	55	15	3	20	9	901
Fine Gall	107	132	248	175	95	30	5	0	0	7	799
Lú	90	156	172	126	137	25	6	2	44	27	785
Cill Dara	179	148	107	104	170	13	7	27	11	15	781
An Mhí	164	138	160	99	183	6	4	5	1	7	767
Cill Mhantáin	122	151	130	88	163	45	25	4	5	8	741
An Cabhán	93	210	100	196	57	27	4	2	4	0	693
Laois	107	54	54	203	162	21	9	3	21	30	664
Gaillimh	113	103	85	93	129	13	22	14	26	25	623
Longfoirt	102	107	64	41	122	44	20	12	27	51	590
Luimneach	58	134	155	53	89	30	14	4	15	17	569
Sligeach	68	66	94	127	65	40	22	15	33	28	558
An Clár	71	49	84	19	112	34	55	19	53	37	533
Tiobraid Árann Thuaidh	56	69	123	78	138	0	5	0	10	3	480
Tiobraid Árann Theas	71	97	65	131	69	17	4	2	10	8	474
Uíbh Fhailí	61	110	127	29	82	12	11	3	11	24	470
Maigh Eo	108	25	64	97	134	2	0	1	2	4	437
Dún Laoghaire – Ráth Dúin	63	59	180	50	15	35	26	4	1	1	434
Port Láirge	50	152	74	54	25	22	0	0	19	38	434
Ar Iarmhí	39	54	100	113	27	40	10	1	25	25	434
Ceatharlach	99	12	111	54	48	19	18	6	16	40	423
Cill Chainnigh	70	26	40	51	62	13	16	9	40	23	350
Ros Comáin	36	78	105	22	46	18	11	4	5	12	337
Muineachán	104	38	40	56	47	16	9	13	5	1	329
Liatroim	53	52	25	80	20	4	5	0	2	3	244
<b>COMHAIRLÍ CATHRACH</b>											
Baile Átha Cliath	311	500	531	278	583	505	180	157	219	116	3,380
Corcaigh	69	148	62	172	168	95	24	53	109	95	995
Gaillimh	47	77	320	25	52	5	0	0	9	2	537
Port Láirge	21	156	164	26	72	26	3	1	0	17	486
LuimneachLimerick	153	13	16	32	62	19	16	17	26	25	379
lomlán	3,622	4,403	4,516	3,539	4209	1400	671	456	971	918	24,705

# Airgeadas

## Comhairle Chontae Longfoirt

### CISTE LEITHDHÁILTE AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

	2006	2007	Athrú	Daonáireamh *	In aghaidh gach duine	
			%	2006	2006	2007
<b>COMHAIRLÍ CONTAE</b>						
Longfort	13,296,084	14,657,063	10.2%	26,749	497	548
Liatroim	<b>14,168,597</b>	<b>15,465,369</b>	<b>9.2%</b>	<b>28,837</b>	<b>491</b>	<b>536</b>
Tiobraid Árann Theas	21,643,602	23,696,915	9.5%	54,612	396	434
Port Láirge	20,618,871	22,848,496	10.8%	54,336	379	421
Sligeach	16,617,403	17,723,150	6.7%	42,969	387	412
Tiobraid Árann Thuaidh	17,775,415	19,357,349	8.9%	49,135	362	394
Maigh Eo	35,170,634	38,012,273	8.1%	97,633	360	389
Ros Comáin	20,706,902	22,198,317	7.2%	58,700	353	378
Muineachán	14,363,459	15,718,151	9.4%	44,408	323	354
Ceatharlach	11,791,970	12,536,458	6.3%	36,573	322	343
An Cabhán	18,075,814	19,526,749	8.0%	60,007	301	325
Dún na nGall	38,547,272	41,556,957	7.8%	134,948	286	308
An Iarmhí	19,562,134	21,387,695	9.3%	72,433	270	295
Uíbh Fhailí	14,662,707	16,230,539	10.7%	55,600	264	292
Laois	17,019,082	18,336,335	7.7%	67,012	254	274
Ciarraí	25,497,932	27,600,743	8.2%	102,037	250	270
Cill Chainnigh	19,226,389	20,827,594	8.3%	78,769	244	264
Lú	12,083,486	13,390,136	10.8%	52,990	228	253
Gaillimh	35,296,907	38,490,666	9.0%	153,001	231	252
Cill Mhantáin	18,791,404	20,311,251	8.1%	80,789	233	251
Dún Laoghaire – Ráth Dúin	37,109,051	39,451,937	6.3%	193,688	192	204
Luimneach	24,160,987	26,101,406	8.0%	131,303	184	199
Loch Garman	20,163,308	22,172,296	10.0%	114,700	176	193
An Mhí	26,089,431	28,583,173	9.6%	155,045	168	184
An Clár	14,741,484	15,672,190	6.3%	87,936	168	178
Corcaigh	51,554,596	54,809,504	6.3%	322,925	160	170
Cill Dara	23,893,115	26,476,801	10.8%	158,145	151	167
Fine Gall	30,317,184	32,231,264	6.3%	239,813	126	134
Baile Átha Cliath Theas	24,638,923	26,194,505	6.3%	246,919	100	106
<b>COMHAIRLÍ CATHRACH</b>						
Corcaigh	24,267,960	26,892,180	10.8%	119,143	204	226
Luimneach	11,025,361	11,721,449	6.3%	52,560	210	223
Baile Átha Cliath	93,847,042	100,310,537	6.9%	505,739	186	198
Port Láirge	8,030,490	8,537,496	6.3%	45,775	175	187
Gaillimh	8,765,669	9,357,649	6.8%	71,983	122	130

Tabhair do d'Aire: \* Figiúirí Sealadacha

## RÁITEAS CUNTAIS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Sa Ráiteas Cuntais ar Ioncam agus Caiteachas tugtar le chéile an tIoncam agus Caiteachas a bhaineann le fáiltais. Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain

	Oll- chaiteachas	Ioncam	Glan- Chaiteachas	Glan- Chaiteachas
	€	€	€	€
<b>CAITEACHAS DE RÉIR AN CHLÁRGHRÚPA</b>	<b>2006</b>	<b>2006</b>	<b>2006</b>	<b>2005</b>
Tithíocht & Tógáil	4,306,164	3,872,321	433,843	236,846
Iompar & Sábháilteacht Bóithre	14,677,932	10,468,251	4,209,681	3,867,259
Uisce & Séarachas	6,483,777	2,542,709	3,941,068	3,367,810
Dreasachtaí Forbartha & Rialúcháin	2,096,698	1,129,698	966,999	1,029,697
Cosaint Comhshaoil	4,166,801	961,965	3,204,836	3,397,411
Áineas & Taitneamhacht	1,959,311	222,763	1,736,548	1,480,378
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,973,096	2,450,026	523,071	491,459
Ilghnéitheach	2,338,255	1,092,897	1,245,359	1,245,359
<b>Caiteachas/ Ioncam Iomlán</b>	<b>39,002,036</b>	<b>22,740,631</b>		
<b>Glanachostas na gClár le bheith maoinithe ó Rátaí Contae agus Ciste an Rialtais Áitiúil</b>			<b>16,261,405</b>	<b>15,273,114</b>
Rátaí			3,782,333	3,746,626
Ciste an Rialtais Áitiúil – Deontas Ilchuspóireach			13,296,084	12,508,061
Muirear an Chontae			1,106,400	1,106,400
<b>Barrachas / (Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe</b>			<b>1,923,412</b>	<b>2,087,973</b>
Aistrithe chuig Cúlchistí/ ó Chúlchistí			(1,896,911)	(2,374,535)
<b>Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain</b>			<b>26,501</b>	<b>(286,562)</b>
<b>Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir 2006</b>			1,240,908	1,527,470
<b>Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig 2006</b>			<b>1,267,409</b>	1,240,908

# Airgeadas

## Comhairle Chontae Longfoirt

### CLÁR COMHARDAITHE ag 31 Nollaig 2006

	2006	2005
	€	€
	2006	2005
<b>Sócmhainní Seasta</b>		
Feidhmiúil	133,188,414	113,664,524
Infrastruchtúrach	867,579,930	860,755,212
Pobal	165,001	184,296
Neamhfheidhmiúil	5,830,740	9,630,609
	<b>1,006,764,086</b>	<b>984,234,641</b>
<b>Obair atá ar Siúl agus Réamhchostais</b>	<b>17,958,999</b>	<b>29,473,515</b>
<b>Féichiúnaithe Fadtréimhseacha</b>	30,036,530	27,814,107
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Stoic	58,200	71,108
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	16,726,658	5,629,385
Infheistíochtaí Bainc	19,000,036	8,600,036
Airgead sa Bhanc		
Airgead ar Láimh	111,690	124,968
Cuntas Uirbeach		
	<b>35,896,583</b>	<b>14,425,496</b>
<b>Dlíteanais Reatha – Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin</b>		
Rótharraingt Bhainc	1,975,711	2,764,667
Féichiúnaithe agus Fabhrúithe	7,951,603	5,172,154
Léasanna Airgeadais		
	<b>9,927,314</b>	<b>7,936,821</b>
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)</b>	25,969,269	6,488,675
<b>Creidiúnaithe – Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin</b>		
Iasachtaí Iníoctha	33,861,507	36,089,807
Léasanna Airgeadais		
Taiscí Inaisíoctha	463,143	482,146
Eile		
	<b>34,324,649</b>	<b>36,571,953</b>
<b>GLANSÓCMHAINNÍ</b>	<b>1,046,404,235</b>	<b>1,011,438,985</b>
<b>Arna Airgeadú ag</b>		
Cuntas Caipitilíthe	1,006,764,086	984,234,641
Ioncam d'Obair atá ar Siúl	122,630,364	31,037,961
Sainchúlchiste Ioncaim	17,750	17,750
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	1,267,409	1,240,908
Iarmhéideanna Eile	15,724,626	(5,092,276)
<b>CÚLCHISTÍ IOMLÁNA</b>	<b>1,046,404,235</b>	<b>1,011,438,985</b>

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas



An Comhairleoir  
Barney Steele



An Comhairleoir  
Barney Steele



# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## Comhairle Chontae Longfoirt

### **BORD FORBARTHA CHONTAE LONGFOIRT**

Tá 29 comhalta ar an mBord ó na ceithre earnáil seo a leanas:

#### **Rialtas Áitiúil (7 nlonadaí)**

An Comhairleoir Alan Mitchell, Cathaoirleach an Bhoird, An Comhairleoir Paddy Belton, An Comhairleoir Martin Farrell, An Comhairleoir Barney Steele, An Comhairleoir Adrian Farrell (iad uile ó Chomhairle Contae Longfoirt). An Comhairleoir Fintan Flood, Comhairle Baile Ghránaid, Mr. Tim Caffrey, Bainisteoir Contae Longfoirt.

#### **Forbairt Áitiúil (7 nlonadaí)**

Ms Monica O'Malley, Ms Tess Murphy, Mr. Oliver Cassidy (iad uile ó Longford Community Resources Ltd.), Mr. Michael Nevin, Ms Beatrice Cunningham, (ó Bhord Fiontar Contae Longfoirt). Ms Josephine Stroker, Longford Acorn Project, Ms. Patricia Harrison, Coiste Cúraim Leanáí Chontae Longfoirt.

#### **Gníomhaireacht Stáit (10 nlonadaí)**

An Ceannfort Dave Dowling (An Garda Síochána), Ms. Frances Flynn (Midland East Regional Tourism), Ms Gillian Maunsell (IDA Ireland), Mr. Simon Cavanagh (Enterprise Ireland), Mr. Donie Murtagh (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte), Ms. Marie Cullen (An Roinn Leasa Shóisialaigh), Mr. Gerry Johnson (FÁS), Mr. Michael Lennon (Teagasc), Ms Josephine O'Donnell (Coiste Gairmoideachais Chontae Longfoirt), Mr. Seamus Murray (Roinn Oideachais & Eolaíochta)

#### **Comhpháirtithe Sóisialta (5 lonadaí)**

Mr. George Shedwell (Comhdháil na gCeardchumann), Ms Edith Durojaiye, Mr Parvez Ahmed Butt (An Earnáil Phobail & Dheonach), Mr. James Brady (An Earnáil Fheirmeoireachta), Folúntas (An Earnáil Ghnó).

### **PLEAN GNÍMH BHORD FORBARTHA CHONTAE LONGFOIRT 2006-2008**

Ag eascairt as athbhreithniú ar Straitéis Bhord Forbartha an Chontae i 2005, chomhaontaigh an Bord ar Phlean Gnímh i 2006, ina dtugtar tosaíochtaí do 13 shaincheist, agus gníomhartha ag eascairt as don tréimhse 2006-2008. Bunaíodh tascghrúpaí agus aimsíodh gníomhaireacht le bheith i gceannas do gach saincheist.

### **FORMHUINIÚ NA BPLEANANNA FORBARTHA ÁITIÚLA GNÍOMHAIREACHTA TRÍ BHORD FORBARTHA AN CHONTAE**

Bunról Bhord Forbartha an Chontae (CDB) is ea seirbhísí forbartha poiblí agus áitiúla atá níos comhordaithe a sholáthar. Tá maoirsiú ar fhorfheidhmiú straitéise 10 mbliana mar chuid lárnach den ról comhordaithe seo, pleananna forbartha áitiúla san áireamh. Chun éascú a dhéanamh ar chomhordú níos fearr thóg Grúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (SIMWG) pleananna na ngníomhaireachtaí forbartha áitiúla san áireamh agus le moladh ón nGrúpa, cheadaigh an CDB na pleananna.

### **FEABHSÚ AR CHOMHORDÚ NA STRUCHTÚR AGUS NA GCLÁR UM FHOIRTEARÁIL ÁITIÚIL AGUS PHOBAIL – CISTIÚCHÁN COMHTHÁTHAITHE BABHTA 2**

Sa bhliain 2005, d'ullmhaigh an ghníomhaireacht forbartha áitiúla aighneacht i gcomhar leis an SIMWG agus thacaigh Bord Forbartha an Chontae leis. I mí Iúil 2006 cuireadh maoiniú 110,000 ar fáil do líon tionscadal. Mar chuid den aighneacht seo rinneadh iarratas le Comhordaitheoir Deonach a fhostú go páirtaimseartha. Fuarthas 50,000 ar 7 Nollaig chun páirtmaoiniú a dhéanamh ar an bhfostaíocht seo.

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## Comhairle Chontae Longfoirt

### TIONSCNAMH TUISMITHEOIRÍ AONAIR

Sa bhliain 2006, rinne Bord Forbartha Chontae Longfoirt iarratas chun tionscadal a fhorbairt do thuismitheoirí aonair i gContae Longfoirt. I mí Dheireadh Fómhair, fuarthas 100,000 ó Aonad Comhionannais Inscne na Roinne Dílí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dílí. Bunaíodh grúpa stiúrtha idirghníomhaireachta agus aimsíodh gníomhaireacht le bheith i gceannas chun an tionscadal a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal riachtanais éagsúla thuismitheoirí óga aonair a aithint agus chun freagairt dóibh. Leis an tionscadal cuirfear raon tacaíochtaí aonair agus grúpaí ar fáil ionas go mbeidh thuismitheoirí óga aonair rannpháirteach agus go mbainfidh siad tairbhe as na seirbhísí reatha leasa, sláinte agus oideachasúla.

### COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓRT ÁITIÚIL

Sa bhliain 2006 rinne Bord Forbartha Chontae Longfoirt daingniú ar Chomhpháirtíocht Spórt. Bunófar Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil mar fhochoiste den Bhord. Faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin, Bearta Spórt do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas, cuireadh 16,000 ar fáil i bhfoirm deontas do ghrúpaí áitiúla do threalamh spórt agus d'fhorbairt scileanna chun rannpháirtíocht daoine óga faoi mhíbhuntáiste i ngníomhaíochtaí spóirt a mhéadú.

### COMHOIBRÍÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHTA I SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ AGUS TACAÍOCHTAÍ DON LUCHT SIÚIL

I mí Aibreáin 2006, iarradh ar Bhord Forbartha an Chontae tús a chur leis an bpróiseas chun plan straitéiseach a fhorbairt don Lucht Siúil. Bunaíodh grúpa idirghníomhaireachta de na príomhpháirtithe leasmhara chun aontú ar an mbealach is fearr leis seo a bhaint amach. I ndiaidh próisis chomhairliúcháin, comhaontaíodh Plean Gnímh inar tugadh tosaíocht do líon príomhghníomhartha. Aimsíodh gníomhaireachtaí le bheith i gceannas chun na príomhghníomhartha aontaithe a sholáthar agus a chur i bhfeidhm.

### FÓRAM POBAIL & DEONACH LONGFOIRT

Ceann de na Comhpháirtithe Sóisialta is ea an Earnáil Phobail agus Dheonach agus tá 2 chomhalta mar ionadaithe ar Bhord Forbartha an Chontae. Tá 141 eagraíocht ar fud an chontae cleamhnaithe le Fóram Pobail & Deonach Longfoirt. Feidhmíonn Scáth-Fhóram de 25 comhalta mar Ghrúpa Stiúrthaar leibhéal an chontae agus gníomhaíonn sé mar nasc idir an Bord agus an pobal níos leithne. Bhí 10 gcrúinniú ag an ngrúpa stiúrtha i 2006.

### Is í seo a leanas Ballraíocht Choiste an Ghrúpa Stiúrtha:

<b>Cathaoirleach</b>	Connie Gerety
<b>Leas-Chathaoirleach</b>	John Channon
<b>Rúnaí</b>	Josephine Stroker
<b>Rúnaí Cúnta</b>	Teresa McNerney
<b>Cisteoir</b>	Nini Stevenson
<b>Oifigeach Caidrimh Phoiblí</b>	Parvez-Ahmed Butt

### Ainmnítear Comhaltaí an Ghrúpa Stiúrtha ar na struchtúir seo a leanas:

- Bord Forbartha Chontae Longfoirt.
- Coiste Cúraim Leanáí an Chontae
- Tascfhórsa Réigiúnach um Dhrugaí
- Coistí um Beartas Straitéiseach an Údaráis Áitiúil
- Longford Community Resources Ltd
- Seirbhís Chontae Longfoirt don Óige
- Seirbhís Eolais do Shaoránaigh
- Fóram Oidhreachta an Chontae

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## Comhairle Chontae Longfoirt

Cuireann an Rannóg Pobail agus Fiontar acmhainní agus tacaíocht ar fáil don Fhóram Pobail agus Deonach. Sa rannóg seo freisin, cuirtear bunachar sonraí de na eagraíochtaí Pobail agus Deonacha atá cláraithe sa Chontae. Ó mhí an Mheán Fómhair 2005 go mí an Mheán Fómhair 2006, d'fhostaigh Comhairle Contae Longfoirt Oibrí Tacaíochta lánaimseartha chun obair a dhéanamh leis an bhFóram.

### FÓRAM DO PHRÍOMHOIDÍ IARBHUNSCOILE

Bhí cruinniú ag an bhFóram do Phríomhoidí Iarbhunscoile, arna éascú ag an Roinn Pobail & Fiontar, ar 9 Bealtaine 2006.

Díríodh ar na réimsí seo a leanas:

- Oideachas Scoile Uile
- Iompar Scoile
- Comhairle Na nÓg
- An Bord um Leas Oideachais
- Plean Gnímh Bhord Forbartha an Chontae 2006-2008

### COMHAIRLE NA nÓG

Is é an chéad sprioc atá ag an Straitéis Náisiúnta Leanaí ná “Beidh guth ag na leanaí maidir le hábhar a bhfuil tionchar aige orthu agus tabharfar an aird atá dlíte dá gcuid tuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta”. Tá Bord Forbartha an Chontae freagrach as Comhairle na nÓg a eagrú. Bhí an ócáid ar siúl i mbliana i gClub Gailf Longfoirt Dé Máirt 24 Deireadh Fómhair. Bhí daoine óga, ó 12 bhliain d’aois go 17 mbliana d’aois ón gcontae ar fad rannpháirteach san ócáid, agus pléadh na téamaí seo a leanas ann: sláinte, oideachas, comhshaol, spórt, iompar poiblí, sábháilteacht bóithre, cumarsáid TF agus steiréitíopa diúltach. Rinneadh líon áirithe príomh-mholtaí don rialtas. Toghadh cúigear daoine óga le bheith mar ionadaithe Chontae Longfoirt ag Dáil na nÓg, a bheidh ar siúl ar 17 Feabhra i bPáirc an Chrócaigh.



Rannpháirtithe Chomhairle na nÓg

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Comhairle Chontae Longfoirt

## IONADAITHE LONGFOIRT DO DHÁIL NA NÓG AR 17 FEABHRA 2007

Laura Heneghan, Oifigeach Riaracháin, Pobal & Fiontar. Siona Cahill, Meánscoil na Trócaire, Baile Uí Mhatháin. Alison Kenny, Pobalscoil na Maighne. Ruairi Barrins, Coláiste Naomh Mel. Jacinta Feeney, Scoil Mhuire, Longfort. Shane Kiernan, Meánscoil na Trócaire. An Comhairleoir Paddy Belton, Méara.



## SEARMANAS BRONNTA DON SAORÁNACH ÓG

Ba í 2005 an Bhliain Eorpach Saoránachta trí Oideachas. Mar cheiliúradh ar an mbliain thábhachtach seo rinne Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa formhuiniú ar an nGradam don Saoránach Óg agus bhronn sí an gradam chomh maith. Tá an gradam seo ag díriú ar dhaoine óga ó 12 bhliain d'aois go 25 bliana d'aois atá rannpháirteach i bpobail áitiúla trí thionscadail Shaoránachta Gníomhaí, ar nós obair chomhshaoil a dhéanamh nó aire a thabhairt do dhaoine le riachtanais speisialta. Eagraíodh an gradam i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le Development Co-Operation Ireland. Thug Bord Forbartha Chontae Longfoirt tacaíocht don tionscnamh seo go háitiúil. Rinne an Bord maoirsiú ar chomhordú agus ar mheasúnú na n-iarratas go háitiúil. Bhí an Searmanas Bronnta don Saoránach Óg ar siúl oíche Dé Máirt 28 Feabhra 2006 in Áras an Chontae. Bhronn an Comhairleoir Frank Kilbride, a bhí mar Mhéara ar Chomhairle Contae Longfoirt ag an am, an Comhairleoir Alan Mitchell, Cathaoirleach ar Bhord Forbartha Chontae Longfoirt agus Sandra Gowran, Comhordaitheoir do Citizenship 2005, 12 ghradam an oíche sin.

Bronnadh teastais a bhí sínithe ag an Uachtarán ar na grúpaí seo a leanas:

- Infheisteoirí Óga Longfoirt (Tionscadal LEAP, Sr. an Iarla, Longfort)
- Cairde Pinn (Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Ionad Acmhainní Naomh Críostóir, Baile Uí Mhatháin, Longfort)
- Rang na hIdirbhliana Class 2005, Pobalscoil na Maighne
- Grúpa Leader na Mac Léinn, Cnoc Mhuire, Gránard
- Rang OSSP na Tríú Bliana, Ardscoil Phádraig, Gránard
- Lucht na Tríú Bliana i nGairmscoil Bhaile Uí Mhatháin
- Muintearas – Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
- Coiste Greenschool – Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
- An Chomhairle Mac Léinn – Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
- Tionscnamh Bia Shláintiúil – Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
- Meantóireacht Piarghrúpa – Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag
- Keith McDonagh – Acorn Community Development Project, Sr. Richmond, Longfort

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## Comhairle Chontae Longfoirt

Cuireadh gach duine a fuair gradam isteach i gcrannchur le deis a fháil freastal ar ócáid speisialta in Áras an Uachtaráin, ina gcasfaí an tUachtarán orthu agus ina mbronnfaí orthu biorán atá deartha go speisialta chun 2005, An Bhliain Eorpach Saoránachta trí Oideachas, a chomóradh. Roghnaíodh Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag agus Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin ón gcrannchur. Thug an gradam seo deis aitheantas a thabhairt don chúnamh mór a thug daoine óga dá bpobal áitiúil.



INFHEISTEORÍ ÓGA LONGFOIRT – Tionscadal LEAP, Sr. an Iarla, Longfort.

### COMÓRTAS NÁISIÚNTA MÓRTAS CEANTAIR

Is comórtas é Mórtas Ceantair a thugann aitheantas don chúnamh atá tugtha ag na pobail trí mhórtas sibhialta a chruthú ina gceantar. Tá an comórtas uile oileáin á reáchtáil ag Co-operation i gcomhar le Fóram Stiúrtha an Údaráis Áitiúil atá déanta suas d'oifigigh ón dá thaobh d'Éirinn. Is é an aidhm atá ag an gcomórtas "Mórtas Ceantair" ná an cleachtas is fearr, nuálaíocht agus ceannasaíocht a spreagadh trí phobail inbhuanaithe agus bheoga a chur ar fáil ina bhfeabhsófar cáilíocht na beatha do gach duine. Le Mórtas Ceantair tugtar deis ar leith do ghrúpaí pobail a bheith aitheanta, ar bhonn uile oileáin, don obair luachmhar atá déanta acu. Tugtar faoin bpróiseas ainmniúcháin don chomórtas uile oileáin trí na hÚdaráis Áitiúla. Roghnaíodh cúig cheantar i gcatagóirí éagsúla mar ionadaithe Chontae Longfoirt sa Chomórtas Náisiúnta i 2006. Ba iad: Gránard, Mullinalaghta, Béal Átha Liag, Baile Nua an Chaisil agus Eastát Pháirc MacEoin. Rinneadh moltóireacht orthu Dé Céadaoin 19 agus Déardaoin 20 Iúil, 2006. Rinne gach ceantar cur i láthair ag leagan béime ar raon na dtionscadal a rinne an pobal agus tugadh na moltóirí timpeall an cheantair agus taispeánadh an ceantar dóibh. Bhí Searmanas Bronnta Náisiúnta ar siúl sa Tulach i gContae Cheatharlach ar 14 Deireadh Fómhair 2006

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Comhairle Chontae Longfoirt

## COMÓRTAS MHÓRTAS LONGFOIRT

Sheol Comhairle Contae Longfoirt Comórtas Mhórtas Longfoirt Dé Luain 6 Márta, 2006. Is gníomh é an tionscnamh píolótach seo atá faoin bPlean Gnímh CDB 2006-2008, a thugann faoin saincheist maidir le pobail áitiúla a thógáil. Tá an comórtas bunaithe ar an gComórtas Náisiúnta do Mhórtas Ceantair. Chuir 14 bhaile agus shráidbhaile isteach sa chomórtas agus tháinig painéal moltóirí ar cuairt chucu Dé Luain 31 Iúil agus Dé Máirt 1 Lúnasa. Is é aidhm an chomórtais seo ná aitheantas a thabhairt d'obair dheonach agus do thiomantas na ngrúpaí áitiúla agus iad ag cur feabhais ar a bpobail áitiúla. D'inis na hionadaithe pobail do na moltóirí faoi na gníomhaíochtaí agus tionscadail éagsúla a bhí ar siúl ina gceantair ó chúrsaí spóirt agus fóillíochta go hoidhreacht agus ó chomhshaoil go tionscadail um chuimsiú sóisialta. Bhí searmanas bronnta áitiúil ar siúl i Longfort ar 26 Meán Fómhair 2006.



Béal Átha Liag

## CLÁR

Is é CLÁR an clár náisiúnta atá ag tabhairt faoin laghdú daonra agus easpa seirbhísí sna ceantair tuaithe. Tabharfaidh an clár CLÁR tús áite do chaiteachas an Phlean Fhorbartha Náisiúnta i gceantair tuaithe roghnaithe agus cuirfear maoiniú sa bhreis ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail nach leanfadh ar aghaidh mura mbeadh sin. Sa bhliain 2006 méadaíodh an réimse CLÁR faoi níos mó ná 33% chun gach D.E.D. seachas cúig cinn a áireamh i limistéar lár Longfoirt. Tá Bord Forbartha an Chontae ag cuidiú leis an Roinn chun an clár seo a riaradh go háitiúil. Le linn 2006 chuir an clár CLÁR airgead sa bhreis ar fáil a bhfuil tionchar suntasach aige ar limistéir ina bhfuil líon íseal daonra.

## RAPID

Is éard atá i gceist le RAPID ná Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Fhorbairt. Roghnaíodh Baile Longfoirt ar fad don chlár seo. Déanann an Fhoireann Forfheidhmithe Ceantair (AIT) maoirsiú ar an gclár cuimsithe shóisialta seo go háitiúil agus stiúran an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an clár go náisiúnta. Is éard atá i gceist leis an AIT ná gníomhaireachtaí reachtúla, gníomhaireachtaí forbartha a bhfuil cúram seirbhíse orthu sa bhaile agus ionadaithe pobail. Rinne Fitzpatrick's Associates measúnú ar an gclár RAPID go náisiúnta don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Moladh go mbeadh tiomantas fadtéarmach ann ionas go leanfadh RAPID ar aghaidh. Tá an clár mar chuid den NDP nua agus cuireadh €67 milliún ar fáil go náisiúnta. Sa bhliain 2006, bronnadh €200,000 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin do RAPID go háitiúil. Fuair an clár €200,000 mar ghíaráil chun feabhas a chur ar eastáit agus do mhoilliú tráchta agus d'Áiteanna Súgartha i 2007 agus i 2008. Thug RAPID tacaíocht d'íarratas chun athchóiriú a dhéanamh ar an Ollionad Meal atá ann agus fuarthas €150,000 ón gCiste Caipitil Spóirt agus deontas breise RAPID de €45,000 RAPID. Tá baint ag an gclár le tacaíocht a thabhairt do dhá theach pobail nua a oscailt in eastáit Údaráis Áitiúil sa chontae.

# Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Comhairle Chontae Longfoirt

## TUARASCÁIL NA hOIFIGE EALAÍON

### AN SPRIOC ATÁ AGAINN

An sprioc atá ag an Oifig Ealaíon ná cáilíocht beatha gach saoránach sa phobal a chur chun cinn tríd is tríd trí rochtain ar na hEalaíona, rannpháirtíocht agus tuiscint na nEalaíon i Longfort.

### TIONSCADAIL 2006

Is é seo a leanas próifíl leathan na gcineálacha tionscadal atá bunaithe ar an ealaín ar thug Oifig Ealaíon Chontae Longfoirt fóthu i 2006:

#### Na hAmharcealaíona:

Cuireadh ullmhúchán sraithe Treoirínte um Fhorbairt na nAmharcealaíon i gcrích -  
- Cuireadh an Tionscadal Ealaíon Poiblí Bhóthar Faoisimh Laistigh Mheathas Troim i gcrích -  
Bunaíodh Leibhéal 4 de Chúrsa Grianghrafadóireachta FETAC na Roinne Oideachais i gcomhpháirtíocht le Coiste Gairmoideachais Chontae Longfoirt.

#### Ceol & Rince:

Tugadh cúnamh le bunú Chlub na gCeoltóirí Lár Tíre -  
Tugadh tacaíocht don Tionscadal Kindermusik do leanaí i gCaonach, i nGránard agus i mBaile Uí Mhatháin.

#### Drámaíocht:

Tugadh tacaíocht do ghrúpa léirithe Chlub Dolman do leanaí -  
Tugadh tacaíocht do Thionscadal Drámaíochta 3-2-1 den Fhéile Aisling -  
Bunaíodh an léiriúchán amharclainne sráide "Dead of Night".

#### Na Féilte:

Ullmhaíodh an chéad Fhéile Litríochta Náisiúnta do Ghrúpaí Scríbhneoirí -  
Bunaíodh "Festival of the Dead" d'Oíche Shamhna -  
Tugadh tacaíocht d'Fhéile Aisling do Leanaí -  
Tugadh tacaíocht don fhorbairt leanúnach de Scoil Samhraidh Comhshaoil Locha Rí -  
Cuireadh tacaíochtaí leanúnacha airgeadais, eagraíochtúla agus clárúcháin ar fáil d'fhéilte cultúrtha éagsúla i Longfort.

#### Ealaíona Pobail:

Tugadh tacaíocht do Thionscadal Meantóireachta Ealaíon Naomh Criostóir -  
Tugadh tacaíocht do thionscadal iarscoileanna Naomh Micheál agus Naomh Íosaf -  
Glacadh páirt i gCeol na nOifigeach Ealaíon Lár Tíre agus an Údarás Áitiúil Lár Tíre i dTionscadal um Ionaid Chúraim Shláinte.

#### Litríocht:

Forbraíodh an láithreán gréasáin litríochta [www.virtualwriter.net](http://www.virtualwriter.net) -  
Ceapadh Speisialtóir um Fhorbairt Scríbhneoireachta Cruthaithí -  
Cuireadh clár píolótach um Chur Síos ar Litríocht do Leanaí (Describe the children's literature) agus foilsíodh lámhleabhar agus Dlúthdhiosca 'Cur Síos' (Describe)-  
Bunaíodh Grúpa Fócais comhairleach um scríbhneoireacht cruthaitheach do leanaí -  
Rinneadh taighde agus foilsíodh treoirínte "From Harry...to Beatrix" don fhorbairt sa todhchaí ar scríbhneoireacht cruthaitheach do leanaí i Longfort. -  
Bunaíodh scáthghrúpa scríbhneoireachta cruthaithí ar fud an chontae.

# Seirbhísí Corparáideacha

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## SAORÁIL FAISNÉISE

### Iarratais faoi Shaoráil Faisnéise 2006

Fuarthas 10 n-iarratas san iomlán (7 Neamhphearsanta agus 3 Phearsanta) i rith 2006 ón lucht gnó, iriseoirí, ón bhfoireann agus ó chliant. Ní dhearnadh aon achomharc go seachtrach chuig an gCoimisinéir Faisnéise

## TOGHCHÓRAS

### Coinníollacha le haghaidh Clárúcháin:

Ní mór don duine bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad an lá a thagann an Clár i bhfeidhm (15 Feabhra). Féadtar duine a chur ar Fhorlíonadh leis an gClár má shroicheann an duine 18 mbliana d'aois idir 16 Feabhra agus an lá a bhíonn an Toghcán nó an Reifreann ar siúl.

Tá sé de chead ag gach cónaitheoir, is cuma faoin náisiúntacht, atá 18 mbliana d'aois nó os a cionn, a bheith ar Chlár na dToghthóirí. Is iad seo (thíos) a leanas líon na ndaoine a bhí cláraithe chun vóta a thabhairt ar Chlár na dToghthóirí 2006/2007:-

Leasaíonn Alt 4 den Acht Toghcán (Leasú), 2001 Alt 13 den Acht Toghcán, 1992, maidir le Clár na dToghthóirí. Déanann sé foráil do leagan 'leasaithe' de Chlár na dToghthóirí a chur le chéile. Níl sa Chlár Leasaithe ach ainmneacha na ndaoine nach ndiúltaíonn dá gcuid ainmneacha a bheith in úsáid chun críocha eile seachas cuspóirí an Toghcán nó cuspóirí Reachtúla eile. Is é an stádas Reachtúil ó 1 Samhain 2004 ná gur cion é úsáid a bhaint as sonraí i gClár na dToghthóirí chun críocha eile seachas cuspóirí Toghcán nó cuspóirí Reachtúla eile.

Toghcheantair Áitiúla	Líon Toghthóirí
Baile Uí Mhatháin	8,089
Droim Lis	3,721
Gránard	6,281
Longfort	9,505
<b>Iomlán</b>	<b>27,596</b>

## SÁBHÁILTEACH, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Reáchtáladh na gníomhaíochtaí seo a leanas i rith na bliana 2006 chun Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a chinntiú d'Fhoireann na Comhairle: -

- Rinneadh athbhreithniú ar an Ráiteas Corparáideach Sábháilteachta de réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.
- Rinneadh athbhreithniú agus scaipeadh na Ráitis Sábháilteachta coimhdeacha
- Foilsíodh lámhleabhar ar bhainistiú tionscadal fhoirgníochta agus scaipeadh é ar an bhfoireann chuí.
- Rinneadh athbhreithniú ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta Sábháilteachta.
- Reáchtáladh iniúchtaí sceidealta ar ghníomhaíochtaí láithreacha, ar an gclós leis na hinnealraí agus ar na foirgnimh leis na hoifigí agus eisíodh tuairiscí chuig an bhfoireann chuí.
- Tháinig an Coiste um Bainistiú Sábháilteachta agus na Coistí um Monatóireacht Sábháilteachta sna stiúthóireachtaí éagsúla le chéile go rialta i rith na bliana.
- Thug na Cigirí ón Údarás Sábháilteachta agus Sláinte faoi líon iniúchtaí láithreach le linn na bliana.



# Seirbhísí Corparáideacha

## Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

- Ceapadh maoir dóiteáin sa bhreis agus tugadh faoi chleachtaí dóiteáin in Oifigí na Comhairle ag Áras an Chontae, i gCúirt na Camlinne agus ag Ceanncheathrú na Leabharlainne
- Rinneadh iniúchadh dóiteáin in Áras an Chontae, i gCúirt na Camlinne agus i gCúirt Grafton
- Rinneadh líon measúnuithe aonaid fístaispeána le foireann na hoifige.
- Tugadh faoi chlár oiliúna Garchabhrach, oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte, oiliúint Feasachta Sábháilteachta agus Cainteanna faoi Bhoscaí Uirlisí a dhéanamh leis an bhfoireann i rith na bliana.
- Rinneadh an Chomhairle athbhreithniú cuimsitheach chomh maith ar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta agus cuireadh tús leis an bpróiseas de chlár a leathnú amach le hoiliúint reachtúil Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar fáil don fhoireann.

## SPÓRT & ÁINEAS

### BEARTAS IMEARTHA

D'oibrigh Comhairle Contae Longfoirt i gcomhar le Comhlachas Forbartha Bhéal Átha Liag chun togra a fhorbairt le háit súgartha a chur ar fáil sa bhaile le cúnamh deontais tuairim is €51,000 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Chuir Comhairle Contae Longfoirt fuilleach an mhaoinithe de thuairim is €60,000 ar fáil don tionscadal. Ar 9 Meitheamh 2006, d'oscail an Méara Frank Kilbride an áit súgartha nua i mBéal Átha Liag.

### TIONSCADAL LINN SNÁMHA LONGFOIRT

I mí Feabhra 2006, chuir Mr. John O'Donoghue, an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, in iúl do Chomhairle Contae Longfoirt gur cheadaigh a Roinn do Chomhairle Contae Longfoirt glacadh leis an tairiscint is ísle a tháinig ar ais do thógáil linne snámha nua san Ollionad Meal, Longfort. Chuir an tAire in iúl don Chomhairle chomh maith go raibh deontas €3.8 milliún ar fáil le dul i dtreo costais an tionscadail. Síniódh an Conradh le Glenman Corporation Ltd, Gaillimh, chun an linn nua a thógáil, in Áras an Chontae, Longfort ar 10 Aibreán 2006 i láthair an Chomhairleora Frank Kilbride, an Mhéara ar Chomhairle Contae Longfoirt, an Chomhairleora Christy Warnock, an Mhéara i mBaile Longfoirt, Mr. Peter Kelly, T.D., Ms. Mae Sexton, T.D., agus an tSeanadóir James Bannon. Thosaigh an obair ar an tionscadal go luath i ndiaidh na Cásca 2006 agus ceaptar go mbeidh sé críochnaithe faoi mhí Lúnasa 2007

### TIONSCADAL LEATHANBHANDA BHAILE LONGFOIRT

Ar 25 Iúil 2006, sheol Mr. Noel Dempsey, T.D., an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha céim tógála Líonra Achar Cathrach nua Longfoirt. Shínigh Comhairle Contae Longfoirt agus Laing O'Rourke, an príomhchonraitheoir, an Conradh i láthair an Chomhairleora Paddy Belton, Méara Chomhairle Contae Longfoirt, an Chomhairleora Alan Mitchell, Méara Chomhairle Baile Longfoirt agus Mr. Tim Caffrey, Bainisteoir Contae Longfoirt. Ina dhiaidh sin cuireadh tús leis an líonra nua a thógáil i mBaile Longfoirt agus ceaptar go mbeidh sé críochnaithe faoi lár mhí an Mhárta 2007. Meastar go gcosnóidh sé €2.2 milliún agus beidh 90% den mhaoiniú ag teacht ón Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Náidúrtha agus ón A.E. faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Cuirfidh Comhairle Contae Longfoirt an t-iarmhéid de 10% de chostas an tionscadail ar fáil. Ag an seoladh, dúirt an tAire go mbeadh an Bonneagar Leathanbhanda tábhachtach do Longfort agus infheistíocht inmheánach á mealladh chomh maith le tionscal dúchasach a fhorbairt.

# Seirbhísí Corparáideacha

## Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Is beart gnímh dhearfaigh atá san Acht um Míchumas 2005 chun rannpháirtíocht daoine le míchumais a chur chun cinn sa ghnáthshaol. Leagann an tAcht um Míchumas freagrachtaí móra ar chomhlachtaí poiblí lena chinntiú, le himeacht ama, go mbeidh teacht ag daoine faoi mhíchumas ar fhoirgnimh phoiblí agus ar sheirbhísí poiblí.

Bhunaigh an Chomhairle Foireann Ghnímh atá tar éis Plean Gnímh a ullmhú leis an Straitéis um Míchumas a chur i bhfeidhm. Sa phlean déantar foráil:

- Do chomhairliúchán le Grúpaí atá ionadaíoch do dhaoine le míchumas i Longfort.
- D'oiliúint Foirne i dTuisceint ar Mhíchuma agus in Iniúchadh Inrochtaineachta
- D'iniúchadh Inrochtaineachta ar fhoirgnimh agus ar shaoráidí údaráis áitiúil
- Do Bheartais a fhorbairt ar sheirbhísí agus faisnéis atá ar fáil

Fuair Comhairle Contae Longfoirt €300,000 sa bhliain 2006 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoin Straitéis Náisiúnta um Míchumas. Is iad seo a leanas na hOibreacha atá déanta go dtí seo

- nrochtaineacht fhisiciúil atá feabhsaithe curtha ar fáil i Leabharlann Longfoirt
- Inrochtaineacht fhisiciúil atá feabhsaithe curtha ar fáil sna reiligí in Ballymacormack, Rathcline, Barraghmore agus i mBéal Átha na Muc.
- Áiteanna páirceála do chathaoir rothaí i Lár Bhaile Longfoirt
- Iniúchadh inrochtaineachta a dhéanamh in Áras an Chontae
- Oiliúint a chur ar an bhfoireann i dTuisceint ar Mhíchumas
- Teicneolaíocht oiriúnaitheach a chur ar fáil i Líonra Brainse na Leabharlainne

Tá tograí ar siúl freisin chun feabhas a chur ar an rochtain fhisiciúil ar Áras an Chontae, Oifigí Chúirt na Camlinne agus Oifigí Chomhairle Baile Longfoirt agus ar Bhraintí na Leabharlainne lena n-áirítear closchóras lúb ionduchtúcháin, athdhearadh na deisce fáiltithe agus athruithe ar na doirse inmheánacha. Tá obair beartaithe freisin chun feabhas a chur ar an rochtain ar reiligí breise, ar bhóithre, chosáin, thrasrianta coisithe agus ar áiteanna páirceála. Tá soláthar á dhéanamh chomh maith lena chinntiú go bhfuil inrochtaineacht iomlán ar Thionscadal Linn Snámha nua Longfoirt.

# Seirbhísí Corparáideacha

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## CRUINNITHE NA COMHAIRLE CONTAE

Reáchtáladh cruinnithe na Comhairle Contae go míosúil seachas i mí Lúnasa. Ag an gCruinniú Buiséid a bhí ar siúl ar 11 Eanáir 2006, ghlac na Comhaltaí leis an mBuiséad don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2006. Ag Cruinniú Míósúil na Comhairle a bhí ar siúl ar 18 Eanáir 2006, ghlac na

Comhaltaí leis an moladh ón Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun Mr. Timothy Caffrey a cheapadh mar Bhainisteoir an Chontae. Thosaigh Mr. Caffrey leis an bpost ina dhiaidh sin ar 7 Márta 2006.

Chomh maith leis sin, ag Cruinniú Míósúil a bhí ar siúl ar 18 Eanáir 2006, toghadh na Comhairleoirí Adrian Farrell, Gerry Brady agus P.J. Reilly ar an bhFóram Réigiúnach Sláinte do Limistéar Bhaile Átha Cliath – Laighean Láir.

Reáchtáladh Cruinniú Bliantúil na Comhairle ar 28 Meitheamh 2006 agus toghadh an Comhairleoir Paddy Belton mar Mhéara agus toghadh an Comhairleoir Victor Kiernan mar Leas-Mhéara.

## CUIR I LÁTHAIR/ TOSCAIREACHTAÍ

Labhair an Coimisinéir Cúnta Dermot Jennings, an tArd-cheannfort William Ryan agus an Cigire Joe Mullarkey ag Cruinniú Speisialta de Choiste ar 15 Feabhra maidir le cúrsaí póilíneachta i gContae Longfoirt. Labhair Mr. Jim Reilly, Bainisteoir na hOifige Áitiúla Sláinte agus Mr. Joe Martin, Bainisteoir Ginearálta, Seirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine, ag Cruinniú Speisialta de Choiste ar 20 Feabhra 2006 maidir le cúrsaí sláinte. Labhair Mr. Reilly ag Cruinniú Speisialta den Choiste chomh maith a bhí ar siúl ar 31 Iúil 2006.

Rinne Cunnane Stratton Reynolds cuir i láthair ag an gCruinniú míosúil i mí an Mhárta maidir le hathfhorbairt Bhóthar Troma, Gránard. Labhair Mr. Pádraig McNamara, Máistir Poist, Gránard agus Mr. Paddy McCann, Máistir Poist, Mullach na Sí, An Caisleán Riabhach ag an gCruinniú Míósúil i mí an Mhárta faoi mheath líonra Oifig an Phoist sa Tuath in Éirinn.

Labhair Ms. Bríd Moody, I.D.A., Mr. Pat Byrne, Enterprise Ireland, Mr. Joe McGuinness, FÁS agus Mr. Michael Nevin, Bord Fiontar Chontae Longfoirt ag Cruinniú Speisialta a bhí ar siúl ar 27 Márta 2006 maidir le hiomarcaíochtaí a bhí fógartha ag C & D Foods tar éis an tine a tharla sna foirgnimh ar 15 Eanáir 2006.

Labhair Mr. John Byrne, Bainisteoir an Cheantair, Mr. Tom Guckian, Maor Foirgníochta, Mr. John Clarke, Maor Seirbhísí do Chustaiméirí agus Mr. Gerry Mooney, Bainisteoir Seirbhísí do Chustaiméirí – E.S.B. Networks ag an gCruinniú Míósúil den Chomhairle i mí Aibreáin.

Bhí Cruinniú Speisialta den Chomhairle, ina raibh Seimineár ar na gníomhaíochtaí i ngach Stiúthóireacht de Chomhairle Contae Longfoirt, ar siúl san Atlantic Coast Hotel, i gCathair na Mart ar 7 agus 8 Aibreán 2007.

Labhair Mr. David Ryan, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Mr. Gerry Geoghegan, RPS Consulting Engineers, ag an gCruinniú Míósúil i mí an Mheán Fómhair faoi phlean Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun uisce a sholáthar trí phiopaí ó Loch Rí chuig Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Labhair Mr. Mike Magan, Cathaoirleach agus Mr. Michael Hanley, An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Lakeland Dairies Co-Operative Society Ltd. ag Cruinniú Speisialta de Choiste ar 28 Samhain 2006 maidir leis an dúnadh atá beartaithe d'Ionad an Chumainn i Longfoirt.

# Acmhainní Daonna

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## ACMHAINNÍ DAONNA

Tá feidhm lárnach ag an Rannóg Acmhainní Daonna chun tacú leis na spriocanna corparáideacha a thagann chun cinn. Cuirtear tacaíocht chomhairleach ar fáil i bhfoirm forbartha Acmhainní Daonna, cuidithe caidrimh thionsclaíoch agus forfheidhmithe bheartais. Lean an Rannóg Acmhainní Daonna ag forbairt níos mó agus bheith in ann na riachtanais eagraíochtúla a chomhlíonadh agus spreagadh an fhoireann bheith rannpháirteach agus eagraíocht a fheidhmíonn go maith á tógáil acu.

### EARCAÍOCHT

Tá earcaíocht agus roghnúchán ríthábhachtach chun feidhmíocht éifeachtach agus leanúnach a chinntiú. Léiríonn na staitisticí seo a leanas na leibhéil arda gníomhaíochta sa réimse seo i 2006.

#### Staitisticí Earcaíochta 2006

Líon na gComórtas Fógartha	24
Líon na Laethanta Agallaimh	31
Líon na nlarratas a fuarthas	705
Líon na nlarratasóirí ar tugadh cuireadh chun agallaimh dóibh	380
Líon na nlarratasóirí a d'fhreastail ar agallamh	281
Líon na mball foirne a ceapadh	32

### OILIÚINT

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh Oiliúint agus Forbairt foirne ann leis na leibhéil arda feidhmíochta a choinneáil agus le linn 2006 léirigh an Chomhairle an tiomantas atá aici sa réimse seo. Chinntigh an Chomhairle trí obair an Oifigigh Oiliúna go raibh cothromaíocht ó thaobh gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha á cur ar fáil don fhoireann ar fad.

Tugadh faoi Anailís fhairsing ar na Riachtanais Oiliúna i mí Aibreáin. Leis an anailís in éineacht leis an bpróiseas CBFF aithníodh na riachtanais oiliúna agus cuireadh eolas ar fáil maidir le Clár Oiliúna a fhorbairt. Cuireadh céad nócha a cúig chlár oiliúna san iomlán ar fáil. Chun an éifeacht is fearr a bhaint as an oiliúint atá curtha ar fáil agus chun éascú a dhéanamh ar chleachtais atá cost-éifeachtúil agus chun saineolas a roinnt, d'imigh an Chomhairle, nuair ab fhéidir, i ngleic leis na hÚdaráis Áitiúla a bhí mar chomharsana, chun clár oiliúna a chur ar fáil.

Chomh maith leis na cúrsaí oiliúna atá luaite, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta (H&S) le linn 2006. Chuir an Chomhairle tús le clár oiliúna reachtúil Sláinte agus Sábháilteachta a leathnú amach mar fhreagra ar na forálacha reachtaíochta sa réimse seo. Cuideoidh an t-athbhreithniú chomh maith le plean oiliúna Sláinte & Sábháilteachta a chur le chéile do 2007, a chomhlánóidh plean oiliúna ginearálta na Comhairle.

Ag eascairt as Beartas do Lucht Scoir na Comhairle a thabhairt isteach, forbraíodh agus cuireadh Seimineár um Pleanáil Scoir ar fáil do líon ball foirne a bhí ag dul ar scoir go luath. Sa seimineár seo clúdaíodh líon réimsí lena n-áirítear bainistíú a dhéanamh ar na hathruithe a mbeidh an fostaí ag súil leis agus iad ar scor, deiseanna don phinsean agus le haghaidh infheistíochta, teidlíochtaí leasa shóisialaigh agus gníomhaíochtaí eile sláinte agus sóisialta oiriúnacha. Cuirfear tuilleadh seimineár ar fáil go tréimhsiúil a bheidh comhthráthach le dátaí scoir.

Cuireadh forbairt foirne ar fáil trí Scéim Tacaíochta Forbartha agus Oiliúna na Comhairle, le linn 2006. Fuair fiche ball foirne ar an iomlán tacaíocht faoin scéim seo chun tabhairt faoi chúrsaí páirtaimseartha 3ú leibhéal atá oiriúnach dá ról san eagraíocht.

# Acmhainní Daonna

## Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

### TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSÍ:

- % caite ar Oiliúint agus Forbairt mar chéatadán de na costais iomlána párolla = 7.99 %
- % de na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreachta bhreitheachta

Saoire le Teastas	3.66
Saoire gan Teastas	0.58

### COMHIONANNAS / ÉAGSÚLACHT

Tá Comhairle Contae Longfoirt go hiomlán tiomanta do na prionsabail comhionannais atá leagtha amach san hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004. Athbhunaíodh an Fhoireann Ghnímh um Chomhionannas i 2006 agus d'oibrigh sí go dlúth le hOifigeach Comhionannais na Comhairle chun na beartais comhionannais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Le linn 2006, tríd an bhFoireann Ghnímh um Chomhionannas seoladh Clár faoi rún um Chúnamh d'Fhostaithe. Is seirbhís chomhairleach, chomhairleoireachta agus atreorúcháin í seo, atá leagtha amach chun deis a thabhairt don fhoireann teagmháil a dhéanamh le haghaidh treorach agus cúnamh ar fhadhbanna atá ag cur isteach ar a gcuid feidhmíochta sa phost agus atá ag cur isteach ar an leas agus an tairbhe atá siad ag baint as an saol.

Réimse gníomhaíochta tábhachtach don Fhoireann Ghnímh um Chomhionannas is ea forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta lena chinntiú go bhfuil tiomantas na Comhairle i dtreo an Chomhionannais i bhfeidhm. Sa bhliain 2006 rinne an fhoireann Ghnímh um Chomhionannas athbhreithniú ar Bheartas na Comhairle chun na Dínite san Ionad Oibre.

Tá méadú ag teacht ar an éagsúlacht sa líon lucht oibre agus ní mór do na straitéisí agus na beartais léiriú a dhéanamh agus bheith in ann déileáil le daoine aonair éagsúla atá fostaithe agus atá ag lorg fostaíochta.

Ina gcuid gníomhaíochtaí diríonn an Fhoireann Ghnímh um Chomhionannas ar an éagsúlacht sa líon lucht oibre mar láidreacht san eagraíocht agus mar bhealach leis an bhféidearthacht agus an táirgiúlacht a chur chun cinn go mór.

### CÓRAIS BAINISTÍOCHTA AGUS FORBARTHA FEIDHMÍOCHTA (CBFF)

Leis na Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Shóisialta “Dul Chun Cinn a Choinneáil” agus “I dTreo 2016” déantar foráil d'fhorfheidhmiú agus do dhaingniú an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta i ngach Údarás Áitiúil ar fud na tíre. Sa bhliain 2006, chuir Údarás Áitiúla Longfoirt an chuid is mó den Chórais Bainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta i bhfeidhm laistigh de gach Stiúthóireacht. Is éard a bhí i gceist leis seo ná oiliúint a chur ar an bhfoireann uile agus ar na Bainisteoirí Líne ar phróiseas an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta agus roinneadh na rannóga uile i bhfoirme oibre praiticiúla. Chomh maith leis sin tugadh an deis do gach ball foirne bheith rannpháirteach sa Phleanáil um Fhorbairt Phearsanta (PFP) trí chomhráite duine le duine a bheith acu lena mBainisteoirí Líne. Tá daingniú an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta san eagraíocht mar chuid de ról gach ball foirne anois, agus tá cuspóirí an Phlean Chorpóraidigh istigh i ngach Plean Foirne agus fiú amháin sa Phleananna um Fhorbairt Phearsanta. Na gnéithe bunúsacha de phróiseas an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta is ea cumarsáid leanúnach, comhrá agus aiseolas go tráthúil. Is gnéithe tábhachtacha iad seo a chuirfidh le daingniú rathúil an Chórais Bhainistíochta agus Fhorbartha Feidhmíochta san eagraíocht sa todhcháí.

# Acmhainní Daonna

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## **GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHPHÁIRTÍOCHTA SAN IONAD OIBRE**

### **An Tionscnamh um Fhilleadh ar an bhFoghlaim:**

D'éirigh go hiontach arís leis an gClár um Fhilleadh ar an bhFoghlaim i 2006 agus bhí sé bhall foirne dhéag a chríochnaigh an cúrsa. Bronnadh teastais ar gach duine a chríochnaigh an cúrsa. Sa chlár seo tá baill foirne in ann 'filleadh' ar an oideachas agus tá sé faoi choimirce na Roinne Oideachais & Eolaíochta agus an Chumainn Náisiúnta Litearthachta do Dhaoine Fásta i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach do Chomhpháirtíocht Náisiúnta an Údaráis Áitiúil (GCCNUÁ).

### **Seimineár ar Lánpháirtíú Foirne:**

D'éirigh go han-mhaith leis an gCoiste Comhpháirtíochta chun an Seimineár ar Lánpháirtíú Foirne a eagrú. Is éard a bhí i gceist leis an Seimineár seo ná Feasacht Comhpháirtíochta, Bainistiú Struis agus seoladh an Chláir um Chúnamh d'Fhostaithe. D'éirigh go hiontach leis an tionscadal seo do gach duine a raibh baint acu leis. Léiríodh le rath an tseimineáir go raibh ag éirí go maith leis an bpróiseas comhpháirtíochta i gComhairle Contae Longfoirt.

### **Seimineár ar Chúrsaí Pinsean & Aoisliúntais:**

Reáchtáil an Rannóg Airgeadais i gcomhpháirtíocht leis an gCoiste Comhpháirtíochta seimineár ina raibh an-chuid faisnéise ann, don fhoireann maidir lena gcuid teidlíochtaí faoin reachtaíocht reatha ar Aoisliúntas.

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

## Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Tugann Rannóg TFC na Comhairle tacaíocht do thairim agus 300 cliant inmheánacha. Cuireann an Rannóg córais éagsúla ar fáil agus tugann sí tacaíocht dóibh, lena n-áirítear:

- Ríomhphost, Idirlíon, Líonra Inmheánach agus Eislíon
- Córais bunaithe ar an ngréasán
- Córais Airgeadais Agresso a thugann tacaíocht do chórais fhaisnéise bainistíochta airgeadais agus próiseáil idirbheart na n-údarás áitiúil.
- Córais fhaisnéise geografacha a chuireann faisnéis riachtanach ar fáil ar na bóithre, na príomhlínte agus ar bhonneagar eile sa chontae.
- Córais riaracháin phleanála
- Córais riaracháin tithíochta
- Córais bheaga bunachar sonraí éagsúla.

### BONNEAGAR LÍONRA

Is éard atá sa líonra ná comhpháirteanna áirithe coimpléascacha a mbíonn bainistiú, cothabháil agus monatóireacht leanúnach ag teastáil uathu. Cuireann an Rannóg slándáil ar fáil trí chláir frithvíreas, bhallaí dóiteáin, srl. a sholáthar agus déanann sí bainistiú ar bheartas um chúltaca agus iomarcaíocht. Sa bhliain 2006 rinneadh uasghrádú ar an nasc reatha cumarsáide raidió agus leathnaíodh é amach go dtí an Chomhairle Baile, an foirgneamh Stores agus an tIonad Cóireála Dramhála in Lisbrack. Agus níos mó ábhar geografach agus ilmheáin ann tá gá le toilleadh breise trí líonraí achair logánta bandaleithid aird agus líonraí achair fhairsing a bheith ann. Tá feabhsúcháin ar siúl sa réimse seo go leanúnach. Sa bhliain 2006 rinneadh uasghrádú ar na Brainsí Leabharlainne go dtí leathanbhanda DSL (líne dhigiteach rannpháirtí). I gcroílár an bhonneagair fhaisnéise tá ríomhairí (freastalaithe) a thugann tacaíocht d'fheidhmchláir. Tá tuairim is 25 freastalaí lonnaithe in Áras an Chontae. Sa bhliain 2006 rinne an Chomhairle athsholáthar ar a freastalaí ríomhphoist agus ar a freastalaí frithvíreas agus cheannaigh sí freastalaí nua don Chóras Tithíochta (Baile) a cuireadh i ngníomh i mí an Mheithimh.

### CÓRAIS NUA AGUS FEABHSÚCHÁIN

Cuireadh córas nua Frithvíreas isteach le linn 2006. Chomh maith leis sin tugadh isteach córas Ar Líne i rith na bliana chun próiseáil a dhéanamh ar na costais. Cuireadh tús leis an obair freisin le linn na bliana chun córas a thabhairt isteach le bainistiú a dhéanamh ar an ábhar ar láithreáin gréasáin na Comhairle.

### CÓRAIS FHAISNÉISE GEOGRAFAÍ

**Gabháil Sonraí** - Lean Údarás Áitiúla Longfoirt ag gabháil agus ag bailíochtú sonraí maidir le Pleanáil, na Bóithre, Sláintíocht agus Comhshaoil.

**Clár Toghthóirí** - Le linn 2006 cuireadh i gcrích an ríomh-mhapáil sonraí i dtaca le gníomhaíochtaí a bhaineann le Clár na dToghthóirí.

**Tionscnamh um Thimpiste Chomhairle Contae Longfoirt & An Gharda Síochána** - Tá Comhairle Contae Longfoirt agus Cór Tráchtana an Gharda Síochána ag obair i gcomhpháirtíocht lena chéile chun na láithreacha agus áiteanna timpistí timpeall an chontae a aithint mar chuid den Fheachtas Náisiúnta Slánródaíochta. Sa bhliain 2006 cuireadh léarscáileanna dathchódaithe ar fáil a rinne mapáil ar an láthair ina raibh timpistí bóthair idir 1999 agus 2005. Baineann Cór Tráchtana an Gharda Síochána úsáid as na léarscáileanna timpiste seo a chuir Comhairle Contae Longfoirt ar fáil chun a ghníomhaíochtaí forfheidhmíthe a chur ar an eolas agus mar aidhm acu na tairimigh a tharlaíonn ar na bóithre a laghdú.

# Seirbhísí Cultúrtha Longfoirt

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## LEABHARLANN CHONTAE LONGFOIRT

Tá sé bhainse leabharlainne lonnaithe i Longfort, Baile Uí Mhatháin, Béal Átha Liag, Meathas Troim, Droim Lis agus Gránard.

### FORBAIRTÍ TÁBHACHTACHA 2006

Le bliain anuas tá forbairt seirbhíse na leabharlainne ag díriú don chuid is mó ar sheirbhís níos fearr a sholáthar do na custaiméirí uile. Rinneadh athbheithniú cuimsitheach ar na huairéanta oscailte sna brainsí páirtaimseartha ar fad agus ag eascairt as sin cuireadh leis na huairéanta oscailte i ngach brainse. Chomh maith leis sin cuireadh tús don chéad uair le hoscailt ar an Satharn i Leabharlann Ghránard i 2006. Tá rochtain ar leathanbhanda curtha ar fáil i gcúig bhainse leabharlainne. Tá nasc láidir comhpháirtíochta déanta le Rannóg Aosoideachais agus Oideachais Phobail Choiste Gairmoideachais Longfoirt, le Cúram Leanaí Chontae Longfoirt, Le Nasc na mBan i Longfort, le Líonra do Dhaoine Scothaosta i Longfort, le Global Longford agus le Longford Community Resources Ltd. Chuidigh sé seo go mór chun seirbhís na leabharlainne a dhíriú ar earnálacha éagsúla den phobal.

### ÉAGSÚLACHT CHULTÚRTHA/CUIMSIÚ SÓISIALTA

Tá an tseirbhís Leabharlainne ag freagairt do riachtanais phobal na n-imirceach atá ag fás i Longfort trí líon nua seirbhísí a fhorbairt.

- D'fhorbair an fhoireann Treoirleabhar do Ghnáth-Bhéarla do na seirbhísí leabharlainne uile agus tá sé ar fáil anois i gcúig theanga: Béarla, Gaeilge, Fraincis, Polainnis agus Rúisis.
- Tá dréacht déanta chomh maith as Béarla agus as Gaeilge ar Fhoirm Ballraíochta Leabharlainne atá simplithe agus méadaithe chun teacht in ionad na trí fhoirm atá ann faoi láthair agus beidh sí ar fáil i ngach brainse ó thús 2007.
- Forbraíodh rannóg speisialta Foghlama Teanga le bliain anuas agus tá leabhair graiméir agus foclóra Bhéarla agus ábhair le haghaidh ullmhúcháin scrúdaithe ar fáil ann. Fuarthas rogha Dlúthdhioscaí agus DVD-ROManna agus is féidir iad a fháil trí mheán de 28 teanga éagsúla.
- Tá leabhair as Polainnis, Rúisis, Lituáinis, Laitvis agus Slóivéinis do leanaí agus do dhaoine fásta faighte ar scéim cíosa ó "Bright Books" agus féadtar iad a mhalartú go rialta. Tá an-tóir ar na Leabhair as Polainnis agus tá éileamh seasta ar ábhair sna teangacha eile.
- Bunaíodh Grúpa do Mháithreacha agus do Mhamailínigh Polannacha i mBrainse Leabharlainne Longfoirt i gcomhpháirtíocht le Coiste Gairmoideachais Longfoirt. Tagann an grúpa le chéile dhá uair sa tseachtain ar feadh aon uair an chloig go leith agus déanann bean Pholannach dhátheangach agus ball foirne na leabharlainne éascú ar an ngrúpa. Is éard atá i gceist leis na cruinnithe ná meascán de cheachtanna Béarla atá neamhfhoirmeálta agus taitneamhach, chomh maith le comhairle i gcoitinne ar shaincheistanna ar nós oibre, oideachais agus cúraim leanaí agus tá scéalta agus líníocht ann do na leanaí.





# Seirbhísí Cultúrtha Longfoirt

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## STRAITÉIS UM MÍCHUMAS

Tá bogearraí Teicneolaíochta Oiriúnaithí ar fáil anois i ngach brainse de na 6 Bhainse Leabharlainne. D'fhorbair úsáideoir lagamhairc i Leabharlann Longfoirt le cuidiú ó fhoireann na leabharlainne treoirleabhar gnáth-Bhéarla ar theicneolaíocht oiriúnaitheach. Tá an treoirleabhar, a forbraíodh mar chuid de Straitéis um Míchumas Údaráis Áitiúla Longfoirt, in úsáid ag seisiúin oiliúna ar bhogearraí inrochtaineachta don fhoireann agus d'úsáideoirí na seirbhíse.

## CLÁR IMEACHTAÍ LEABHARLANN LONGFOIRT 2006

I rith na bliana eagraíodh clár leanúnach imeachtaí ag cothú tuisceana ar na seirbhísí éagsúla atá ar fáil sa leabharlann agus ag spreagadh gach earnáil den phobal chun úsáid a bhaint as an tseirbhís.

### • Imeachtaí do Dhaoine Óga:

- 6 -12 Márta SEACHTAIN NA LEABHARLAINNE IN ÉIRINN  
Cuireadh Ceardlanna Scríbhneoirí ar bun do 200 dalta Bunscoile agus Iarbhunscoile agus dá múinteoirí.
- 10-21 Iúil: IMEACHTAÍ FHÉILE AN TSAMHRAIDH  
An Téama: **An Comhshaol**  
Bhí seónna draíochta agus puipéad, siúlóidí dúlra, scéalaíocht, seisiúin ealaíon agus ceardaíochta ar siúl i ngach brainse leabharlainne
- 1 -3 D. Fómhair: CEILIÚRADH BECKETT  
Chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 100 bliain ó rugadh Samuel Beckett agus le comhoibriú ó Éigse Éireann, bhí trí lá léiriúchán ar obair Beckett do mhic léinn mheánscoileanna.
- 16 -1 Samhain FÉILE LEABHAR DO LEANAÍ  
Eagraíodh ceardlanna agus d'fhreastail na húdair ar leabhair do leanaí Liam Farrell, Michael Carroll agus Aubrey Flegg chomh maith leis an scéalaí áitiúil Chris Thompson, orthu.  
Éascaíodh cóisir agus scéalaíocht Oíche Shamhna chomh maith le seisiúin scríbhneoireachta do leanaí agus do dhaoine fásta, agus reachtáladh quizeanna agus comórtais AE, seisiúin scéalaíochta agus cuairteanna ranga rialta freisin.

### • Imeachtaí do Dhaoine Fásta

Reachtáladh Seisiúin Oiliúna Idirlín Uair an Chloig don Phobal ar an Máirt ar maidin.  
Reachtáladh ranganna teanga as Francis, Gaeilge agus Spáinnis.

### • Taispeántais

Eagraíodh líon mór taispeántas mar seo a leanas le linn 2006.

- Aibreán: Taispeántas Ealaíne Líonra Ealaíon Pobail
- Bealtaine: Taispeántas Roger Casement
- Iúil: Taispeántas ENFO ar fhásra agus ar ainmhithe in Éirinn
- Lúnasa: Taispeántas ENFO ar thréithe tírdhreacha in Éirinn
- M. Fómhair: Taispeántas atá urraithe ag an AE den ghrianghrafadóir Polannach Jolanta Cofa maidir le thréithe an Gheimhridh san Fhionlainn
- D. Fómhair: Taispeántas ar shaol Samuel Beckett i gcomhar le Rannóg Cultúrtha na Roinne Gnóthaí Eachtracha.  
Taispeántas Goal leis an ngrianghrafadóir áitiúil Tiernan Dolan  
Taispeántas ar obair na n-ealaíontóirí áitiúla Terry Carroll agus Gordan Farrell
- Samhain: Taispeántas ar obair an ealaíontóra áitiúil Anna Benson  
Taispeántas ar ghnéithe den saol agus den chultúr san Afganastáin
- Nollaig: Taispeántas Ealaíne "Reflections" den ghrúpa ealaíne áitiúil

# Seirbhísí Cultúrtha Longfoirt

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Staitisticí maidir le Rochtain Phoiblí ar an Idirlíon do 2006

Brainse Leabharlainne	Méid Uuaireanta an Chloig Úsáidtear an Ríomhaire 2006	2005
Longfort	16,132	14,173
Gránard	1792	1,650
Béal Átha Liag	2,292	1,891
Baile Uí Mhatháin	742	508
Droim Lis	556	410
Meathas Troim	763	347
<b>IOMLÁN</b>	<b>22,277</b>	<b>18,579</b>

Líon Ballraíochta na Leabharlainne do 2006

Brainse Leabharlainne	Duine Fásta	Sóisearach	Mac Léinn 2ú Leibhéal	Mac Léinn 3ú Leibhéal	Eile	IOMLÁN
Longfort	2034	1172	361	202	35	3804
Gránard	252	279	34	31	7	603
Béal Átha Liag	203	202	41	11	1	458
Baile Uí Mhatháin	156	172	19	4	0	351
Droim Lis	71	142	29	14	3	259
Meathas Troim	113	107	25	4	2	251
<b>IOMLÁN</b>	<b>2829</b>	<b>2074</b>	<b>509</b>	<b>266</b>	<b>48</b>	<b>5726</b>

Líon Ballraíochta na Leabharlainne do 2005

Brainse Leabharlainne	Duine Fásta	Sóisearach	Mac Léinn 2ú Leibhéal	Mac Léinn 3ú Leibhéal	Eile	IOMLÁN
Longfort	2003	1339	309	184	29	3864
Gránard	244	303	54	28	11	640
Béal Átha Liag	219	199	36	7	4	465
Baile Uí Mhatháin	142	160	24	3	2	331
Droim Lis	56	85	18	3	0	162
Meathas Troim	85	107	6	4	0	202
<b>IOMLÁN</b>	<b>2749</b>	<b>2193</b>	<b>447</b>	<b>229</b>	<b>46</b>	<b>5664</b>

Líon Iomlán na nÁbhar a Fuarthas ar Iasacht i 2006

Brainse Leabharlainne	Ficsean do Dhaoine Fásta	Neamhfhlíicsean do Dhaoine Fásta	Sóisearach	Clos	IOMLÁN
Longfort	21,236	17,958	19,638	3,650	62,482
Gránard	3,069	1,585	3,504	93	8,251
Béal Átha Liag	3,189	1,417	3,758	66	8,430
Baile Uí Mhatháin	2,446	1,001	3,009	54	6,510
Droim Lis	1,145	572	1,843	37	3,597
Meathas Troim	1,276	627	2,041	27	3,971
Eagráin do Bhunscoileanna	-	-	6,945	-	6,945
<b>TOTALS</b>	<b>32,361</b>	<b>23,160</b>	<b>40,738</b>	<b>3,927</b>	<b>100,186</b>

# Seirbhísí Cultúrtha Longfoirt

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

Líon Iomlán na nÁbhar a Fuarthas ar Iasacht i 2005

Brainse Leabharlainne	Duine Fásta	Sóisearach	Closamhairc	IOMLÁN		
Longfort	42,491	23,055	2,980	62,526		
Gránard	4,918	3,994	53	8,965		
Béal Átha Liag	5,260	3,541	60	8,861		
Baile Uí Mhatháin	4,141	2,834	49	7,024		
Droim Lis	1,471	1,132	49	2,652		
Meathas Troimn	2,305	1,926	29	4,260		
<b>TOTALS</b>	<b>60,586</b>	<b>36,482</b>	<b>3,220</b>	<b>100,288</b>		

## SEIRBHÍS CARTLAINNE AN CHONTAE

Bhí bliain an-ghnóthach ag Seirbhís Cartlainne Chontae Longfoirt arís i 2006, agus cuireadh roinnt tionscadal i gcrích, agus leanadh ar aghaidh le cinn eile.

### NA CARTLANNA

Cuireadh Cnuasach Leavy, páipéir de theaghlach Farrell, Tullyvrane, Béal Átha Liag, ar fáil don phobal. Sa chnuasach tá roinnt taifead de Chúirt Sinn Féin i bParóiste Rathcline.

Rinneadh micreascannánú ar mhiontuairiscí Chomhairle Baile Ghránard, 1920-2002.

Rinneadh digitíú ar Léarscáileanna d'Eastát Magan (a deonaíodh i 2005), dar dáta 1795, agus tá fáil éasca orthu anois do thaighdeoirí.

Rinneadh obair caomhantais ar leabhar Mhíliste Longfoirt (1793-1855) agus ar leabhar cuntas ó chnuasach King-Harman.

Deonaíodh iad seo a leanas:

- Páipéir Paddy Whelan, Baile Uí Mhatháin (staraí áitiúil) a fuair bás;
- Trí rud atá mar ábhar spéise do Bhéal Átha Liag, 1922-1936;
- Clár ó Scoil Náisiúnta Fardromin, 1887-1968;
- Ticéad do chrannchur ó 1889.

### BAINISTIÚ TAIFEAD

Leanadh leis an gcóras ar bhainistiú na dtaifead i Rannóga Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Longfoirt.

### IMEACHTAÍ FOR-ROCHTANA AGUS POIBLÍ

Tionscadal Staire Béil Bhantracht na Tuaithe: Bhí an Cartlannaí ag obair le grúpa Bhantracht na Tuaithe chun cartlann staire béil a chur le chéile ar shaoilta ban i Longfort le céad bliain anuas, mar chuid d'ullmhúchán ar leabhar ar an ábhar.

**12-13 Bealtaine:** Bhí an Cartlannaí rannpháirteach agus tionól Chumann Béaloidis na hÉireann i Longfort á eagrú.

**19 Bealtaine-7 Meitheamh:** Reáchtáladh an taispeántas taistil 'Casement in Germany' i gcomhar le Cartlanna Chontae an Chláir.

**28 Iúil:** Thug an Cartlannaí caint, agus chuidigh sé le taispeántas cartlann agus déantán a chrochadh i Leabharlann Bhéal Átha Liag, do Scoil Samhraidh Bhliantúil Locha Rí.

**24 Deireadh Fómhair-5 Nollaig:** Thug an Cartlannaí cúrsa dar teideal 'An Introduction to Local History' i Leabharlann Longfoirt.

# Seirbhísí Cultúrtha Longfoirt

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## Oifig Oidhreachta Longfoirt

Is é an aidhm atá ag Plean Oidhreachta Chontae Longfoirt ná: - “Go mbeidh ár n-oidhreacht mar chuid den saol do gach duine”

Baintear é seo amach:

1. Trí Fhóram Oidhreachta Chontae Longfoirt a bhunú agus a bhainistiú
2. Trí chomhordú a dhéanamh ar Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt 2004-2009 agus é a chur i bhfeidhm, atá mar aidhm aige:
  - An oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta a chosaint agus a chur chun cinn
  - Spéis agus mórtas i gcultúr an chontae a chothú
  - Forbairt a dhéanamh ar chlár oideachais agus feasachta ar an oidhreacht
  - Faisnéis oidhreachta a sholáthar atá ar fáil do gach duine
  - Oidhreacht nádúrtha an chontae a chosaint agus a chur chun cinn

Bhí Lisa McDaniel agus Shirley Markley ag bainistiú na hOifige Oidhreachta i 2006. Cuireadh líon mór tionscadal i gcrích ina gcinnteofar forfheidhmiú Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt 2004-2009.

### **BUAICEANNA 2006:**

#### **• Oiliúint um Fheasacht Oidhreachta Phobail:**

Reáchtáladh sraith cainteanna faisnéiseacha agus seisiúin oiliúna chun an cleachtas is fearr i dtionscnaimh oidhreachta agus i gcaomhnú na hoidhreachta foirgnithe agus nádúrtha a chur chun cinn le linn mhí Feabhra agus Márta san Halla Temperance. D'fhreastail os cionn 200 duine ar na cainteanna ó ghrúpaí bailte slachtmhara, ó ghrúpaí forbartha pobail, ó choistí reilige agus ón earnáil fheirmeoireachta. Reáchtáladh ceardlanna praiticiúla ar fud an chontae ar mhodhanna traidisiúnta maidir le bainistiú fála sceach, deisiúchán agus cothabháil ar bhallaí cloiche agus múiríní. Thug an Oifig Oidhreachta tacaíocht do Chluiche Bliantúil Treabhdóireachta an Chontae trí thaispeántas ar bhainistiú fála sceach a reáchtáil ag an imeacht.

I ndiaidh na seisiún oiliúna, reáchtáil Comhairle Contae Longfoirt an comórtas ‘Mórtas Ceantair’ chun an cleachtas is fearr i dtionscnaimh oidhreachta phobail a aithint agus chun feasacht ról an phobail go forleathan a mhúscailt chun an acmhainn oidhreachta áitiúil a chur chun cinn agus a chaomhnú.

#### **• Suirbhé Fála Sceach:**

Rinneadh suirbhé ar fhálta sceach an chontae chun taifeadadh a dhéanamh ar réim, comhdhéanamh speiceas, struchtúr, riocht agus bainistíocht na bhfálta sceach i gContae Longfoirt.

#### **• Staidéar ar na Portaigh:**

Rinneadh coimisiúnú ar Minerex Environmental Limited (MEL) chun staidéar a dhéanamh ar nádúr, réim, suíomh agus stádas caomhnaithe na bportach, na neanach agus na lagphortach sa chontae. Sa staidéar seo díriodh ar phortaigh nach raibh athshainithe faoin reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cruthaíodh fardal de na láithreacha portach ar fad nach raibh sainithe (portaigh ardaithe, eanaigh agus lagphortaigh) do Chontae Longfoirt agus aimsíodh 201 láthair aonair.

# Longford Cultural Services

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## • Treoirleabhar ar na séadchomharthaí seandálaíochta i gContae Longfoirt:

Forbraíodh treoirleabhar seandálaíochta contae:

- A thugann léargas ginearálta croineolaíochta de na cineálacha séadchomhartha allamuigh éagsúla a fuarthas i gContae Longfoirt
- A thugann cur síos go sonrach ar shéadchomharthaí ar leith a fuarthas ar fud an chontae
- A léiríonn tréimhsí stairiúla i gContae Longfoirt

## • Iniúchadh ar dhéantáin i Músaem Deoise Naomh Mel:

I gcomhpháirtíocht le Deoise Ardach agus Chluain Mhic Nóis, rinne an Oifig Oidhreachta doiciméadú ar an mbaillúchán de tuairim is 450 déantán i Músaem Deoise Naomh Mel.

Is éard atá i gceist leis an iniúchadh seo ná cur síos i scríbhinn agus le grianghraf de gach déantán sa bhailiúchán. Sa tuairisc atá in éineacht leo tá na déantáin ar gá a chaomhnú sonraithe agus déantar moltaí ann maidir leis na déantáin a stóráil.

## • Póstaer Feasachta Oidhreachta:

I gcomhpháirtíocht leis an NIAH (Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtreachta) agus leis an ASI (Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann) dearadh sraith póstaer ag spreagadh feasachta oidhreachta chun oidhreacht fhoirgnithe agus seandálaíochta Chontae Longfoirt a léiriú.

## • Fógraí Raidió:

Rinneadh taifeadadh ar shraith fógraí faisnéise oidhreachta agus craoladh iad ar Shannonside Radio le linn na bliana chun feasacht a spreagadh i dtaobh Oifige Oidhreachta an Chontae agus na saincheisteanna oidhreachta áitiúla.

## • An tSeachtain Oidhreachta:

Rinne an Oifig Oidhreachta comhordú ar chlár imeachtaí, lena n-áirítear siúlóidí, taispeántais, leachtanna agus imeachtaí leanaí ina mbeadh muintir Longfoirt rannpháirteach. Cuireadh bróisiúr le chéile ag léiriú na n-imeachtaí seo agus scaipeadh é i mí Iúil agus i mí Lúnasa. Rinneadh nuashonrú rialta ar láithreán gréasáin fhaisnéise Oidhreachta an Chontae [www.longfordlibrary.ie/heritage](http://www.longfordlibrary.ie/heritage).

## • Deireadh Seachtaine Béaloidis:

I gcomhpháirtíocht le Cartlannaí an Chontae agus Cumann Stairiúil Longfoirt, réachtáil an Oifig Oidhreachta an deireadh seachtaine bliantúil de thionól Chumann Béaloidis na hÉireann i mí na Bealtaine.

## • Taispeántais:

Reáchtáladh taispeántais comhshaoil agus oidhreachta i Leabharlann Longfoirt i rith na bliana

## • Músaem an Chontae:

Rinne an Oifig Oidhreachta comhordú ar aighneacht a chur isteach le haghaidh maoinithe chaipitil do €2.1 milliún faoin Scéim ACCESS II le Músaem an Chontae agus Ionad Oideachais Oidhreachta Réigiúnach a fhorbairt.

# Longford Cultural Services

Beartas um Fhorbairt Gheilleagrach, um Athnuachan Uirbeach & Tuaithe, um Chultúr agus Áineas

## TIONSCADAIL FOIRGNÍOCHTA

### • Mainistir Mhainistir Shruthla

I ndiaidh aighneachta iarratas mhaoinithe a chur isteach i 2006, cuireadh €17,000 ar fáil ón RCO&RÁ – Scéim Athnuachana Uirbeach agus Tuaithe le haghaidh oibreacha caomhnaithe. Tá sonraíochtaí don chéad chéim eile den obair, i ndiaidh an obair a rinneadh i 2004 agus 2005, curtha ar aghaidh chuig an Aire le cead a fháil. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair go luath i 2007.

### • Mainistir Mhainistir Leathrátha

I ndiaidh aighneacht iarratas mhaoinithe a chur isteach i 2006, cuireadh €17,000 ar fáil ón RCO&RÁ – Scéim Athnuachana Uirbeach agus Tuaithe le haghaidh oibreacha caomhnaithe. Tá sonraíochtaí don chéad chéim eile den obair, i ndiaidh an obair a rinneadh i 2004 agus 2005, curtha ar aghaidh chuig an Aire le cead a fháil. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair go luath i 2007.

### • Teach Cúirte Bhaile Uí Mhatháin

Mar thoradh ar aighneacht iarratas mhaoinithe a chur isteach i 2006, cuireadh €17,000 ar fáil ón RCO&RÁ – Scéim Athnuachana Uirbeach agus Tuaithe le haghaidh oibreacha caomhnaithe. Chuir an Chomhairle Oidhreachta €10,000 sa bhreis ar fáil i mí na Samhna 2006. Tá dhá chéim den obair curtha i gcrích anois. San áireamh sna hoibreacha a rinneadh tá athsholáthar na ndraenacha uisce bháistí agus deisiú ar an dion agus ar na simléir.

Feidhmíonn Clár na hOifige Oidhreachta trí shocrú compháirtíochta idir an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Longfoirt.

# Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh

Comhairle Chontae Longfoirt

## BEARTAIS IOMPAIR, UM FHORBAIRT AGUS COTHABHÁIL BÓITHRE & UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE:

### PRÍOMHCHUSPÓIR:

“Lena chinntiú go gcuidíonn agus go gcuireann na beartais agus na hinfheistíochtaí iompair infreastruchtúrtha le forbairt gheilleagrach agus shóisialta Chontae Longfoirt, agus go gcaomhnaítear agus go bhfeabhsaítear áilleacht agus timpeallacht an chontae.”

### COTHABHÁIL AGUS FEABHSÚCHÁN NA MBÓITHRE

Ghlac an Chomhairle le togra de Chuid 8 (Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001) maidir le Seachbhóthar Longfoirt N5 i mí Dheireadh Fómhair 2006, agus táthar ag fanacht le cead an NRA chun leanúint ar aghaidh chuig céim fhoilseacháin an CPO. Tá an chuid is mó de Bhóthar Faoisimh Inmheánach N4 Mheathas Troim curtha i gcrích. Tá tus curtha leis an tógáil ag Céim 1 de Scéim Feabhsúcháin an N4 ó Longfort go Droim ar Snámh, a sheachnaíonn Dromad agus Rúscaigh agus a théann 1km isteach go Contae Longfoirt.

Rinneadh láidriú cosáin ar na bealaí náisiúnta ar fad, agus rinneadh athchóiriú ollmhór ar an N5, ar Shráid Bhaile Átha Cliath i Longfort.

Rinneadh dul chun cinn ar Scéimeanna sonraithe AE in Gaigue ar an R198, idir Meathas Troim agus Lisryan ar an R395, ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath i Longfort ar an R393, thoir ón gCarraig Bhuí ar an R393, agus thoir ó Bhaile Uí Mhatháin ar an R392.

Tá na cláir Ilbhliantúla um Athchóiriú Bóithre agus um Athshlánú Dromchla ar siúl go leanúnach.

### SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá dul chun cinn déanta ar na Scéimeanna Moillithe Thráchtá agus tá siad ag céimeanna éagsúla chun críche i nGránard, i mBaile Uí Mhatháin, i mBéal Átha Liag, i gCill na Sí, i Meathas Troim, agus ar N5 Bhéal Átha na Lao agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Longfort.

Tá dul chun cinn déanta ar na Scéimeanna Low-cost Safety Remedial Schemes have been advanced and are at various stages of completion at Carragh, Lissardowlan, Grillagh, Ballymacormack, Drumlish, Stonepark and Ardagh.

Tá na moltaí atá á ndéanamh maidir le cúrsaí Sábháilteachta ar Bhóithre i dtaca le hiarratais do Chead Pleanála ag leanúint ar aghaidh.

Táthar ag leanúint ar aghaidh The implementation of the multi-annual Public Lighting and Non-National Roads Flashing Lights Plan at schools is ongoing.

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag cothú, ag éascú agus ag glacadh páirte mar aon leis an nGarda Síochána, na Scoileanna agus an Chomhairle Sábháilteachta Náisiúnta i gcur i bhfeidhm na Scéime Maor Shóisearacha Scoile.

Leanann an Chomhairle ag déanamh monatóireachta ar forfheidmiú éifeachtach Rialachán Feithiclé Tráchtá an AE i ndlúthchomhairle leis na hIonad Tástála Údaraithe atá ag feidhmiú sa chontae.

# Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh

Comhairle Chontae Longfoirt

## **BAINISTIÚ TRÁCHTA**

Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an bPlean ilbhliantúil um Chomharthaíocht Bhóthair ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad a chur i bhfeidhm.

Táthar ag leanúint ar aghaidh le forbairt a dhéanamh ar pháirceáil ón tsráid i nGránard.

Cuireadh rialacháin pháirceála i bhfeidhm i Meathas Troim le linn 2006.

## **ROCHTAIN AR IOMPAR PAISNÉARA DO CHÁCH**

Táthar ag leanúint le forfheidhmiú na moltaí atá in Iniúchadh Iompair Thuaithe Chontae Longfoirt ar ghlac an Chomhairle leis.

## **BEARTAIS REATHA:**

Cothaíodh caighdeán a bhí ard i dtaca le Dearadh Bóithre d'fhonn iad a chur i bhfeidhm.

Cuireadh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas chun cinn de réir na dtreoirínte molta i gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, mar a bhí i gcás trasrianta Dhroim Lis agus an N5.

Lean an rannpháirtíocht a bhí sna Grúpaí Stiúrtha agus Teicniúla a dhéanann bainistiú ar Oifig Dearaidh Réigiúnach an Údaráis Náisiúnta Bóithre.

Cothaíodh an caidreamh cuí idir páirtithe leasmhara um fhorbairt iompair ar nós na n-ionadaithe poiblí, na comhlachtaí ionadaíochta, an phobail i gcoitinne, na Roinne Iompair, an Údaráis Náisiúnta Bóithre, na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, an Gharda Síochána, na Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta, Iarnród Éireann agus Uiscebhealaí Éireann.

Leanadh ar aghaidh leis na Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil agus leis na Scéimeanna Pobail a chur i bhfeidhm.

Leanadh leis an taiseálaíocht le hairgeadaithe agus le daoine eile maidir le cur i bhfeidhm na scéimeanna Bóithre agus Iompair Comhpháirtíochta Poiblí agus Príobháidí.



# Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh

Comhairle Chontae Longfoirt

## BEARTAS UM SHEIRBHÍSÍ UISCE

### PRÍOMHCHUSPÓIR:

“Seirbhísí uisce agus bonneagar comhshaoil atá inmharthana ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar fáil chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta a dhaingniú agus chun brústocaireacht a dhéanamh le haghaidh maoinithe chaipitil sa bhreis.”

### DUL CHUN CINN AR NA SCÉIMEANNA CAIPITIL 2006:

1. Scéim Séarachais Chluain dá Ráth – Tógáil curtha i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2006.
2. CRWSS Longfoirt – Taiscumar agus Píblíne – An tógáil le tosú i mí Iúil 2007.
3. Scéim Séarachais Mheathas Troim (Laghdú ar Choithaithigh) – Tógáil le tosú i mí Aibreáin/ mí na Bealtaine 2007.
4. Scéimeanna Séarachais Dhroim Lis agus an Leasa Bhric – An réamhthuarascáil ceadaithe ag an RCO&RÁ, anois ag céim na gCáipéisí Conartha.
5. Céim 2 de Scéim Séarachais Longfoirt – Réamhthuarascáil curtha isteach chuig an RCO&RÁ. Plean Ceantair Áitiúil le cur le chéile.
6. Bainistíocht Sloda Longfoirt – Cead faighte le dul ar aghaidh chuig céim na gCáipéisí Conartha.
7. Scéim Uisce Réigiúnach Bhaile Uí Mhatháin – Réamhthuarascáil curtha isteach chuig an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.
8. Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh Ghránaird – Réamhthuarascáil curtha isteach chuig an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.
9. Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh do Longfort Láir – Athbhreithniú Straitéiseach curtha i gcrích.
10. Scéim Séarachais Ardach, Achadh na Cloiche, Bhéal Átha na Lao – Tús le cur leis an tógáil i mí na Nollag 2007 – Ionaid DBO ag teacht i ndiaidh sin i mí Aibreáin 2008.
11. Céim 1 de Sholáthar Uisce Bhéal Átha na Liag – Ag céim na gCáipéisí Conartha.
12. Scéim Séarachais Grúpaí Bailte agus Sráidbhailte – Tuarascáil Fhéidearthachta curtha isteach chuig an RCO&RÁ.
13. Scéim Séarachais Longfoirt – Athbhreithniú ar an Líonra agus ar an Ionad Fuíolluisce – Cead faighte dul chuig Céim na gCáipéisí Conartha d'oibreacha agus d'ionad moil shloda.
14. Scéim Séarachais Bhéal Átha Liag – Réamhthuarascáil curtha i gcrích, ag céim na gCáipéisí Conartha faoi láthair.
15. Céim 2 den Chaomhantas Uisce – Tionscadal Caomhantais curtha i gcrích. Tús le cur le hoibreacha athshlánaithe an Líonra i 2007.

# Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh

Comhairle Chontae Longfoirt

## BEARTAS COMHSHAOIL

Lean an Rannóg Seirbhísí Comhshaoil ag leathnú amach ina cuid réimse gníomhaíochta. Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach a bhaint amach:-

1. Rinneadh daingniú ar an bPlean Athsholáthartha um Bainistiú Dramháiola don Réigiún Lár Tíre i 2006.
2. Eagraíodh Cúig Bhailiúchán Chonláiste Poiblí san Earrach agus san Fhómhar i 2006 mar chuid d'fheachtas na Comhairle chun feachtas a mhúscailt i dtaobh cúrsaí comhshaoil.
3. Le linn 2006 fuair an Fhoireann um Fhorfheidhmiú Dramháiola 514 gearán agus rinneadh imscrúdú ar gach ceann díobh agus glacadh le gníomhartha cuí forfheidhmithe maidir le líon mór de na gearáin seo.
4. Is é Longfort an t-aon chontae in Éirinn ina bhfuil rannpháirtíocht 100% ó na Meánscoileanna ar Chlár an Scoileanna Glasa. Tá 94% de na Bunscoileanna sa chontae rannpháirteach i gClár na Scoileanna Glasa.
5. Tugadh faoi fheachtas eolais chun an earnáil thráchtála agus tionscail a chur ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí maidir le Rialacháin um Pacáistiú. Reáchtáladh seimineáir agus cuairteanna chuig láithreáin mar chuid den phróiseas chun tuiscint a mhúscailt maidir leis seo.
6. Cuireadh tús le suirbhé ar na Láithreáin Thréigthe sa chontae le linn 2006. Tá tús curtha leis an obair agus táthar ag súil go mbeidh feabhsuithe déanta ag eascairt as ó thaobh tionchair amhairc na láithreáin a raibh aitheanta.
7. Bhain reiligí leas as cúnamh airgid faoin Scéim Tacaíochta do Reiligí le linn 2006. Rinne Longford Jobs Initiative Ltd. cothabháil ar na reiligí eile atá faoi úinéireacht na Comhairle.
8. Cuireadh tús le Stáisiún Dóiteáin nua do Ghránard a thógáil le linn 2006.
9. Tá baint ag an gComhairle le bainistiú Abhantraí na Sionainne agus Abhantraí na hÉirne mar chuid den Treoir Creatlaí Uisce. The Council is involved in the management of both the Shannon River Basin District and the Erne River Basin District as part of the Water Framework Directive.
10. Lean Comhairle Contae Longfoirt ag glacadh páirte sa Chóras Náisiúnta Monatóireachta Bruscair le linn 2006.
11. Cuireadh crích leis an athchóiriú ar Phóna Madraí na Comhairle le linn 2006 agus tá an áis seo anois ag comhlíonadh na gcaighdeán uile chuí.
12. Críochnaíodh Céim 1 de Bhailiúchán Farm Film Plastics i 2006. Bailíodh 400 tonna ábhar san iomlán ar chostas €90,607.

# Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh

Comhairle Chontae Longfoirt

## BEARTAS TITHÍOCHTA, SÓISIALTA, PLEANÁLA & RIALAITHE THÓGÁLA

### NA PRÍOMHCHUSPÓIRÍ:

“Caighdeán inghlactha tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne a chur ar fáil agus a chothú i dtimpeallacht phleanáilte a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir Chontae Longfoirt agus a chothaíonn Cuimsiú Sóisialta.”

### TITHÍOCHT SÓISIALTA

Tharla an t-athbhreithniú meántréimhseach ar an bPlean Gnímh Tithíochta Sóisialta agus Inacmhainne 2004 – 2008 i mí na Bealtaine 2006. Dheimhnigh an t-athbhreithniú go bhfuil ag éirí le Comhairle Contae Longfoirt riachtanais shóisialta an Chontae a chomhlíonadh. Cé gur léiríodh sa Mheasúnú um Riachtanais Tithíochta 2005 go raibh titim i líon na n-iarratasóirí go 247 teaghlach ar liosta an Chontae, tá na figiúirí seo ardaithe ó shin agus faoi dheireadh 2006 bhí sé ardaithe go dtí os cionn 400 arís.

Lean clár tithíochta Comhairle Contae Longfoirt le linn 2006. Rinneadh 129 tionóntachta a leithroinnt i rith na bliana.

### COTHABHÁIL / ATHCHÓIRIÚ TITHÍOCHTA

Tháinig deireadh leis an scéim athchóirithe chun athsholáthar a dhéanamh ar dhoirse agus fuinneoga i 2006. Le linn na bliana lean an Chomhairle leis an gClár Suiteála Téimh Lárnaigh. Tá tús curtha le Scéim Phíolótach maidir le húsáid a bhaint as millíní adhmaid mar bhreosla chun críocha téimh.

### BAINISTIÚ EASTÁT

Lean an tOifigeach Teagmhála Tithíochta agus an tOibrí Sóisialta ag obair le Tionóntaí agus le Cumainn Áitritheoirí le linn 2006. Le linn na bliana chuir an Chomhairle leis an leibhéal gnímh atá ar siúl faoina Beartas um Iompar Frithshóisialta. Ag deireadh na bliana bhí ceithre chúis ar feitheamh le haghaidh éisteachta sna cúirteanna. Bhí an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil ag breathnú ar Phlean Athnuachana do Pháirc Mac Eoin/Farnagh i 2006 agus táthar ag ceapadh go ndéanfar cinneadh lena aghaidh i 2007.

### TITHÍOCHT DHEONACH

Lean an Chomhairle ag obair i gcomhar leis an Earnáil Tithíochta Deonáí. Tá comhchaibidlí ag leanúint ar aghaidh le líon comhlachtaí maidir le sciath-thithíocht a chur ar fáil in áiteanna éagsúla.

### TITHÍOCHT INACMHAINNE

Ag deireadh 2006, soláthraíodh Tithe Inacmhainne in Stonepark. Fuarthas na tithe seo faoi Chuid V den Acht um Pleanáil, 2000.

### IASACHTAÍ / DEONTAIS

Fuarthas 76 iarratas ar iasacht san iomlán i 2006. Ceadaíodh 36 iasacht agus tugadh réamhíocaíocht do 40 iasacht. Níl san áireamh sna figiúirí seo na hiarratais a diúltaíodh nó a tarraingíodh siar.

### DAOINE GAN DÍDEAN

Lean an Fóram do Dhaoine gan Dídean ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil. Tá cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm maidir leis an gcúram atá á sholáthar ag na húdaráis reachtúla éagsúla agus na gníomhaireachtaí deonacha atá gníomhach sa chontae.

### CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Tháinig Coiste Comhairliúcháin Chóiríochta an Lucht Siúil le chéile ar bhonn ráithiúil. Lean an Coiste ag déanamh monatóireachta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir leis na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Cóiríochta an Lucht Siúil 2005-2008 a bhaint amach.

### SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS

Cuireadh struchtúr foirne i bhfeidhm le linn na bliana a bheidh freagrach as an Scéim um Chóiríocht ar Cíos a chur i bhfeidhm.

# Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn an Phlean Chorporáidigh

Comhairle Chontae Longfoirt

## BEARTAIS UM FHORBAIRT GHEILLEAGRACH, UM ATHNUACHAN UIRBEACH & TUAITHE, UM CHULTÚIR AGUS ÁINEAS

### PRÍOMHCHUSPÓIR:

“Beidh Comhairle Contae Longfoirt chun tosaigh agus Forbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha ar siúl i gContae Longfoirt.”

### STRAITÉIS GHEILLEAGRACH:

Leis na Lárionaid Ghnó críochnaithe i mBaile Uí Mhatháin, i mBéal Átha Liag agus i Longfort agus leis an obair leanúnach ar siúl ar Pháirc Tionscail Ghránaird léiríodh tiomantas na Comhairle chun na spriocanna straitéiseacha atá i bPlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach. Lean an obair ar Cheanncheathrú nua Seirbhísí Príosún díláraithe a thógáil le linn 2006. Tá i gceist go mbeidh sé curtha i gcrích go luath i 2007. Lean an fhostaíocht tionscail ag fás i Longfort trí leathnú na bhfiontar infheistithe inmheánacha agus na gcuideachtaí dúchasacha. D'éascaigh Comhairle Contae Longfoirt forbairt mhór ilchineálach taobh thiar den Phríomhshráid i nGránard. Forbairt shuntasach bhreise a bhí i gceist leis seo ag díriú ar Ghránard ionas go mbeadh sé mar bhaile mór sa chontae arís. Leanann Comhairle Contae Longfoirt ag feidhmiú go honnghníomhach i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile chun cur le leibhéal ard an fháis gheilleagraigh i gContae Longfoirt.

### SÓISIALTA:

Leanann Comhairle Contae Longfoirt ag cur na gclár CLÁR agus RAPID, atá ceaptha don mhíbhuntáiste, i bhfeidhm. Tá na cláir seo leagtha amach chun tosaíocht a thabhairt do chaiteachas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta i gceantair faoi mhíbhuntáiste. D'éirigh le Bord Forbartha Chontae Longfoirt maoiniú a fháil don Tionscnamh um Thuismitheoirí Aonair ó Aonad Comhionannais Inscne PFN na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí. Tá Bord Forbartha Chontae Longfoirt i gceannas thionscnamh Ghrúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil agus aithníodh líon gníomhartha ann. D'éirigh leis na Grúpaí Oibre um Bhearta Cuimsithe Shóisialta maoiniú a fháil do thionscnaimh a thugann tacaíocht do comhtháthú feabhsaithe. Fuair Comhairle Contae Longfoirt maoiniú chomh maith faoina Straitéis um Míchumas agus bainfear úsáid as an maoiniú seo chun an inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine le míchumas.

### SEIRBHÍSÍ CULTÚRTHA:

Soláthraíonn Comhairle Contae Longfoirt seirbhís chomhtháite cultúrtha lena n-áirítear na Leabharlanna, na hEalaíona, an Oidhreacht agus na Cartlanna ar bhonn atá dírithe ar na custaiméirí. Cuireann na Leabharlanna tacaíocht luachmhar ar fáil agus tá sé mar aidhm ar leith iomlánú an phobail náisiúnaigh choigríche a chur chun cinn. Táthar á mbaint amach trí rochtain ar an Idirlíon agus oiliúint teanga a chur ar fáil. San áireamh sna tionscnaimh atá ar siúl leis na scoileanna tá tionscadail scríbhneoireachta agus filíochta. Tá na Pleananna Oidhreachta agus Ealaíon ar glacadh leo á gcur i bhfeidhm de réir an chláir chomhaontaithe.

### SPÓRT AGUS ÁINEAS:

Cuireadh tús le Comhthionscadal Linn Snámha Longfoirt de na húdaráis áitiúla a thógáil i bPáirc Bhaile an Mheal i 2006. Tá i gceist anois go mbeidh sé curtha i gcrích i lár 2007. Mar thoradh ar Bheartas Imeartha na gComhairlí tá áit shúgartha nua á cur ar fáil i mBéal Átha Liag. Cuireadh tús leis an réamhobair chun áiteanna súgartha a fhorbairt i Meathas Troim agus i mBaile Uí Mhatháin. Fuair Bord Forbartha Chontae Longfoirt cead Comhpháirtíocht Spórt Áitiúil a fhorbairt do Chontae Longfoirt. Ceaptar go dtiocfaidh sé seo i bhfeidhm i mí an Mheán Fómhair 2007.



A & C: SEIRBHÍS EALAÍON AGUS CHULTÚRTHA		2006	2005
<b>A &amp; C.1 Deontas Ealaíon</b>			
	líon na ndeontas ealaíon atá curtha ar fáil	45	45
	luach iomlán na ndeontas ealaíon curtha ar fáil atá íoctha	71914.5	2687.89
<b>CP: RANPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL AGUS COMHOIBRÍÚ – D'ÚDARÁS ÁITIÚIL</b>			
<b>CP.1</b>	<b>Céatadán na scoileanna áitiúla atá rannpháirteach i gComhairle Áitiúil na nÓg/ Scéim Chomhairle na nÓg</b>	<b>89%</b>	<b>56%</b>
<b>C: SAINCHEISTEANNA CORPARÁIDEACHA</b>		<b>2006</b>	<b>2005</b>
<b>C.1</b>	<b>Céatadán na laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar neamhláithreacht bhreiteachta trí shaoire le teastas</b>	<b>3.66%</b>	<b>2.38%</b>
	shaoire gan teastas	0.58%	0.5 %
<b>C.2</b>	<b>Caiteachas ar Oilúint agus Forbairt mar chéatadán de chostais iomlána an phárolla</b>	<b>7.99%</b>	<b>6.20%</b>
<b>E: SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL</b>		<b>2006</b>	<b>2005</b>
<b>UISCE</b>			
<b>E.1 Céatadán de chainéal na habhann atá</b>			
	(a) Neamhthruaillithe		
	(b) Beagán truaillithe		
	(c) Sách truaillithe		
	(d) Truaillithe go dona		
<b>E.2 Céatadán de thorthaí anailíse an uisce óil a chomhlíonann riachtanais reachtúla maidir le:</b>			
	scéimeanna poiblí	96.9%	96.7%
	scéimeanna príobháideacha (nuair is cú)	98.7%	96.50%
<b>SEIRBHÍS DÓITEÁIN</b>			
<b>E.3 Meántréimhse Ama, i nóiméid, a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a eagrú i</b>			
	Stáisiúin lánaimseartha		
	stáisiúin pháirtaimseartha (Seirbhís dóiteáin choimeádta)	4.11	4.22
<b>E.4 Céatadán de na tinrímh a bhfuiltear</b>			
	ar an láthair don chéad uair laistigh de 10 nóiméad	33.99%	37%
	ar an láthair don chéad uair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	52.52%	50%
	ar an láthair tar éis 20 nóiméad	13.49%	13%

Faigheann LGMSB Na Figiúirí Seo Díreach ón EPA

Níl Stáisiúin Dóiteáin Lánaimseartha ann



E: SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL (ar lean)	2006	2005
<b>E.5 Cosc Dóiteáin – Líon iomlán na n-iaratas le haghaidh deimhniúcháin dóiteáin</b>		
a fuarthas	135	107
a próiseáladh	102	96
<b>BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA</b>		
<b>E.6 Céatadán na dTeaghlach a bhfuil bailiúchán dramhaíola scagtha curtha ar fáil dóibh</b>		
Waste Collection is privitised in Longford	Tá an Bailiúchán Dramhaíola priobháidithe i Longford	
<b>E.7 Dramhaíl Tí a Bhailítear, agus a chuirtear ar aghaidh chun athchúrsála</b>		
tonnáiste	4172.08	3891
percentage	57.9	51.28
<b>E.8 Dramhaíl Tí a bhailítear, agus a chuirtear ar aghaidh chuig líonadh talún</b>		
tonnáiste	3033.55	3697.5
percentage	42.1	48.72
<b>E.9 Áiseanna Athchúrsála</b>		
<b>GLOINÍ</b>		
Líon na nIonad Beir Chuige	26	25
Líon na nIonad Chonláiste Chathartha	1	1
Líon Iomlán na nÁiseanna	27	26
Líon Iomlán na Láithreacha	27	4.03
Tonnáiste dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála	448.49	62.9
<b>CANNAÍ</b>		
Líon na nIonad Beir Chuige	26	25
Líon na nIonad Chonláiste Chathartha	1	1
Líon Iomlán na nÁiseanna	27	26
Líon Iomlán na Láithreacha	27	4.19
Tonnáiste dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála	34.41	4.03
<b>TEICSTÍLÍ</b>		
Líon na nIonad Beir Chuige	0	0
Líon na nIonad Chonláiste Chathartha	1	1
Líon Iomlán na nÁiseanna	1	1
Líon Iomlán na Láithreacha	1	0.16
Tonnáiste dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála	15.96	0.91



<b>E: SEIRBHÍ SÍ COMHSHAOIL</b> (ar lean)	<b>2006</b>	<b>2005</b>
<b>CEALLRAÍ</b>		
Líon na nIonad Beir Chuige	0	0
Líon na nIonad Chonláiste Chathartha	0	0
Líon Iomlán na nÁiseanna	0	0
Líon Iomlán na Láithreacha	0	0
Tonnáiste dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála	0	0
<b>OLA</b>		
Líon na nIonad Beir Chuige	0	0
Líon na nIonad Chonláiste Chathartha	0	0
Líon Iomlán na nÁiseanna	0	0
Líon Iomlán na Láithreacha	0	0
Tonnáiste dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála	0	0
<b>EILE</b>		
Líon na nIonad Beir Chuige	0	0
Líon na nIonad Chonláiste Chathartha	1	1
Líon Iomlán na nÁiseanna	1	1
Líon Iomlán na Láithreacha	1	0.16
Tonnáiste dramhaíola a bhailítear le haghaidh athchúrsála	<b>779.55</b>	<b>28.01</b>
<b>COSC AR BHRUSCAR AGUS AN DLÍ COMHSHAOIL A CHUR I bhFEIDHM</b>		
<b>E. 10 Bruscar – Líon na Maor Bruscair</b>		
Líon Iomlán na maor bruscair lánaimseartha	4	4
Líon Iomlán na maor bruscair páirtaimseartha	5	5
Líon na maor bruscair (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	9	9
Líon na bhfíneálacha ar an láthair	<b>630</b>	<b>563</b>
Líon na gcúiseanna ionchúisimh a tógadh toisc nár íocadh fíneálacha ar an láthair	25	40
Líon na n-ionchúiseamh a rinneadh	5	17
<b>Céatadán na gceantar laistigh den údarás áitiúil atá</b>		
neamhthruaillithe (i.e. saor ó bhruscar)	6%	18%
beagán truaillithe le bruscar	<b>62.5%</b>	<b>53%</b>
sách truaillithe le bruscar	<b>27.5%</b>	<b>22%</b>
truaillithe go mór le bruscar	4%	7%
an-truaillithe le bruscar	0%	2%



E: SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL (ar lean)	2006	2005
<b>E.11 Gearáin i dtaca leis an gComhshaoil agus an Dlí á chur i bhFeidhm</b>		
íon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a bhaineann le truailliú comhshaoil (a bhaineann le dramhaíl, bruscar, truailliú uisce, truailliú de dheasca torainn, truailliú aeir)	1075	1042
líon na ngearán a ndearnadh iniúchadh	1075	1042
líon na nósanna imeachta forfheidhmiúcháin a rinneadh	1075	765
<b>E. Seirbhísí Comhshaoil</b>		
<b>Cosc ar Bhruscar agus Dlí Comhshaoil a Chur i bhFeidhm</b>		
<b>E.12 Céatadán na Scoileanna atá rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil</b>		
bunscoileanna	92.5%	90%
meánscoileanna	100%	100%

H: TITHÍOCHT	2006	2005
<b>H.1 Folúntais Tithíochta</b>		
Líon iomlán na n-áiteanna cónaithe i stoc an údaráis áitiúil% iomlán na n-áiteanna cónaithe atá ligthe amach ar cíos	1551 97.24%	1488 96.64%
% iomlán na n-áiteanna cónaithe atá folamh	2.76%	3.36%
% na n-áiteanna cónaithe folmha atá faoi réir scéimeanna móra athchóiriúcháin	0%	0%
% na n-áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean ar cíos	80.12%	80%
% na n-áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean ar cíos	19.88%	20%
<b>H.2 Meántréimhse ama a thógann sé le háiteanna cónaithe atá ar fáil le ligean ar cíos a athligean ar cíos (de réir seachtainí)</b>	1	1
<b>H.3 Líon na ndeisiúcháin a cuireadh i gcrích mar chéatadán de líon na n-iarratas bailí ar dheisiúcháin a fuarthas</b>	88.37	73.75
<b>H.4 Meántréimhse ama a thógann sé iarratasóirí a chur ar an eolas faoi chinneadh an údaráis áitiúil ar iarratais:</b>		
don scéim comhúinéireachta tithíochta (de réir laethanta)	5	5
d'iasachtaí tithíochta (de réir laethanta)	5	5
do thithíocht údaráis áitiúil (de réir laethanta)	10	10
<b>H.5 Cóiríocht don Lucht Siúil</b>		
Líon iomlán teaghlach den Lucht Siúil ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh mar chéatadán de na spriocanna atá leagtha amach i gclár áitiúil cóiríochta an Lucht Siúil	133.33%	125%





L: SEIRBHÍ Sí LEABHARLAINNE	2006	2005
<b>L.1 Uaireanta Oscailte don Phobal</b>		
meánlín na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha	44.6	47
meánlín na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha (más iomchuí)	18.6	18.8
<b>L.2 Líon na mball leabharlainne atá cláraithe - % an daonra áitiúil</b>	(5,726) = 18.23%	
<b>L.3 Líon na nithe atá eisithe (ar fud an chontae/na cathrach) do</b>		
(a) Leabhair	96,259 = 3.12%	
(b) Nithe eile	3,927 = 0.10%	
<b>L.4 Céatadán na Leabharlann a chuireann rochtain ar an Idirlíon ar fáil don phobal</b>	100%	100%
<b>L.5 Líon na seisiún Idirlín atá curtha ar fáil</b>	22,277	610
M: MÓTARCHÁIN	2006	2005
<b>M.1: Líon na n-idirbhearta mótarachánach a dhéantar</b>		
thar an gcuntar	35,043	35,043
tríd an bpost	5,402	5,402
ar bhealaí eile (e.g. ar líne, ar an nguthán)	Ag feitheamh ar na figiúirí	Ag feitheamh ar na figiúirí
<b>Céatadán na n-idirbhearta mótarachánach a dhéantar</b>		
thar an gcuntar	96.64%	96.64%
tríd an bpost	13.36%	13.36%
ar bhealaí eile (e.g. ar líne, ar an nguthán)	Ag feitheamh ar na figiúirí	Ag feitheamh ar na figiúirí
<b>Líon na n-iarratas tríd an bpost (i.e diosca/ceadúnas tiomána eisithe) a ndéileáiltear leo ón uair a ghlactar leis an iarratas</b>		
(a) Ar an lá céanna	5402	5402
(b) Ar an tríú lá nó roimhe sin	0	0
(c) Ar an gcúigiú lá nó roimhe sin	0	0
(d) I ndiaidh 5 lá	0	0
<b>% na n-iarratas iomlán tríd an bpost (i.e diosca/ceadúnas tiomána eisithe) a ndéileáiltear leo ón uair a ghlactar leis an iarratas</b>		
(a) Ar an lá céanna	100%	100%
(b) Ar an tríú lá nó roimhe sin	0	0
(c) Ar an gcúigiú lá nó roimhe sin	0	0
(d) I ndiaidh 5 lá	0	0
<b>M.3 Uaireanta an chloig oscailte don Phobal</b>		
meánlín na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	35	35



### P: RIALÚ PLEANÁLA AGUS TÓGÁLA

2006

2005

#### P.1 Iarratais Phleanála – Ag Déanamh Cinnidh

##### TITHE AONAIR

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	440	551
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	304	393
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	132	84
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	4	74
Meántréimhse ama a thógann sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarrtar eolas breise (de réir laethanta)	77	78
% na n-iarratas ceadaithe	79.55 %	82.4 %
% na n-iarratas diúltaithe	20.45 %	17.6 %
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh	22.22 %	68.18 %
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	77.78 %	31.82 %

##### FORBAIRT TITHÍOCHTA

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	73	175
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	49	60
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	23	66
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	1	49
Meántréimhse ama a thógann sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarrtar eolas breise (de réir laethanta)	86	79
% na n-iarratas ceadaithe	80.82 %	87.43 %
% na n-iarratas diúltaithe	19.18 %	12.57 %
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh	80 %	67.86 %
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	20 %	32.14 %

##### EILE: NACH RAIBH GÁ LE MEASÚNÚ UM THIONCHAR COMHSHAOIL (EIA)

Líon na n-iarratas a ndearnadh cinneadh orthu	412	426
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	314	274
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	97	99
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	1	53
Meántréimhse ama a thógann sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarrtar eolas breise (de réir laethanta)	77	76
% na n-iarratas diúltaithe	95.15 %	95.31 %
% na n-iarratas diúltaithe	4.85 %	4.69 %
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh	63.64 %	83.33 %
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	36.36 %	16.67 %



P: PLANNING AND BUILDING CONTROL	2006	2005
<b>EILE: A RAIBH GÁ LE MEASÚNÚ UM THIONCHAR COMHSHAOIL (EIA)</b>		
Líon na nIarratas a ndearnadh cinneadh orthu	2	12
Líon na gcinntí, a réitíodh laistigh de 8 seachtaine	2	1
Líon na gcinntí, ar ghá eolas breise a chur isteach ina leith	0	4
Líon na gcinntí a tugadh síneadh ama don iarratasóir, faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0	7
Meántréimhse ama a thógann sé cinneadh a dhéanamh ar iarratas nuair a iarrtar eolas breise (de réir laethanta)	0	90
% na n-iarratas ceadaithe	100%	75%
% na n-iarratas díúltaithe	0%	25%
% na gcásanna inar dhearbhaigh an Bord Pleanála an cinneadh	100 %	100%
% na gcásanna nár ghlac an Bord Pleanála leis an gcinneadh a bhí déanta	0%	0%
<b>P.2 Forfheidhmiú an Dí Pheanála</b>		
Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a ndéantar iniúchadh orthu	122	152
Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a chaitear amach	3	4
Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearán a réitíodh trí idirbheartaíocht	15	57
Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a dhéantar trí litreacha rabhaidh	105	77
Líon na nósanna imeachta forfheidhmithe a dhéantar trí fhógraí forfheidhmiúcháin	37	52
Líon na n-ionchúiseamh	3	11
<b>P.3 Uaireanta Oscailte don Phobal</b>		
meánlíon na n-uaireanta oscailte in aghaidh na seachtaine	34.38	34.38
<b>P.4 Comhairliúcháin</b>		
Líon na gcuinnithe comhairliúcháin réamhphleanála a reáchtáladh	320	250
Meántréimhse ama ó iarratas comhairliúcháin le pleanálaí údaráis áitiúil go dtí cruinniú foirmiúil le haghaidh comhairliúcháin réamhphleanála (de réir laethanta)	9.93	15
<b>P.5 Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh an t-údarás áitiúil ar an eolas fúthu</b>	13.2 %	13.9 %

# Táscairí Seirbhíse

Údarás Áitiúla Longfoirt 2005 agus 2006



## REC: SEIRBHÍSÍ ÁINEASA

	2006	2005
<b>Rec.1 Líon na n-áiteanna súgartha do Leanaí</b>		
a chuireann an t-údarás áitiúil ar fáil go díreach	3	0.06
a éascaíonn an t-údarás áitiúil	1	0.03
<b>Rec.2 Líon na gcuairteoirí a thagann chuig an údarás áitiúil atá éascaithe le háiseanna snámha</b>	68,820	

## REV: BAILIÚCHÁN IONCAIM

	2006	2005
<b>Rev.1 Cíos Tí</b>		
(a) An tsuim a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den tsuim atá dlite	91.96%	90.50%
(b) Céatadán na riaráistí		
(i) dlite le 4-6 seachtaine	10 %	6 %
(ii) dlite le 6-12 sheachtain	12 %	12 %
(iii) dlite níos mó ná 12 sheachtain	66 %	64 %
<b>Rev. 2 Iasachtaí Tithíochta</b>		
(a) An tsuim a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den tsuim atá dlite	83.37%	83.80%
(b) Céatadán na riaráistí		
(i) dlite le mí amháin	13 %	9 %
(ii) dlite le 2-3 mhí	3 %	3 %
(iii) dlite le níos mó ná 3 mhí	78%	83 %
<b>Rev.3 Rátaí Tráchtála</b>		
An tsuim a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den tsuim atá dlite	91.53%	93.80%
<b>Rev.4 Táillí Dramhaíola</b>		
Céatadán na dteaghlach a íocann táillí dramhaíola ag deireadh na bliana	Tá an tSeirbhís príobháidithe i Longfort	
<b>Rev.5 Táillí Tráchtála ar Uisce</b>		
An tsuim a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den tsuim atá dlite	60.11%	63.40%

## R: BÓITHRE

	2006	2005
<b>R.1</b>		
Dromchlaí bóithre áitiúla agus réigiúnacha a clúdaíodh in aghaidh na bliana (méadar cearnach)	346,311.45	432,168.60
Céatadán na ndromchlaí bóithre áitiúla agus réigiúnacha a clúdaíodh in aghaidh na bliana	5.47 %	6.87 %